



Tuarascáil Bhliantúil 2021 agus na Ráitis Airgeadais

Réamhrá

Tá Tuarascáil Bhliantúil 2021 bunaithe ar na spriocanna atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Teagasc. Déantar cur síos ar shamplaí d'éachtaí agus forbairtí lárnacha de chuid Stiúrtóireachtaí an Taighde, an Aistrithe Eolais agus na nOibríochtaí i gcomhthéacs na spriocanna sin.

Inneachar

Réamhrá	1
Ráiteas an Chathaoirligh	2
Tuarascáil an Stiúrtóra	4
Comhaltaí an Údaráis	6
An Fhoireann Ardbhainistíochta	7
Cairt Eagraíochta	8
Suímh na nOifigí	9
Sprioc 1 - Tacú le feabhsuithe ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar fholláine feirmeoirí	10
Sprioc 2 - Táirgeadh agus próiseáil táirgí atá sábháilte, cothaitheach agus bianna blaitithe i gcomhréir le prionsabail an bhithghilleagair chiorclaigh inbhuanaithe	28
Sprioc 3 - Fianaise agus teicneolaíochtaí atá bunaithe ar eolaíocht a sholáthar chun Éire a chumasú gealltanais a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí gásacha, cáilíocht an uisce agus an bhithéagsúlacht	34
Sprioc 4 - Ithreacha, ainmhithe agus daoine níos sláintiúla a chinntiú, trí mheán na nuálaíochta eolaíocht-bhunaithe	44
Sprioc 5 - Feabhas agus éifeachtúlacht eagraíochtúil a fheabhsú i gcónaí maidir le seachadadh ár seirbhísí	50
Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais	62

Misean

Ceannaireacht eolaíoch agus tacaíocht a sholáthar d'fheirmeoirí agus do chuideachtaí bia na hÉireann chun córas bia inbhuanaithe a bhaint amach.

Is córas bia é córas bia inbhuanaithe (SFS) lena soláthraítear slándáil an tsoláthair bia agus cothú do chách ar bhealach nach gcuirtear isteach ar na boinn eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil chun slándáil bia agus cothú a ghiniúint do na glúine a bheidh le teacht.

Fís

Go mbeidh Teagasc ina cheannaire aitheanta ar fud an domhain maidir le réitigh nuálacha eolaíocht-bhunaithe a fhorbairt chun ár n-acmhainní talún a chlaohlú go hinbhuanaithe go táirgí agus seirbhísí ar mhaithe leis an tsochaí.

Ráiteas an Chathaoirligh



In 2021 chonaiceamar roinnt forbairtí an-tairbheacha maidir leis an bpaindéim dhomhanda de bharr COVID-19. Ba de bharr an chláir vacsaínithe rathúil a d'fhéadfaí gníomhaíochtaí Teagasc a thosú an athuir, ar bhonn cúramach, faoi dheireadh na bliana. Is fianaise é a mhéid is a bhí foireann Teagasc in ann seirbhís beagnach iomlán a sholáthar lenár áiríodh taighde, comhairle agus oideachas síos tríd an bpaindéim ar thiomantas fhoireann Teagasc go léir. Tá úsáid teicneolaíochtaí chun eolas a sheachadadh ar bhonn 'fíorúil' leabaithe go maith anois. Ar an taobh eile de, ba léiriú é an tinreamh ard ar Lá Oscailte na Cloiche Léithe i mí Mheán Fómhair an tábhacht a bhaineann le teagmháil dhíreach le cliaint is feirmeoirí agus leis an bpobal i gcoitinne.

Imeacht thar a bheith tábhachtach do Theagasc in 2021 ab ea scor an Ollaimh Gerry Boyle a bhí i gceannas ar an eagraíocht ó Dheireadh Fómhair 2007 go dtí Meán Fómhair 2021. Is iomaí moladh atá faighte ag Gerry as an méid a chuir sé le talmhaíocht na hÉireann agus an domhain go háirithe an Chraobh Acadúil a thug Rialtas na Fraince dó thiar in 2017. Táim ag tnúth go mór le bheith ag obair leis an Ollamh Frank O'Mara atá thar a bheith cáilithe chun Teagasc a threorú agus dúshlán ollmhóra romhainn mar gheall ar an ngá atá ann an comhshaol a chosaint (lena n-áirítear athrú aeráide) agus ag an am céanna daonra an domhain atá ag dul i méid a chothú freisin.

Bhí na dálaí aimsire in 2021 réasúnta do chórais féaraigh thalmhaíocht na hÉireann agus fabhrach do chórais churaíochta na hÉireann. B'ionann an meánioncam feirme in 2021 agus €34,367, méadú de bheis ar €7,000 ar an meánleibhéil ioncaim in 2020. Léiríonn an toradh dearfach seo don fheirmeoir "meánach" feidhmíocht ioncaim dhifriúil ar fud na gcórais feirme éagsúil arna léiriú ag NFS

Teagasc. In 2021, mhéadaigh meánleibhéil ioncaim i ngach ceann de na córais feirme ar thuairiscigh NFS orthu in 2021, ach bhí leibhéil ioncaim agus feabhsuithe ioncaim bliain ar bhliain an-difriúil ar fud na bpríomhchórais feirme. Cé gur tháinig feabhas ar mheánioncam ar fheirmeacha eallaigh (Tógáil Eallaigh agus Eallaigh Eile) in 2021, tá leibhéil ioncaim ar an dá chóras seo go háirithe ag titim chun deiridh ar mheánioncam a thuilltear i gcórais feirme eile. Tháinig méadú suntasach ar chostais táirgthe iomlána ar na feirmeacha go léir in 2021 mar gheall ar phraghsanna beathaithe, leasacháin agus breosla níos airde, agus tháinig ardú 14% ar na meánchostais táirgthe ar fheirmeacha na hÉireann arna léiriú ag NFS Teagasc.

Mar gheall ar arduithe i bpraghsanna bainne agus uaineola, tháinig ardú mór ar ioncam déiríochta agus caorach in ainneoin costais táirgthe níos airde. Ar go leor feirmeacha eallaigh, rinne na harduithe ar chostais táirgthe fritháireamh go mór ar an ardú i bpraghsanna aschuir, ach lean roinnt feirmeoirí eallaigh ag fáil íocaíochtaí díreacha nasctha leis na scéimeanna Beep-S, BDGP agus Leasa Caorach; agus bhí na híocaíochtaí seo mar aon le híocaíochtaí tacaíochta ioncaim Cholún I mar thacaíocht leanúnach d'ioncam feirme teaghlaigh ar fheirmeacha eallaigh na hÉireann.

Tháinig fás láidir ar chostais táirgthe ar fheirmeacha curaíochta in 2021 mar gheall ar ardú ar phraghsanna leasacháin agus breosla. Mar sin féin, tháinig méadú an-láidir ar mheánioncam feirme curaíochta in 2021 mar thoradh ar thorthaí measartha ard in aghaidh an heicteáir in éineacht le harduithe i bpraghsanna geata feirme do ghránaigh. In 2021 thuill an meánchóras feirme curaíochta in NFS €58,995, méadú 77% ar an meánioncam a tuilleadh in 2020.

Meastar go bhfacthas méadú suntasach in 2021 ar na príomhchostais féaraigh agus foráiste d'fheirmeoirí déiríochta na hÉireann, ar bhonn in aghaidh an heicteáir agus an lítir araon. In ainneoin méaduithe móra ar a gcostais táirgthe, mar gheall ar an bhfás ar an meántáirgeacht bainne ar leibhéal na feirme in 2021 de thart ar 6% agus ar fhás thart ar 16% ar an meánphraghas bainne a fuarthas, tháinig méadú 23% ar an meánioncam ar fheirmeacha déiríochta na hÉireann in 2021 chuig €97,350.

In 2021, b'airde na praghsanna d'eallach críochnaithe agus d'eallach níos óige i gcomparáid leis na praghsanna a gnóthaíodh in 2020, rud a d'fhág go raibh méadú ar luach aschuir an mhargaidh ar fheirmeacha tógála eallaigh agus eallaigh eile araon. Mar sin féin, fritháiríodh an luach aschuir níos airde de bharr praghsanna méadaithe eallaigh ag praghsanna beathaithe,

breosla agus leasacháin níos airde. In 2021 bhí costais dhíreacha agus forchostais táirgthe ar fheirmeacha eallaigh níos airde ná mar a bhí in 2021 agus laghdaigh costais níos airde táirgeachta cuid mhór den fhás ar luach aschuir go háirithe ar fheirmeacha Eallaigh Eile. In 2021, tháinig méadú 30% ar an meánioncam teaghlaigh feirme ar fheirmeacha Tógála Eallaigh, ach d'fhág an méadú céatadánach suntasach seo fós an meánioncam ar na feirmeacha seo ag luach an-íseal €10,927. Meastar nár tháinig ach beagán feabhais go dtí €16,416 in 2021 ar Ioncam ar fheirmeacha Eallaigh Eile.

In 2021 tháinig méadú níos mó ná 28% ar an meánphraghas ar uaineoil a fuair feirmeoirí na hÉireann mar gheall ar fhás láidir i margaí an Aontais Eorpaigh agus tionchar an Bhreitheachta ar onnmhairí na Ríochta Aontaithe chuig an Aontas Eorpach. Meastar gur tháinig méadú suntasach freisin ar chostais dhíreacha iomlána na táirgeachta d'fhiontair uan achréidhe Éireannach i lár an bhiaiste in 2021, agus tháinig méadú freisin ar fhorchostais táirgthe. Ba leor an fás láidir ar an luach aschuir ar an meánfheirm caorach chun méadú mór a sholáthar ar an ioncam feirme teaghlaigh a thuill na meánfheirmeacha caorach, rud a mhéadaigh in 2021 faoi 14% go €20,451.

Mar gheall go príomha ar chothromaíochtaí ganna idimáisiúnta soláthair agus úsáide do ghránaigh, tháinig méadú suas le 33% ar phraghsanna gránach na hÉireann ag fómhar 2021 i gcomparáid le fómhar 2020. De bharr na bpraghsanna níos airde seo agus na bhfeabhsuithe láidre ar thorthaí mar gheall ar dhálaí fáis fabhracha, tháinig fás láidir ar luach aschuir ar fheirmeacha curaíochta na hÉireann in 2021. Tháinig méadú 11% ar bharr eoma earraigh agus tháinig méadú 25% ar bharr cruithneachta

geimhridh i gcomparáid le 2020. Ba leor méideanna táirgeachta níos airde agus praghsanna níos airde chun costais táirgthe níos airde in 2021 a fhritháireamh. In 2021 measann Teagasc gur tháinig méadú 77% ar mheánioncam feirme teaghlaigh curaíochta go €65,909 in aghaidh na feirme.

Cé nach bhfuil ioncam d'fheirmeacha muc san áireamh sa Tuarascáil ar an Suirbhé Náisiúnta Feirme, léiríonn na sonraí atá ar fáil gur bhliain an-deacair í 2021 do tháirgeoirí muc, agus feirmeacha ag éirí neamhbhrabúsach de bharr titim shuntasach i bpraghsanna muc agus ardú ar chostais bheatha.

Chuir tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair (TCA) idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe deireadh leis an mbagairt maidir le 'Breatimeacht gan Mhargadh'. Go dtí seo, áfach, níor cuireadh seiceálacha custaim agus rialála na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm ar onnmhairí agraibhia na hÉireann chuig an Ríocht Aontaithe. In ainneoin gur tharla an Breatimeacht, d'éascaigh an easpa custaim agus seiceálacha teorann lena mbaineann fás ar luach onnmhairí agraibhia na hÉireann chuig an Ríocht Aontaithe in 2021.

Chríochnaigh Tommy Cooke an dara ceann dá théarmaí ar bhord Teagasc in 2021, agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don rannpháirtíocht agus don ghaois a thug sé don ról.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Gerry Boyle as an obair ollmhór a rinne sé agus é i gceannas ar Theagasc agus guím gach rath ar an Ollamh Frank O'Mara as tréimhse thar a bheith dúshlánach sna blianta amach romhainn.



Sa phictiúr ag seoladh Chlár Signpost Theagasc tá an tOllamh Frank O'Mara; Deirdre Ryan, Stiúrthóir na gClár Origin Green agus Dearbhaithe Cáilíochta le Bord Bia; agus Liam Herlihy, Cathaoirleach Teagasc.

Tuarascáil an Stiúrthóra



Bhí go leor buaicphointí ann in 2021, go háirithe maolú na srianta de bharr COVID-19 faoi dheireadh na bliana. Ar an dea-uair, bhíomar in ann roinnt imeachtaí pearsanta d'fheirmeoirí a atosú, lena n-áirítear an lá oscailte déiríochta sa Chloch Liath agus lá oscailte na mBarr i bPáirc na Darach, chomh maith le go leor imeachtaí áitiúla agus réigiúnacha. Fearacht an oideachais, bhí ár ngníomhaíochtaí teagaisc in ann filleadh ar an seomra ranga. Ar an iomlán, bhí meascán den chianobair agus d'fhoireann ag freastal ar a láthair oibre ar siúl againn, agus cheadaigh úsáid an dá cheann dúinn clár iomlán taighde, comhairleach agus oideachais a sholáthar, agus ár gcórais inmheánacha á rith ar bhonn éifeachtach ag ár bhfoirne oibríochtaí. Bhí ról tábhachtach ag Teagasc freisin san fheachtas náisiúnta sláinte poiblí timpeall ar an Covid: iarradh ar ionad seicheamhaithe Teagasc ar an gCloch Liath tacú leis an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Víreas chun samplaí COVID a sheicheamhú. Ar ndóigh bhíomar an-sásta an t-ardán úrscóthach seo agus foireann shaineolaíoch a chur ar fáil don iarracht náisiúnta.

De réir mar a tháinig laghdú ar thionchar COVID i dtreo dheireadh 2021, chonaiceamar fadhb shuntasach eile ag teacht chun cinn: praghsanna ionchuir feirme an-ard, go háirithe le haghaidh leasacháin mar gheall ar phraghsanna gáis an-ard. Lean sé seo ar aghaidh isteach in 2022, agus tá sé tar éis éirí níos measa leis an gcogadh san Úcráin, agus beidh sé ina fhadhb mhór d'ioncaim feirme in 2022. In ainneoin na n-arduithe seo ar phraghsanna ionchuir ag druidim le deireadh 2021, ba bhliain réasúnta mhaith í maidir le hioncaim feirme i bhformhór na bhfrontar, go háirithe sa déiríocht agus curaíocht, agus an t-aschur bainne ag druidim leis an leibhéal is airde riamh.

Is minic a bhí an t-athrú aeráide sa nuacht in 2021, agus aibhsíodh in 6ú tuarascáil Measúnaithe IPCC an gá atá le gníomhaíocht phráinneach má tá sprioc Chomhaontú Pháras chun ardú teochta a choinneáil

faoi bhun 1.5 céim le baint amach. Chomh maith leis sin, tharla COP26 i nGlaschú. In Éirinn, leagadh síos sprioc sa reachtaíocht sa Bhille Aeráide chun astaíochtaí náisiúnta a laghdú 51% faoi 2030, i gcomparáid le 2018. D'fhoilsigh an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, a bhfuil Stiúrthóir Teagasc ina ball ex officio di, a buiséid charbóin i mí Dheireadh Fómhair, agus ansin d'fhoilsigh an Rialtas Plean Gníomhaíochta Aeráide 2021 a mbeidh an-tábhacht ag baint leis dúinn go léir. Soláthraíonn sé plean mionsonraithe maidir le beart cinntitheach a dhéanamh chun laghdú foriomlán 51% ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa a bhaint amach faoi 2030, agus leagann sé síos spriocanna eamála lena n-áirítear laghdú 22-30% ar astaíochtaí talmhaíochta faoi 2030.

Beidh baint mhór ag Teagasc chun cuidiú leis an eamáil na spriocanna sin a bhaint amach: tá go leor feirmeoirí ag laghdú astaíochtaí óna gcuid gníomhaíochtaí feirmeoireachta cheana féin, trí na teicneolaíochtaí cruthaithe atá leagtha amach i gCuar Costas Laghduithe Imeallacha (MACC) Teagasc a chur i bhfeidhm, atá formhuinithe sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide. Táimid ag forbairt teicneolaíochtaí nua lenár dtaighde ar féidir leo astaíochtaí a laghdú, tacóidh ár gcomhairleoirí le feirmeoirí teicneolaíochtaí maolaithe a ghlacadh, agus cuirfidh ár n-oifigigh oideachais le cumas sa chéad ghlúin eile d'fheirmeoirí, ionas gur féidir leo feirmeoireacht inbhuanaithe agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le slí bheatha a bhaint amach ó tháirgeadh bia, agus feirmeoireacht ag teacht leis an gcomhshaol. Déanfaimid ár gclár a fhorbairt tuilleadh sa réimse seo toisc gur mórdhúshlán sochaíoch é a thuilleann freagra na heagraíochta uile.

Píosa rithábhachtach dár bhfreagra ar athrú aeráide is ea an Clár Signpost a sheol Teagasc in 2021. Is clár aistrithe eolais é seo chun tacú le feirmeoirí beart a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar dhúshláin eile na hinbhuanaitheachta. Is clár uathúil é sa mhéid is go bhfuil na próiseálaithe bainne agus na mórfhróiseálaithe feola ar fad ina gcomhpháirtithe sa chlár, in éineacht le go leor comhpháirtithe tionscail eile (50 san iomlán). Tá os cionn 100 feirm taispeána ag an gclár i ngach frontar, agus oibreoimid leis na feirmeoirí sin chun dea-chleachtas a chur chun feidhme agus dul chun cinn a rianú. Tá a fhios againn go bhfuil an phiarrfhoghlaim an-éifeachtach, agus mar sin beidh ról an-tábhachtach ag na feirmeoirí seo maidir le gníomhaíocht dhearfach aeráide a chothú ar fud na hearnála talmhaíochta.

Tá áiseanna den scoth ag Teagasc, ach tá gá le hinfheistíocht leanúnach chun ár mbonneagar a chothabháil agus a nuachóiriú, agus chun cumas nua a thógáil. Tionscnamh mór nua a tháinig chun críche in 2021 ab ea oscailt oifigiúil an Taoisigh Mícheál Martin den Mhol Náisiúnta Nuálaíochta Bia Teagasc ar an gCloch Liath. Is féidir le cuideachtaí aonad saotharlainne/oifige a fháil ar cíos chun a bhfoireann T&F féin a aimsiú ar féidir leo comhoibriú lenár dtaighdeoirí agus úsáid a bhaint as an trealamh

úrscothach ar an gCloch Liath agus MTL. Is tairiscint mhealltach é seo, agus bhí an Mol lán nuair a osclaíodh é.

Bhí lúcháir orm freisin an tiomantas i mBuiséad 2022 a fheiceáil d'infheistíocht in áiseanna oideachais ag Teagasc i mBéal Átha hÉis agus sa Lárionad Náisiúnta um Thaighde agus Nuálaíocht Inbhuanaitheachta Talmhaíochta (NASRIC) a bheidh le bunú ag Teagasc i gCaisleán Bhaile Sheáin. Bhí an-áthas orainn go raibh an tAire Talmhaíochta, Charlie McConalogue, T.D., ar fáil chun an chéad fhód a iompú d'fhorbairt Chaisleán Bhaile Sheáin. Leathnóidh agus feabhsóidh an Lárionad nua sin na háiseanna reatha Taighde agus Nuálaíochta de chuid Teagasc ag Ionad Taighde Comhshaoil Teagasc i gCaisleán Bhaile Sheáin, Contae Loch Garman. Beidh suas le 85 ball foirne sa Lárionad, ar a mbeidh eolaithe taighde, foireann theicniúil agus tacaíochta, chun tabhairt faoin taighde atá riachtanach chun tacú le hinbhuanaitheacht na hearnála.

Lean ár seirbhís oideachais ar aghaidh ag soláthar clár cuimsitheach de chúrsaí lánaimseartha, cianda agus páirtaimseartha, agus chomhoibrígh sí le go leor institiúidí tríú leibhéal i soláthar a gcuid cúrsaí. Rinne ár bhfoireann iarrachtaí ollmhóra ár gclár a sholáthar, rud a mhéadaigh go mór úsáid uirlisí digiteacha i soláthar an chúrsa, rud a chuirfidh feabhsuithe leanúnacha ar sheirbhís oideachais Teagasc. Ar bhuaicphointí oideachais eile tá na deiseanna printiseachta nua a bheidh Teagasc ag iarraidh a bhunú agus a thairiscint sna blianta amach romhainn.

Ba mhaith liom moladh a thabhairt dár gcomhghleacaithe comhairleacha a chuir clár ollmhór ar fáil in 2021. Tá tacaíocht á tabhairt d'fheirmeoirí a ngnóthaí a oibriú go héifeachtach agus teicneolaíochtaí nua a ghlacadh nó a bharrfeabhsú mar chroílár an chláir, ach phléigh comhairleoirí freisin le go leor scéimeanna nua nó leathnaithe i rith na bliana. Mar shampla, thug comhairleoirí aghaidh ar an dúshlán a bhaineann le tacú le hiarratais feirmeoirí ar an Treoirthionscadal Agra-Chomhshaoil Bunaithe ar Thorthaí (REAP) ar chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tús leis in 2021. Chuir claint Teagasc 4,200 iarratas (40%) isteach as iomlán de 10,700. Tugann an obair seo taithí do Theagasc ar conas a fheidhmeoidh 'Scéimeanna Bunaithe ar Thorthaí' amach anseo.

Sheolamar an Ráiteas Straitéise nua dar teideal 'Teagasc le Chéile – ag baint leasa as cumhacht taighde, chomhairleach agus oideachais chun córas bia inbhuanaithe a chruthú' a bhfuil sé mar aidhm aige éiteas agus modh oibre láidir Teagasc a spreagadh agus a chothú. Nuair a oibríonn ár seirbhísí comhairleacha, oideachais agus taighde le chéile ar dhúshlán, le tacaíocht ónár sárfoirne oibríochtaí, bímid i bhfad níos cumhachtaí. D'fhoill 'Teagasc le Chéile' a spreagadh sa chaoi a n-oibrímid, tá roinnt tionscnamh beartaithe chun a chinntiú go mbíonn foireann Teagasc ag obair i gcomhar ar fud

aonad/ionad agus stiúirthóireachtaí a mhéid is féidir chun an tseirbhís is fearr a sholáthar dár gclaint agus dár bpáirtithe leasmhara. Tá ár straitéis á treorú ag an straitéis náisiúnta don tionscal agraibhia, Fís don Bhia 2030, a cuireadh i gcrích in 2030. Is inti a leagtar amach fis le haghaidh cur chuige córais bia don tionscal, atá ag teacht go mór leis na smaointe a tháinig ó Chruinniú Mullaigh Chóras Bia na NA a réachtáladh in 2021. Beidh ról tábhachtach ag Teagasc i gcur chun feidhme agus i soláthar na straitéise Fís don Bhia 2030.

Cumasáíodh an feachtas seo i dtreo chomhoibriú níos mó fós idir an fhoireann ar fud na heagraíochta trí mhodh oibre níos sofheagrúla. Trí úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí comhoibritheacha digiteacha agus níos mó solúbthachta maidir leis an áit óna n-oibríonn an fhoireann, bíonn sé níos éasca anois do bhaill foirne a bhí teoranta d'oifig comhoibriú agus idirghníomhaíochtaí fíorúla a réachtáil le comhghleacaithe nó le geallsealbhoirí nár oibrigh siad leo roimhe seo.

Thug Teagasc clár oibre sofheagrúil nua isteach roimh an bpaindéim dhomhanda. Leanfaidh an clár oibre sofheagrúil ag éabhlóidiú chun a chinntiú gur féidir le Teagasc an fhoireann is fearr a mhealladh agus a choinneáil, agus chun a chinntiú go bhfuil an fhoireann fostaithe agus go n-éascaítear dóibh cothromaíocht mhaith oibre agus saoil a bhainistiú. Táim tiomanta go pearsanta don éagsúlacht agus don chuimsiú, agus tá sé fógartha agam gur bhliain í 2022 a ndéanfar uirthi. Táim lánchinnte go bhfuil an éagsúlacht an-dearfach do Theagasc, agus ba cheart go mbeadh tuiscint ar an gcuimsiú ag gach ball foirne. Tá tús curtha le roinnt tionscnamh cheana féin in 2022, agus táim ag tnúth leis an dul chun cinn sin a fheiceáil.

Agus muid ag breathnú chun cinn tá go leor dúshlán romhainn. Bhí tionchair leathana ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar mhargaí tráchtearraí talmhaíochta agus fuinnimh, agus tá an t-ionchas d'ioncain feirme in 2022 go háirithe éiginnte agus is dócha go mbeidh leibhéil praghsanna aschuir feirme níos airde mar chúiteamh ar chostais táirgthe níos airde. Is ceist shíoraí é an t-athrú aeráide, agus ní mór aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna comhshaoil eile cosúil le cáilíocht uisce, bithéagsúlacht agus cáilíocht an aeir. Ní mór dúinn leas ainmhithe a chothabháil agus a fheabhsú agus ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag feabhsú shábháilteacht agus luach cothaithe an bhia a tháirgtear in Éirinn. Cé go bhfuil na dúshláin suntasach, is amhlaidh atá an deis freisin don chineál córais táirgthe bia atá againn in Éirinn, agus leagtar amach in Fís don Bhia 2030 clár oibre uailmhianach don tionscal, ag cur lena bhunsraith láidir. Táim muiníneach gur féidir le Teagasc cur go mór le dul i ngleic leis na dúshláin agus na deiseanna a thapú.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an Ollamh Gerry Boyle as an méid mór a chuir sé le Teagasc agus leis an tionscal agraibhia le linn a thréimhse mar Stiúirthóir.

Comhaltaí an Údaráis



An tUas. Tommy Cooke



An tOll. Thia Hennessy



Eilís O'Connell, Uas.



An tUas. Brian Rushe

An Fhoireann Ardbhainistíochta



An tOll. Frank O'Mara
Stiúrthóir



An Dr. Pat Dillon
An Stiúrthóir Taighde




An tUas. Alan Phelan
An Príomhoifigeach Oibriúcháin




an Dr. Stan Lalor
An Stiúrthóir um Aistriú Eolais

Cairt Eagraíochta



Oifigí agus Ionaid Teagasc



Sprioc Straitéiseach a hAon

Tacú le feabhsuithe ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar fholláine feirmeoirí.

- Tacú le Feirmeoireacht Inmharthana
- Sláinte agus Sábháilteacht agus Folláine Feirmeoirí a Fhíorú
- Caipiteal Daonna a Fheabhsú (Oideachas)
- Tacú leis an bhForbairt Tuaithe
- Tacú le Forbairt Talmhaíochta Thar Lear agus SDGanna




Tacú le Feirmeoireacht Inmharthana

Comhairle

Chuir Covid-19 srianta móra ar idirghníomhaíocht duine le duine le feirmeoirí ina n-aonar nó i ngrúpaí ar feadh tréimhsí fada in 2021. Cé go bhféadfadh foireann feirme nó taighde Teagasc freastal ar a n-ionad oibre le haghaidh cúraimí riachtanacha, d'oibrigh formhór na foirne ón mbaile go dtí lár mhí na Bealtaine agus ina dhiaidh sin ní fhéadfadh feirmeoirí cuairt a thabhairt ar oifigí Teagasc ach trí choinne. Mar sin féin lean an fhoireann ar aghaidh ag soláthar seirbhíse do chliant.

Níos déanaí in 2021 maolaíodh srianta COVID-19 i gcéimeanna agus bhí cuairteanna, imeachtaí agus oiliúint feirme indéanta.

Knowledge Transfer activities by Teagasc regional advisors/specialists in 2021



Buaicphointí fiontar

Mairteoil

Mairteoil Déiríochta 500

Feachtas arna dhearadh agus arna fhaomhadh ag Údarás Teagasc. Maoiniú faighte ó shé chomhpháirtí tionscail.

Ceapadh comhordaitheoir feachtais agus earcaíodh beirt chomhairleoirí laistigh de Theagasc.

Clár Mairteola na Todhchaí

Sheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D., Clár Mairteola Teagasc na Todhchaí – Táirgeadh Eallaigh Inbhuanaithe, ar fheirm Oliver O'Hara, gar do Chluainín i gContae Liatroma i mí na Nollag.

Athsholáthairtí pórúcháin

Is brabúsaí é do bhodóga lao a bhreith ag 24 mhí d'aois, agus táirgeann siad astaíochtaí gáis cheaptha teasa níos ísle ná ainmhithe a bheireann laonna níos moille. Rinneadh imscrúdú i staidéir faoi stiúir Teagasc agus maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara araon, ar an mbitheolaíocht faoi bhun na forbartha gnéis i laonna fireanna agus bainearna, lena n-áirítear tionchar aiste bia agus géineolaíochta.

Bhí tionchar i bhfad níos mó ag cothú agus ráta an mhéadaithe ar mheáchan coirp le linn na chéad sé mhí de bheatha laonna ar an aois ag a sroicheann laonna fireanna nó bainearna caithreachas ná aiste bia ná feidhmíocht ina dhiaidh sin. Tugadh léargas sa saothar freisin ar na meicníochtaí bitheolaíocha agus ar chuid de na príomhghéinte a théann i bhfeidhm ar fhorbairt ghnéasach, a d'fhéadfaí a úsáid mar chuid de chlár phóraithe eallaigh.

Mairteoil a thógtar ar féarach

Le córais táirgthe féaraigh amháin, is féidir mairteoil a mhargú mar mhairteoil 'a thógtar ar féarach', rud a chuireann tuilleadh deiseanna margaidh ardluacha ar fáil. Sna córais lao diúil go mairteoil in Éirinn, ina gcaitheann ainmhithe suas le hocht mí ar an bhféarach in aghaidh na bliana, is ionann féarach faoi innilt agus sadhlas féir agus timpeall 90% den bheatha a itear. Chun dlúthbhianna coibheasacha costasacha a bhaint d'aiste bia eallaigh mairteola beidh gá le feidhmíocht ainmhithe ó fhéarach, idir fhéarach faoi innilt agus fhéarach caomhnaithe araon, a mhéadú.

Léirigh príomhthorthaí ó staidéar tosaigh go bhfacthas claonadh sna bulláin luath-aibithe a bheith níos troime ag marú, ach bhí conablach níos troime ag bulláin a aibíonn níos déanaí (mar

gheall ar chéatadán feola níos airde an mhairt), le cruth coirp níos fearr agus scór saille níos ísle. Nuair a maraíodh go díreach tar éis teacht ón bhféarach ag 20 mí d'aois, ní raibh scór saille conablaigh inghlactha ach ag na bulláin luath-aibithe, ach bhí saille conablaigh inghlactha ag gach cineál póir.

Báinseacha ilspeiceas

Baineann 'báinseacha ilspeiceas', lena n-áirítear féara (seagal ilbhliantúil agus féara eile), léagúim (seamair bhán agus dhearg) agus luibheanna/foirb (e.g. siocaire agus slánlus), leas as comhlántacht idir speicis féaraigh. Aimsíodh sna staidéir ar fheirmeacha taighde Teagasc méaduithe suas le 25% ar an toradh luibhre bliantúil i gcás báinseacha ilspeiceas i gcomparáid le báinseacha seagail ilbhliantúil, go háirithe ag rátaí ionchuir nítrigine leasacháin níos ísle. Tá luach cothaitheach méadaithe, airíonna frith-heilminteacha, buntáistí in N-eisfhearadh, agus sa deireadh thiar, feidhmíocht ainmhithe níos fearr á n-imscrúdú.



Báinseach ilspeiceas.

Déiríocht

Seamair

Fuarthas amach le taighde ag Teagasc Chloich na Coillte gur mhéadaigh le háireamh na seamra báine sna báinseacha arna ndian-bhainistiú an táirgeadh luibhre bliantúil faoi 1.2t DM/ha, i gcoibhneas le báinseacha féir amháin (áit a bhfuair an dá chineál báinsí 250kg N/ha) thar cheithre bliana, le cion seamair barda de 23%.

Tá sé léirithe ag taighde ag Teagasc na Cloiche Léithe agus Chloich na Coillte gur féidir leasachán N a laghdú suas le 100kg N/ha i gcás bainseacha féir is seamra, agus táirgeadh luibhre (13.5t DM/ha) a chothabháil, nuair a bhaintear amach cion seamra báinsí de >20%, i gcomparáid le bainseacha féir amháin a fhaigheann 250kg N/ha. Chomh maith le coigilteas i leasachán N, d'fhéadfadh feidhmíocht mhéadaithe ainmhithe a bheith mar thoradh ar sheamair i mbainseacha innilte.

Próisis bhleáin

I suirbhé feirme Teagasc, rinneadh éifeachtúlachtaí próisis bhleáin a dhóiciméadú ar fheirmeacha déiríochta trasnánacha agus rothlacha ag baint úsáide as físcemaraí agus suirbhéanna bonneagair. Ba é 1 uair 45 nóiméad agus 2 uair 25 nóiméad an meán-aga próisis bhleáin iomlán don ghrúpa trasnánach agus don ghrúpa rothlach faoi seach.

Ba é an meán-tréchur bó ná 105 bhó / uair an chloig don ghrúpa trasnánach agus 155 bhó / uair don ghrúpa rothlach. Bhí sé mar aidhm ag an suirbhé próifíl thuairisciúil a ghiniúint de na háiseanna go léir, chomh maith le láithreach uathobrithe ar na feirmeacha a shuíomh.

Seamhan gnéasaitheanta

Tá gealltanais tugtha ag dhá phríomhchuideachta Éireannacha I.S., Dovea Genetics agus Eurogene AI Services seamhan atá sórtáilte de réir gnéis a tháirgeadh ag saoráid nua ag Teagasc na Cloiche Léithe. "Tabharfaidh an tsaotharlann seo rochtain do tháirgeoirí áitiúla déiríochta agus mairteola ar an gcaighdeán is airde i seamhan atá sórtáilte de réir gnéis, ár seamhan SexedULTRA 4M®, atá níos mó ná 90 faoin gcéad cruinn ó thaobh inscne de, agus a bhaineann rátaí giniúna amach atá inchomparáide le gnáthsheamhan," a dúirt Juan Moreno, POF le Sexing Technologies. Dar le Stephen Butler, Fiseolaí Atáirgthe ag Teagasc. "Léiríonn an tsaotharlann seo pointe cinniúnach do thionscail dhéiríochta agus mhairteola na hÉireann."

Féar

Grass10

Foilsíodh tuarascáil ar an gcéad chéim den chlár Grass10 i mí Eanáir 2021. Agus é ag moladh éachtaí an chlár, dúirt Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle go raibh méadú tagtha ar líon na bhfeirmeoirí a úsáideann PastureBase Ireland (PBI) ó 2,393 thiar in 2017, a chríochnaigh 14 thomhas clúdaigh féir ar an meán in aghaidh na feirme, chuig 3,664 feirmeoir féaraigh in 2020, a chríochnaigh 19 dtomhas clúdaigh féir ar an meán in aghaidh na feirme. Seoladh Céim II de Grass10, le níos mó béime ar an tseamair.



Bhronn an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D., a gradam ar bhuaiteoir chomórtas Fheirmeoir Féaraigh na Bliana, Caroline Walsh, in Teagasc na Cloiche Léithe.

Obair na Scéime

Chomh maith le tacú le cliaint trí aistriú eolais, chabhraigh foireann Teagasc le cliaint le hiarratais scéime agus le comhlíonadh.

Chomh maith leis an Scéim Buníocaíochta a bhaineann le beagnach gach feirmeoir, cabhraíonn comhairleoirí Teagasc le cliaint le hiarratais ar scéimeanna AE nó náisiúnta agus maidir le Maoluithe a bhaineann le cleachtais feirme amhail REAP agus an Maolú ar Níotráití.

REAP

Chuir an Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara tús leis an Treoirhionscadal Agra-Chomhshaoil (REAP) atá bunaithe ar thorthaí in 2021. Íocann REAP feirmeoirí chun riocht comhshaoil a gcuid talún a chothabháil agus a fheabhsú. D'fhéadfadh feirmeoirí idir 2ha agus 10ha talún a iontráil arna scóráil i mbliaín a haon chun a riocht comhshaoil a fháil amach. D'oibrigh iarratasóirí lena gcomhairleoirí chun tabhairt faoi oibreacha feabhsúcháin comhshaoil ar an talamh a mhéadóidh an scór comhshaoil i mbliaín a dó.

Díríonn an scéim ar fheabhas a chur ar ghnéithe feirme atá ann cheana féin seachas gnéithe agus gnáthóga nua a chruthú. Faigheann feirmeacha le scóir chomhshaoil níos airde íocaíochtaí níos mó. Chuir cliaint Teagasc 4,200 iarratas (40%) isteach as iomlán de 10,700. Chuir comhairleoirí Teagasc measúnuithe feirme i gcrích ar son 1,535 chliant ar ghlac RTBM in REAP leo. Tugann an obair seo taithí do Theagasc ar conas a fheidhmeoidh 'Scéimeanna Bunaithe ar Thorthaí' amach anseo.

Iarratais ar mhaolú agus comhlíonadh

B'éigean do chliant Teagasc i maolú (4,760) trí chúrsa aon lae a dhéanamh sa mhéid seo: 1) Éifeachtúlacht Cothaitheach / Carnadh P, 2) Bainistíocht féir, 3) Inbhuanaitheacht. Mar gheall ar shrianta COVID-19 cuireadh cuid de na cúrsaí sin ar fáil ar líne. Críochnaíodh 96 chúrsa ar fad le 30-50 rannpháirtí in aghaidh an chúrsa.

Thacaigh comhairleoirí Teagasc freisin le cliaint le 1,025 iarratas ar Scéim Spriocdhírthe um Nuachóiriú Talmhaíochta (TAMS).

PastureBase Ireland

Is é PastureBase Ireland (PBI) bunachar sonraí féarthailte náisiúnta na hÉireann, agus soláthraíonn sé nuashonruithe laethúla ar fhás féir ar fud na tíre do gach feirmeoir. In 2021 chuir PBI roinnt uirlisí tábhachtacha leis an gcóras chun cabhrú le feirmeoirí an soláthar nítrigine a chur in oiriúint níos fearr don éileamh féir. Tomhaiseann an t-áireamhán um Éifeachtúlacht Úsáide Nítrigine (NUE) cé chomh héifeachtúil agus a thiontaítear an nítrigin i sciobar, beatha agus leasachán go bainne agus feoil.

Cinnfidh an t-áireamhán barrachas nítrigine gheata na feirme ar an bhfeirm freisin. Beidh buntáistí móra comhshaoil ag baint le NUE a fheabhsú agus barrachas nítrigine a laghdú. Beidh feirmeoirí in ann a luachanna barrachais nítrigine NUE agus geata feirme a thagarmharcáil i gcoinne feirmeacha inchomparáide. Cuireadh 'Pleanálaí Nítrigine', a thugann moltaí míosúla nítrigine d'fheirmeoirí, leis in 2021 freisin.

Caoirigh

EuroSheep

Reáchtáladh an chéad Cheardlann Thrasnáisiúnta EuroSheep, i mí an Mhárta 2021. Ghlac toscairí ó Éirinn (Teagasc), an Fhrainc, an Ríocht Aontaithe, an Spáinn, an Iodáil, an Ghréig, an Ungáir agus an Tuirc, idir chórais táirgeachta feola agus bainne páirt sa cheardlann fhíorúil.

Bhí sé mar aidhm ag an gceardlann plé a dhéanamh ar phríomhriachtanais, príomhfhadhbanna agus príomhdhúshláin na bpáirtithe leasmhara a raibh baint acu le táirgeadh caorach maidir le cothú, sláinte agus bainistiú a dtréad i dtíortha EuroSheep. Aithníodh na riachtanais/dúshláin sin i suirbhé ar líne a rinne feirmeoirí, comhairleoirí, tréidlianna agus taighdeoirí ar fud na hEorpa.

Féar v féar/seamair

Ba é an meán-aga chun uain a mharú ná 199 lá le haghaidh cóireálacha féir amháin agus 187 lá le haghaidh cóireálacha seamra is féir in 2020. Ní raibh aon difríocht i meánmheáchan conablaigh (20.3kg) nó céatadán feola na huaineola (46%). Bhí meánchion seamra na mbáinseach seamra is féir 19% ar an meán i gcomparáid le 14% le dhá bhliain anuas. Ba é táirgeadh DM báinsí do na cóireálacha féir amháin (145kg N / ha) ná 11.4 tonna DM / ha; d'fhás an tseamair is féar (145kg N/ha) 11.9 tonna DM/ha agus d'fhás an tseamair is féar (90kg N/ha) 11.0 tonna DM / ha.

Curaíocht

Mol Braiche agus Driogtha

Bunaíodh Mol Braiche agus Driogtha chun úsáid táirgí Éireannacha a thástáil agus a phiolótú as a n-oiriúnacht i dtionscal na ndeochanna, agus is cuid dhílis é don chuspóir margaí ar luach níos airde a fhorbairt a chomhlánaíonn na háiseanna taighde allamuigh agus saotharlainne úrscothacha atá ann faoi láthair in Teagasc, Páirc Darach.



Scrúdaíonn an feirmeoir Gerard O'Meara agus comhairleoir curaíochta Teagasc Conor Kavanagh ceap seagail i lár an gheimhridh.

Taighde sa choirce

Bronnadh €2.7 milliún ar thaighdeoirí in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag chun iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt cineálacha coirce atá frithsheasmhach in aghaidh na haeráide agus a bhfuil luach ard cothaitheach agus buntáistí sláinte níos fearr acu.

Faoi stiúir UCD, i gcomhar le hOllscoil Aberystwyth, Ollscoil Swansea agus Teagasc, oibreoidh taighdeoirí le pobail talmhaíochta agus le páirtithe leasmhara chun na buntáistí sláinte, eacnamaíocha agus comhshaoil a bhaineann le saothrú coirce a chur chun cinn.

Deimhníodh tréithchineálacha Septoria

Dheimhnigh taighdeoirí in Teagasc go bhfuil tréithchineálacha Éireannacha septoria in ann foinse friotaíochta géinití atá i láthair i raon cineálacha cruithneachta geimhridh gar don mhargadh a sháru. Is é seo an tátal a bhaintear as staidéar suntasach faoi stiúir Steven Kildea, taighdeoir barr Teagasc, agus a glacadh lena fhoilsiú san iris Plant Pathology.

Barra próitéine

Tá plean straitéiseach curtha le chéile agus foilsithe ag Grúpa Páirtithe Leasmhara Próitéine na hÉireann chun tacú le fás barr próitéine dúchasach. Sheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D. an Plean i mí na Nollag.

Foraoiseacht

Thug oifigigh Forbartha Foraoiseachta Teagasc cuairteanna feirme agus comhairliúcháin oifige ag tréimhsí éagsúla in 2021 nuair a cheadaigh rialacháin COVID-19, féach freisin an ghrafaic faisnéise Comhairle.

Tugadh faoi 479 gcuart san iomlán ar 23% díobh seo a bhí ina gcuartheanna réamhphlandaithe inar pléadh an rogha foraoiseachta go mion ar an láthair. B'ionann cuairteanna bainistíochta

agus 32% de na cuairteanna go léir. Bhí baint ina hábhar don 43% eile de na cuairteanna.

Chun éifeachtúlacht a fheabhsú ní thugann FDO na cuairteanna réamhphlandaithe nuair a bhíonn fadhb shonrach ar an láithreán. Seachas sin; moltar d'úinéirí talún an rogha foraoiseachta a phlé in oifig ina gceadaítear nó ar ghlaio Gutháin/Zoom trí rochtain ar an gcóras IFORIS/Google Maps a úsáid chun féachaint ar an láithreán atá beartaithe agus ar aon cheisteanna comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann. Chomh maith leis sin in 2021, reáchtáladh 24 chomhairliúcháin oifige / ghlaio Zoom le húinéirí



Feirmeoir as Gaillimh, Martin Joe Kerrigan, agus comhairleoir Teagasc, Joanne Masterson, ag breathnú ar roinnt caorach den phór Cairigh Bhrocacha Mhaigh Eo.



Sa phictiúr ag seoladh an phlean straitéisigh chun tacú le fás na mbarr próitéine dúchasach (ó chlé go deas): Michael Moloney, Cigire Sinsearach sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Michael Fawle, Charles R Wynne, Cill Dara; An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D.; agus Michael Hennessy, Ceann Aistríthe Eolais na mBarr, Teagasc.

talún chomh maith le 1,113 fíorúchán r-phoist faoin bhforaoiseacht ó úinéirí talún nó úinéirí talún féideartha (ba cheisteanna maidir le crainn a bhí i 40% díobh seo).

Gairneoireacht

Soláthraíonn Teagasc seirbhís theicniúil chomhairleach agus taighde d'earnáil gairneoireachta na hÉireann lena n-áirítear beacáin, glasraí, torthaí, stoc plandlainne agus táirgeadh duilliúir ornáidigh (duilliúir gearrtha san áireamh). Soláthraíonn an tseirbhís tacaíocht chinnidh do shaothróirí agus do bhainisteoirí maidir le hagranaíocht, lena n-áirítear pleanáil barr agus comhairle maidir le hionchuir agus brabúsacht a bharrfheabhsú.

Seimineáir Ghréasáin

I measc na n-ábhar do sheimineáir ghréasáin bhí lotnaidí agus galair beacán, teicneolaíocht bainte beacán agus nuálaíocht in éifeachtúlacht úsáide fuinnimh, uathobriú bainte, malairtí móna agus maolú lotnaidí agus galar.

Chuir seimineáir ghréasáin maidir le rialú lotnaidí agus galair béim ar úsáid na bainistíochta comhtháite lotnaidí, a bhí dírithe ar na hearnálacha ornáideacha, torthaí boga agus barra cosanta. I measc na n-ábhar bhí rialú tripeas, rialú aifidí, agus nuálaíochtaí i mbainistíocht chomhtháite lotnaidí i dtorthaí boga. Soláthraíodh sonraí i seimineáir ghréasáin maidir le rialú fiailí ó thrialacha luibhicidí sa Ríocht Aontaithe thar raon barr duilliúir ghearrtha, ornáideach agus a tháirgtear i gcoimeádáin.

Scéim deontais

Thacaigh na comhairleoirí go léir le hiarratais ar scéim cúnamh infheistíochta an RTBM don earnáil gairneoireachta in 2021. Thug cúigear

comhairleoirí cúnamh d'os cionn 165 iarratas agus phlean gnó le cliaint ar an scéim RTBM d'infheistíochtaí dar luach thart ar €35m.

Buaicphointí an taighde

Féachann Beyond Peat (€1.69m) arna mhaoiniú ag RTBM le measúnú a dhéanamh ar mhalairtí nuálacha meán fáis cásálacha muisiriún, ó thaobh na hagranaíochta, na heacnamaíochta agus an chomhshaoil de.

SoftGrip: Greámán bog a fhorbairt le haghaidh bhaint róbatach na muisiriún 2021-2023; arna mhaoiniú ag H2020 AE. Bhí taighdeoirí Teagasc mar chuid d'fhoireann bhuacach do Dhuais Nuálaí SFI na Todhchaí: Cáilíocht agus seilfré duilleoga sileacan-saibhríthe sailéid úra a mheas le réitigh phacáistithe phlaisteacha mhalartacha.

Muca

Seachtain Fhíorúil Teagasc na Muc

Bhí Seachtain Fhíorúil na Muc ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2021. Clúdaíodh ábhar difriúil gach lá agus roinn rannpháirtithe éagsúla a gcuid saineolais agus taithí lena n-áirítear foireann feirme, comhairleoirí agus taighdeoirí Teagasc chomh maith le táirgeoirí muc agus saineolaithe idirnáisiúnta.

I measc na n-ábhar a clúdaíodh thar na cúig lá bhí: rátaí cráinbhreithe; beathú fliuch; forlíonadh bainne; an toirmeasc ar Ocsaíd Sínce; deiseanna margaíochta. Gné nua i mbliana ab ea an 'Seomra EXPO' inar chuir mic léinn Rannóg Forbartha Muc Teagasc léargas físe i láthair ar a bhfuil ag tarlú faoi láthair ar chuid den iliomad tionscadal taighde ag Teagasc na Cloiche Léithe.

Podchraoladh

Is é Pig Edge podchraoladh míosúil na muc ag Teagasc d'fheirmeoirí. Tá an líon seanma iomlán ag méadú i gcónaí, suas 33% sa dara leath de 2021 i gcomparáid leis na chéad sé mhí. Tá an meánlíon seanma méadaithe ó 100-150 go 150-175 in aghaidh na míosa.

Uirlisí airgeadais

D'fhorbair agus nuashonraigh an Rannóg Forbartha Muc a sraith uirlisí airgeadais d'fheirmeoirí muc mar fhreagairt don mheathlú airgeadais san earnáil. I measc na n-uirlisí seo tá clár sreafa airgid, ré-áiritheoir ar chostais reatha agus áireamhán don mheáchan díola is fearr.

Prionsabail BHARAINNEACHA

Cruthaíodh le Treoirhionscnamh Teagasc maidir le Slabhra Soláthair Muc Barainneach in 2018 go bhféadfaí feabhsúcháin ar iomaíochas, ar chostéifeachtacht, ar ídiú fuinnimh agus ar éifeachtúlachtaí comhshóite beatha a fháil le Prionsabail Bharainneacha a chur i bhfeidhm sa phróiseas táirgthe muc.

Lean an clár Barainneach seo ar aghaidh ón treoirchlár agus in 2021 bhunaigh Rannóg Forbartha Muc Teagasc dhá chlár, clár náisiúnta le Sainchomhairleoirí Barainneacha Éireannacha ag obair le feirmeacha nach raibh baint acu roimhe seo le Barainneach, agus clár idirnáisiúnta ina bhfuil saineolaithe idirnáisiúnta ag obair le feirmeacha Éireannacha ar cheisteanna sonracha lena n-áirítear cothú, bithshlándaíl, úsáid antaibheathach a laghdú agus leas muc.

Is comhoibriú idir Teagasc, Bord Bia agus RTBM é an tionscnamh seo, leis an gcuspóir tacú le glacadh na bprionsabal déantúsaíochta barainní chun feabhsuithe oibríochtúla agus éifeachtúlachta a bhaint amach ar fheirmeacha muc.

Bainistíocht gnó ar fheirmeacha

Uasghrádú ar Mhonatóir Brabúis Teagasc

Tá feidhmchlár tagarmharcála airgeadais Mhonatóir Brabúis Teagasc in úsáid ag Teagasc le breis agus 30 bliain anuas. I mí na Samhna 2021 d'eisigh Teagasc córas uasghrádaithe Mhonatóir Brabúis ar líne le comhéadan nua agus roghanna méadaithe chun anailís a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais ar fheirmeacha déiríochta, eallaigh, caorach, curaíochta agus muc.

Ligeann Monatóir Brabúis Teagasc d'fheirmeoirí an fheidhmíocht airgeadais ar an bhfeirm a nascadh leis na príomhthomhais fisiceacha (heicteáir, lítir, cileagraim, tonnaí) agus freisin leis na bearta teicniúla (ráta stocála, úsáid féir, ionchur saothair i measc beart eile). Ligeann na nascálacha seo d'fheirmeacha a bhfeidhmíocht

a thagarmharcáil thar bhlianta i ndiaidh a chéile agus lena gcomhaoisigh is feirmeoirí.

Feirmeoireacht chomhoibriúch

Leanann Teagasc le socruithe feirmeoireachta comhoibriúcha a chur chun cinn agus comhairle a chur orthu. Bhí os cionn 3,500 Comhpháirtíochta Feirme Chláraithe in Éirinn in 2021. Bíonn ról lármach ag na comhpháirtíochtaí sin i bpleanáil comharbais feirme teaghlaigh agus tugann siad deis freisin d'fheirmeoirí atá ann cheana gan comharba socrú a dhéanamh le feirmeoirí óga leasmhara.

Molann Teagasc freisin glacadh le socruithe fadtéarmacha léasaithe talún, tógáil bodóg ar conradh agus scairfheirmeoireacht a bhfuil spéis mhéadaithe bainte amach ag gach ceann acu le blianta beaga anuas.

An Fheirm Theaghlaigh a Aistriú

Le linn 2021, lean comhairleoirí Teagasc ag plé le fiosruithe ó theaghlaigh feirme maidir le haistriú sócmhainní go dtí an chéad ghlúin eile. Ó chuir Covid-19 cosc ar fhormáid na clinice duine le duine um an bhFeirm Theaghlaigh a Aistriú, d'eagraigh agus sholáthair Teagasc, i gcomhar leis na saineolaithe ábhartha, sraith dhá sheimineár gréasáin i mí Dheireadh Fómhair.

Cuir i láthair maidir leis an nós imeachta chun uacht a scríobh agus conas a oibríonn an próiseas probháide; conas is féidir le hidirghabháil comharbais cabhrú le teaghlaigh feirme plé le comhráite deacra comharbais; conas a oibríonn an córas pinsin Stáit agus mionsonraí na Scéime Tacaíochta do Thithe Altranais (nó scéim Chothrom na Féinne mar a thugtar uirthi) don 1,200 lucht féachana.

Imeachtaí

Bhí tionchar mór ag srianta mar gheall ar COVID-19 ar ghníomhaíochtaí in 2021, go háirithe imeachtaí móra faoi dhíon. Reáchtáladh go leor imeachtaí ar bhonn 'fíorúil' go háirithe le linn an chéad leath den bhliain nuair a chuir srianta Covid-19 cosc ar chruinnithe lasmuigh fiú. Tugann an sampla seo a leanas d'imeachtaí fíorúla le fios gur lean imeachtaí Aistrithe Eolais dírithe ar fhiontar in ainneoin Covid-19.

Calfcare

Reáchtáil Sláinte Ainmhithe Éireann (AHI) agus Teagasc a sraith bhliantúil de CalfCare inar clúdaíodh raon níos leithne ábhar a bhaineann le sláinte laonna. imeachtaí i mí Eanáir. I measc na n-imeachtaí bhí meascán de sheimineáir ghréasáin, fiseáin, podchraoltaí agus ailt tacaíochta nuachtáin.

Seimineár gréasáin maidir le Bleán Uair amháin sa lá (OAD)

Tá 200 feirm déiríochta Éireannacha á chleachtadh

Suirbhé Náisiúnta Feirme

Gach bliain bailíonn Suirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc (NFS) sonraí mionsonraithe ó shampla ionadaíoch d'fheirmeoirí na hÉireann. In 2021 lean na bearta sláinte poiblí a bhí de dhíth chun dul i ngleic leis an víreas COVID-19 de bheith ag cur isteach ar na gnáthphróisis bhailithe sonraí a d'úsáid NFS Teagasc agus chuir sé sin moill ar fhoilsiú thorthaí ioncain feirme NFS Teagasc do thorthaí 2021 go dtí an 14 Meitheamh 2022.

Bhí na dálaí aimsire in 2021 réasúnta do chórais féaraigh thalmhaíocht na hÉireann agus fabhrach do chórais churaíochta na hÉireann. B'ionann an meánioncam feirme in 2021 agus €34,367, méadú de bhreis ar €7,000 ar an meánleibhéal ioncain in 2020. Léiríonn an toradh dearfach seo don fheirmeoir "meánach" feidhmíocht ioncain dhifriúil ar fud na gcórais feirme éagsúil arna léiriú ag NFS Teagasc. In 2021, mhéadaigh meánleibhéil ioncain i ngach ceann de na córais feirme ar thuairiscigh NFS orthu in 2021, ach bhí leibhéil ioncain agus feabhsuithe ioncain bliain ar bhliain an-difriúil ar fud na bpríomhchórais feirme. Cé gur tháinig feabhas ar mheánioncam ar fheirmeacha eallaigh (Tógáil Eallaigh agus Eallaigh Eile) in 2021, tá leibhéil ioncain ar an dá chóras seo go háirithe ag titim chun deiridh ar mheánioncain a thuilltear i gcórais feirme eile. Tháinig méadú suntasach ar chostais táirgthe iomlána ar na feirmeacha go léir in 2021 mar gheall ar phraghsanna beathaithe, leasacháin agus breosla níos airde, agus tháinig ardú 14% ar na meánchostais táirgthe ar fheirmeacha na hÉireann arna léiriú ag NFS Teagasc.

Mar gheall ar arduithe i bpraghsanna bainne agus uaineola, tháinig ardú mór ar ioncam déiríochta agus caorach in ainneoin costais táirgthe níos airde. Ar go leor feirmeacha eallaigh, rinne na harduithe ar chostais táirgthe fritháireamh go mór ar an ardú i bpraghsanna aschuir, ach lean roinnt feirmeoirí eallaigh ag fáil íocaíochtaí díreacha nasctha leis na scéimeanna Beep-S, BDGP agus Leasa Caorach; agus bhí na híocaíochtaí seo mar aon le híocaíochtaí tacaíochta ioncain Chólún I mar thacaíocht leanúnach d'ioncam feirme teaghlaigh ar fheirmeacha eallaigh na hÉireann.

Tháinig fás láidir ar chostais táirgthe ar fheirmeacha curaíochta in 2021 mar gheall ar ardú ar phraghsanna leasacháin agus breosla. Mar sin féin, tháinig méadú an-láidir ar mheánioncam feirme curaíochta in 2021 mar thoradh ar thorthaí measartha ard in aghaidh an heicteáir in éineacht le harduithe i bpraghsanna geata feirme do ghránaigh. In 2021 thuill an meánchóras feirme curaíochta in NFS €58,995, méadú 77% ar an meánioncam a tuilleadh in 2020.

Meastar go bhfacthas méadú suntasach in 2021 ar na príomhchostais féaraigh agus foráiste d'fheirmeoirí déiríochta na hÉireann, ar bhonn in aghaidh an heicteáir agus an litir araon. In ainneoin méaduithe móra ar a gcostais táirgthe, mar gheall ar an bhfás ar an meántáirgeacht bainne ar leibhéal na feirme in 2021 de thart ar 6% agus ar fhás thart ar 16% ar an meánphraghas bainne a fuarthas, tháinig méadú 23% ar an meánioncam ar fheirmeacha déiríochta na hÉireann in 2021 chuig €97,350.

In 2021, b'airde na praghsanna d'eallach críochnaithe agus d'eallach níos óige i gcomparáid leis na praghsanna a gnóthaíodh in 2020, rud a d'fhág go raibh méadú ar luach

aschuir an mhargaidh ar fheirmeacha tógála eallaigh agus eallaigh eile araon. Mar sin féin, fritháiríodh an luach aschuir níos airde de bharr praghsanna méadaithe eallaigh ag praghsanna beathaithe, breosla agus leasacháin níos airde. In 2021 bhí costais dhíreacha agus forchostais táirgthe ar fheirmeacha eallaigh níos airde ná mar a bhí in 2021 agus laghdaigh costais níos airde táirgeachta cuid mhór den fhás ar luach aschuir go háirithe ar fheirmeacha Eallaigh Eile. In 2021, tháinig méadú 30% ar an meánioncam teaghlaigh feirme ar fheirmeacha Tógála Eallaigh, ach d'fhág an méadú céatadánach suntasach seo fós an meánioncam ar na feirmeacha seo ag luach an-íseal €10,927. Meastar nár tháinig ach beagán feabhais go dtí €16,416 in 2021 ar Ioncam ar fheirmeacha Eallaigh Eile.

In 2021 tháinig méadú níos mó ná 28% ar an meánphraghas ar uaineoil a fuair feirmeoirí na hÉireann mar gheall ar fhás láidir i margaí an Aontais Eorpaigh agus tionchar an Bhreitheachta ar onnmhairí na Ríochta Aontaithe chuig an Aontas Eorpach. Meastar gur tháinig méadú suntasach freisin ar chostais dhíreacha iomlána na táirgeachta d'fhiontair uan achréidhe Éireannach i lár an bhiaiste in 2021, agus tháinig méadú freisin ar fhorchostais táirgthe. Ba leor an fás láidir ar an luach aschuir ar an meánfheirm caorach chun méadú mór a sholáthar ar an ioncam feirme teaghlaigh a thuill na meánfheirmeacha caorach, rud a mhéadaigh in 2021 faoi 14% go €20,451.

Mar gheall go príomha ar chothromaíochtaí ganna idimnáisiúnta soláthair agus úsáide do ghránaigh, tháinig méadú suas le 33% ar phraghsanna gránach na hÉireann ag fóimhar 2021 i gcomparáid le fóimhar 2020. De bharr na bpraghsanna níos airde seo agus na bhfeabhsuithe láidre ar thorthaí mar gheall ar dhálaí fais fabhracha, tháinig fás láidir ar luach aschuir ar fheirmeacha curaíochta na hÉireann in 2021. Tháinig méadú 11% ar bharr eoma earraigh agus tháinig méadú 25% ar bharr cruithneachta geimhridh i gcomparáid le 2020. Ba leor méideanna táirgeachta níos airde agus praghsanna níos airde chun costais táirgthe níos airde in 2021 a fhritháireamh. In 2021 measann Teagasc gur tháinig méadú 77% ar mheánioncam feirme teaghlaigh curaíochta go €65,909 in aghaidh na feirme.

Cé nach bhfuil ioncam d'fheirmeacha muc san áireamh sa Tuarascáil ar an Suirbhé Náisiúnta Feirme, léiríonn na sonraí atá ar fáil gur bhliain an-deacair í 2021 do tháirgeoirí muc, agus feirmeacha ag éirí neamhbhrabúsach de bharr titim shuntasach i bpraghsanna muc agus ardú ar chostais bheatha.

Chuir tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Cornhair (TCA) idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe deireadh leis an mbagairt maidir le 'Breatimeacht gan Mhargadh'. Go dtí seo, áfach, níor cuireadh seiceálacha custaim agus rialála na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm ar onnmhairí agraibhia na hÉireann chuig an Ríocht Aontaithe. In ainneoin gur tharla an Breatimeacht, d'éascaigh an easpa custaim agus seiceálacha teorann lena mbaineann fás ar luach onnmhairí agraibhia na hÉireann chuig an Ríocht Aontaithe in 2021.

Bhí tionchair leathana ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar mhargaí tráchtarraí talmhaíochta agus fuinnimh, agus tá an t-ionchas d'ioncain feirme in 2022 go háirithe éiginnte agus is dócha go mbeidh leibhéil praghsanna aschuir feirme níos airde mar chúiteamh ar chostais táirgthe níos airde.

faoi láthair, agus tá an spéis i mbleán OAD ag fás i gcónaí. Breathnaítear air mar rogha inmhhartha i gcásanna ina bhfuil an saothar gann; bíonn siúlóidí fada chuig an mbleánlann agus uaidh ann mar thoradh ar leagan amach na feirme; nó bíonn sé tarraingteach ó thaobh stíl mhaireachtála de líon na mbleán laethúil a laghdú.

Comhdháil Caorach Teagasc

Reáchtáladh Comhdháil náisiúnta bhliantúil Caorach Teagasc ar líne thar dhá thráthnóna i mí Eanáir.

Turais ar Chlóis Feirme

Cuid thábhachtach den phróiseas dearthóireachta is ea féachaint ar bhleánlanna agus labhairt le feirmeoirí eile. Agus feirmeoirí gan a bheith in ann taisteal mar gheall ar COVID-19, thóg Teagasc leabharlann de thurais fhíorúla feirme/bleánlainne ar an suíomh gréasáin. Lig sraith grianghraf 360 céim don lucht féachana 'bogadh timpeall na bleánlainne' agus féachaint uirthi ó bheagnach aon uillinn.

Cáilíocht an Uisce

Bhí Seachtain Cáilíochta Uisce Teagasc ar siúl i rith na seachtaine dar tús an 22 Márta. Eagraíodh seachtain cáilíochta uisce i gcomhar leis na comharchumainn phróiseála déiríochta agus le Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO). I rith na seachtaine chuir Teagasc agus a chomhpháirtithe comhairle ar fáil d'fheirmeoirí chun cabhrú le caillteanais cothaitheach, dríodair agus lotnaidicídí chuig an uisce a íoslaghdú.

Laethanta Oscailte Fíorúla na gColáistí

D'óstáil Teagasc sraith Laethanta Oscailte Fíorúla le haghaidh mac léinn ionchasach, chun cúrsaí lánaimseartha talmhaíochta, gairneoireachta, eachaí agus foraoiseachta ag Leibhéal 5 in Teagasc agus sna coláistí neamhspleácha a thaispeáint.

Siúlóidí Foraoise Fíorúla

I rith mhí Feabhra agus mhí an Mhárta, d'fhéadfadh úinéirí talún páirt a ghlacadh i gceardlanna ar líne a d'eagraigh Rannóg Forbartha Foraoiseachta Teagasc, chun tuiscint a fháil ar an méid is féidir le foraois nua a thairiscint, chun foghlaim faoina bhfuil i gceist, agus conas tús a chur leis an bpróiseas plandaithe. Dhírigh an dara sraith de shiúlóidí foraoise fíorúla ar fhoraoisí óga a bhainistiú.

Feirmeoir Féaraigh na Bliana

D'óstáil Caroline Walsh, buaiteoir foriomlán Fheirmeoir Féaraigh na Bliana 2020, as Béal na Scairte, Contae Chorcaí, ócáid fhíorúil Dé Céadaoin 21 Aibreán. Ghlac Caroline 'seilbh' ar chuntas Twitter Teagasc Grass10 agus ar chuntas Instagram Teagasc i rith an lae ag tabhairt léargas ar an gcaoi a mbaineann sí ardleibhéal feidhmíochta teicniúla amach ar bhealach inbhuanaithe.

Léagúim chun úsáid leasacháin N a laghdú

Míníodh sa seimineár gréasáin seo an chaoi a mbeidh ról níos tábhachtaí ag seamair bhán agus dhearg, pónairí agus léagúim eile i dtodhchaí talmhaíocht na hÉireann trí spleáchas ar leasachán saorga a laghdú.

Éanlaith chlóis

Chuaigh Teagasc agus speisialtóirí tionscail i ngleic le saincheistanna a bhaineann leis an tionscal éanlaithe clóis le linn sraith seimineár gréasáin chúigchodach. Scrúdaíodh príomhthopaicí amhail bithshlándáil, Cocci, Deirmitíteas ar Bhonn na Coise, Scéim Tacaíochta um Theas In-athnuaite (SSRH) agus bainistíocht ciseal.

Sraith Seimineár Gréasáin Signpost

Bhí 1 Aibreán 2021 mar lá cothrom bliana do "Sraith Seimineár Gréasáin Signpost" sheachtainiúil Teagasc ina gclúdaítear ábhair chomhshaoil. Bhain an seimineár gréasáin le 'Báinseacha Ilspeiceas – feidhmíocht báinsí agus ainmhithe faoi ionchuir leasacháin nítrigine laghdaithe' leis na cainteoirí Helen Sheridan agus an tOllamh Tommy Boland, COBÁC ag soláthar léargas.

Feirmeoirí déiríochta Dhún na nGall

D'óstáil Richard agus Wendy Starrett, buaiteoirí Ghradam Baine Cáilíochta NDC agus Kerrygold (QMA) 2020, Siúlóid Náisiúnta Feirme um Cháilíocht Baine 2021 mar sheimineár gréasáin agus táthcheangal ar na meáin shóisialta Dé Máirt, 29 Meitheamh. D'eagraigh Teagasc an ócáid, le tacaíocht ó Chomharchumann Aurivo, ón gComhairle Náisiúnta Déiríochta agus Ornua.

Comhdháil um Fhairsingiú agus Oideachas

ESEE 2021

25th European Seminar on Extension & Education

21–23 June 2021,

Teagasc Ballyhaise Agricultural College, Cavan, Ireland

Is mórócáid dhébhlantúil idirnáisiúnta í comhdháil an tSeimineáir Eorpaigh um Fhairsingiú agus Oideachas ina gcuirtear taighde nua i láthair ar fhairsingiú agus oideachas talmhaíochta. Idir an 21–23 Meitheamh, d'óstáil Coláiste Teagasc Bhéal Átha hÉis ESE21 i gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus CAFRE i dTuaisceart Éireann. Mar gheall ar shrianta Covid-19 cuireadh an chomhdháil ar fáil ar líne.

Ba é teideal chomhdháil 2021: Foghlaim don Saol. Tacaíocht nuálaíochta leanúnach trí fhairsingiú agus oideachas le haghaidh pobail feirme inbhuanaithe.

1. Seachadadh digiteach comhairle agus oideachais: Cad atá foghlamtha againn ó na gnásanna suaite?
2. Róil athraitheacha na gcomhairleoirí agus na n-oideoirí maidir le tacú leis an bhfoghlaim.
3. Foghlaim ar feadh an tsaoil. Foghlaim agus forbairt leanúnach daoine aonair, teaghlach agus pobal tuaithe a spreagadh agus a éascú.
4. Breithmheas agus measúnú tionchair ar shamhlacha tacaíochta Oideachais agus Nuálaíochta.

Bhí foireann mhór d'fhoireann Teagasc ó gach cuid den eagraíocht páirteach in eagrú agus i bhforghníomhú na hócáide. Thacaigh Aistriú Eolais Teagasc leis an gcomhdháil freisin sa mhéid is gur tarscaoileadh táillí rannpháirtíochta. Chuir úsáid ardáin fhíorúil nuálach ar chumas don chomhdháil teacht ar níos mó rannpháirtithe (390) i níos mó tíortha (34) ná riamh.

Imeachtaí lasmuigh

De réir mar a maolaíodh srianta COVID-19 le linn 2021, bhí mórimeachtaí faoin aer indéanta.

Lá Oscailte Teagasc na Cloiche Léithe

Reáchtáladh an ócáid an 30 Meitheamh, agus 1 Iúil. Mar gheall ar shrianta COVID-19, cuireadh srian ar líon na ndaoine agus díriodh ar thaispeántais a sholáthar ar fud na 12 sheastán taighde do phléghrúpaí réamhchláraithe Teagasc Curaíochta. D'fhreastail os cionn 250 feirmeoir.

Lá Oscailte Teagasc na Cloiche Léithe

Ba é Lá Oscailte Teagasc na Cloiche Léithe 2021 a bhí ar siúl Dé Máirt, 14, Céadaoin, 15 agus Déardaoin, 16 Meán Fómhair 2021, an mórimeacht lasmuigh do thionscal déiríochta na hÉireann. Rinneadh an Lá Oscailte arís thar na trí lá lena chinntiú go gcomhlíontar treoirlínte an Rialtais maidir le COVID-19.

I measc na n-ábhar a pléadh ag An Chloch Liath '21 bhí astaíochtaí gáis cheaptha teasa (GCT) ó tháirgeadh déiríochta. Chuala feirmeoirí faoin gcaoi ar laghdáíodh déine GCT bainne na hÉireann níos mó ná 10% mar thoradh ar nuashonruithe ar na samhlacha agus ar na fachtóirí astaíochtaí. Féadann teicneolaíochtaí atá ar fáil le glacadh ar leibhéal na feirme déine GCT a laghdú 26% eile.

Thug taighdeoir Teagasc, Laurence Shalloo, le fios go ndearna samhail mheasúnaithe Saolré Teagasc a nuashonraíodh le déanaí meándéine GCT náisiúnta de 0.99 kg choibhéis CO₂ in aghaidh an kg saille agus bainne ceartaithe próitéine (FPCM) a ríomh.

Dúirt taighdeoir Teagasc, Jonathan Herron; "Trí éifeachtúlacht na gcóras déiríochta reatha a fheabhsú agus teicneolaíochtaí astaíochtaí ísle a ghlacadh, is féidir déine GCT a laghdú go 0.73 kg choibhéis CO₂ in aghaidh an kg saille agus bainne ceartaithe próitéine. Tá gá le tuilleadh forbartha agus cur chun feidhme teicneolaíochtaí astaíochtaí ísle chun déine GCT agus astaíocht iomlán GCT na gcóras déiríochta a laghdú."



Joe Patton ag labhairt le cuairteoirí ag Lá Oscailte Teagasc na Cloiche Léithe.

Sláinte agus Sábháilteacht agus Folláine Feirmeoirí a Aimsiú

Sláinte agus Sábháilteacht

- Tháinig laghdú ar thionóiscí marfacha san ionad oibre ar fheirmeacha in 2021. Tharla deich mbás san ionad oibre feirme sa talmhaíocht 'táirgthe barr agus ainmhithe', ceann amháin i 'bhforaoiseacht agus lománaíocht' agus bás amháin a bhain leis an bhfoirgníocht ar fheirm. Mar sin, bhásaigh 12 san ionad oibre ar fheirmeacha.
- Cuireadh oiliúint sa tsláinte agus sábháilteacht feirme bunaithe ar Mheasúnú Riosca an H.S.A. ar fáil do 1,195 feirmeoir ag thart ar 100 cúrsa oiliúna leathlae (ar líne agus go pearsanta araon).
- Mhaoinigh an RTBM taighde ar iompraíocht sábháilteachta feirme (acrainm Be Safe) le Scoláire Iardhoctúireachta, PhD agus Máistreacht; bhí baint leanúnach ag dhá staidéar PhD le sláinte feirmeoirí agus staidéar Máistreacht a bhain le rannpháirtíocht mhéadaithe comhairleoirí i sábháilteacht feirme. Foilsíodh trí pháipéar phiarmheasúnaithe agus dhá pháipéar comhdhála idirnáisiúnta.
- Cuireadh Lónra COST AE um Chultúr Sábháilteachta agus Bainistíochta Riosca sa Talmhaíocht agus Leas-Chathaoirleach Teagasc i gcrích go rathúil in 2021, agus cuireadh deireadh an tionscadail ar fáil ar líne ag www.sacurima.com
- Thug Suirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc faoi shuirbhé breise ar thionóiscí san ionad oibre feirme in 2021. Déanfar anailís agus poiblíocht ar thorthaí an tsuirbhé sin in 2022.
- Mar gheall ar COVID-19, cuireadh sláinte agus sábháilteacht feirme chun cinn go gníomhach ar líne agus sna meáin feirmeoireachta agus Teagasc.
- BeSafe. Le linn 2021 seachadadh trí sheimineár gréasáin, ar thug príomhthaighdeoirí idirnáisiúnta agus Éireannacha aghaidh orthu, mar chuid den tionscadal Behaviours for Safer Farming (BeSafe) arna mhaoiniú ag RTBM. Dhírigh siad seo ar chultúr na sábháilteachta feirme, ar 'shoncanna' iompraíochta a úsáid chun glacadh le cleachtais shábháilte a mhéadú agus, idirghabhálacha fairsingithe a chomhdhearadh.
- Reáchtáladh mórtuaispeántas sláinte agus sábháilteachta ag an lá oscailte ag Teagasc na Cloiche Léithe.
- Rinne Teagasc agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta athnuachan ar a gComhthionscnamh chun comhoibriú le chéile chun sláinte agus sábháilteacht feirme a chur chun cinn don thréimhse 2021-2024. Bunaíodh coiste comhairleach nua de chuid na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Feirme chuig an H.S.A. in 2021 le comhalta amháin ó Theagasc air.

On Feirm Ground

Choimisiúnaigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Sláinte agus FSS 'On Feirm Ground' (OFG) chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí comhairleoirí talmhaíochta na Seirbhíse Comhairlí Feirme (FAS) a oiliúint chun teagmháil a dhéanamh le feirmeoirí agus chun tacú leo maidir le saincheisteanna sláinte.

D'fhorbair an Lárionad Náisiúnta um Shláinte na bhFear in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach modúl chun an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thabhairt do chomhairleoirí talmhaíochta túsline chun feirmeoirí a mhealladh agus threorú maidir le saincheisteanna sláinte agus folláine. Tá an modúl ina chomhchuid de ENGAGE, an acmhainn oiliúna náisiúnta um shláinte na bhFear. In 2021, cuireadh oiliúint ar oiliúnaí OFG (24) chun feidhme agus rinneadh an chéad cheann de cheithre bhabhta d'oiliúint aon lae ar chomhairleoirí.



Caipiteal Daonna a Fheabhsú (Oideachas)

Oideachas


Mar gheall ar COVID-19 cuireadh go leor den soláthar oideachais comhlonnaithe ar fionraí agus bhog go leor den soláthar ó Choláistí Teagasc agus oifigigh oideachais 'ar líne'. Cé gur cloíodh go mionsonraithe leis na treoirleá go léir a d'eisigh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, bhí Teagasc in ann cúrsaí Leibhéal 5 agus 6 a sholáthar i dTalmhaíocht, Gairneoireacht, Eachaí agus Foraoiseacht, Saothraíocht Muc agus Bainistíocht Feirme Déiríochta. Ghlac 5,133 mac léinn san iomlán páirt ar chúrsaí oideachais Teagasc in 2021.

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar chlár an Teastais Ghlais Pháirtaimseartha agus Chianfhoghlama in 2021. Áireofar leis seo athbhreithniú ar úsáid an tsoláthair chianda agus leathnú na measúnuithe ar líne. Beidh athbhreithniú ar fhoghlaím chumaisc le tosú i Ráithe 1, 2022. Seoladh ardán nua Moodle le feidhmiúlacht agus acmhainn fheabhsaithe i Meán Fómhair 2021.

Scoláireachtaí Walsh

In 2021, thairg Teagasc 40 deis Scoláireachta Walsh chun staidéar iarchéime a dhéanamh ar shaincheistanna tráthúla agrabha. Bronntar na scoláireachtaí i gcomhar le hollscoileanna náisiúnta agus idirnáisiúnta, ollscoileanna teicneolaíochta agus Institiúidí Teicneolaíochta; agus soláthróidh siad eispéreas taighde agus scileanna inaistrithe ar ardchaighdeán do scoláirí chun a gairmeacha beatha san earnáil agrabha a chur chun cinn.

Teagasc Student Participation Numbers



Scoláire Walsh na Bliana

Is é Peter Doyle buaiteoir Bhonn Óir Scoláire Walsh Teagasc don bhliain 2021. Bhronn an tOllamh Frank O'Mara, Stiúrthóir Taighde (ag an am) ag Teagasc, an bonn ar Peter ag searmanas speisialta ar líne. Bhuaigh Peter an gradam foriomlán tar éis dó catagóir an Chláir Taighde agus Nuálaíochta Ainmhithe agus Féaraigh Teagasc a bhuachan.

Gradaim Mhac Léinn na Bliana Teagasc/FBD

Is í Deirdre McMahon, Na Liatha Thuaidh, Cinn Mhara, Contae na Gaillimhe buaiteoir náisiúnta ghradam Mhac Léinn na Bliana Teagasc/FBD 2020. Chríochnaigh Deirdre clár Theastas Glas Cianoideachais Teagasc i gColáiste Talmhaíochta na Sailéiseach, Pailís Chaonraí, Contae Luimnigh. Tá céim san altranas aici agus d'oibrigh sí mar altra, ach tá baint aici anois le hoibriú thréad déiríochta an teaghlaigh. Leanann sí uirthi ag uas-sciliú agus tá cúrsaí FGL curtha i gcrích aici agus glacann sí páirt i bpléghrúpaí lena n-áirítear pléghrúpa ban. Is í an sprioc atá aici ná fiontar feirme déiríochta inbhuanaithe éifeachtach a bhaint amach.

CECRA

Is clár Eorpach oiliúna scileanna boga é CECRA (Teastas do Shainchomhairleoirí Eorpacha i gCeantair Thuaithe) atá deartha do chomhairleoirí talmhaíochta agus do shainchomhairleoirí atá ag obair leis an bpobal feirmeoireachta. Is é is aidhm don chlár caighdeán a leagan síos i leith scileanna comhairleacha ar fud na hEorpa, agus tacaíonn sé le rannpháirtithe a gcuid teicnící comhairleacha agus fairsingithe a fheabhsú.

Tá beirt chomhairleoirí de chuid Teagasc ar na chéad chomhairleoirí san Eoraip ar bronnadh teastas CECRA na hEorpa orthu. Bhronn Stiúrthóir Aistriú Eolais Teagasc, Stan Lalor, teastais ar Marie Flynn, Seirbhís Chomhairleach Déiríochta Teagasc atá lonnaithe in Oifig Chomhairleach na Cloiche Léithe, Contae Chorcaí; agus ar Chian Condon, Comhairleoir Stoic Thirim agus Gabhar atá lonnaithe in Teagasc, Cluainín, Contae Liatroma.



Stan Lalor, Stiúrthóir Aistrithe Eolais; Marie Flynn, George Ramsbottom, Teagasc; Cian Condon, Mark Gibson, Ceann Aistrithe Eolais agus For-rochtana.

Tacú leis an bhForbairt Tuaithe

Roghanna Gnó Feirme

Foilsíodh sraith de 79 mbileog eolais maidir le héagsúlú feirme ar shuíomh gréasáin Teagasc mar aon le sraith fiseán chun eolas a sholáthar ar raon smaointe agus roghanna féideartha lena n-íniúchadh ag daoine aonair. Chuir Teagasc 33 sheimineár gréasáin taifeadta ar fáil freisin ar thopaicí an fhuinnimh agus an éagsúlaithe. I seimineár gréasáin seachtainiúil Teagasc 'Roghanna Gnó Feirme' chualathas nuacht, tuairimí agus agallaimh ar ábhair a bhaineann le héagsúlú gnó feirme i dtalmhaíocht na hÉireann.

Feirmeoireacht orgánach

In 2021, soláthraíodh cúig chúrsa 25 uair an chloig ar chaighdeán QQI um Fheirmeoireacht Orgánach. Aithníodh cúig fheirm orgánacha le bheith rannpháirteach i gClár Signpost Teagasc: dhá fheirm mairteola, dhá fheirm déiríochta, agus feirm curaíochta amháin.

Cuireadh tús le seimineáir ghréasáin mhíosúla orgánacha an fhómhair i mí Mheán Fómhair, lena n-áirítear topaicí mar: 'An bhfuil tú ag smaoineamh ar thiontú go dtí an Fheirmeoireacht Orgánach?'; Roghanna le haghaidh saothróirí curaíochta orgánacha; ról na mbáinseach ilspeiceas ar fheirmeacha orgánacha na hÉireann.

Cuireadh tús arís le clár Siúlóidí Feirme Orgánaí Teagasc/RTBM le siúlóid i Loch Garman ar fheirm déiríochta orgánach. I mí na Nollag, cuireadh tús le treoirthionscadal déiríochta orgánaí a sholáthar do ghrúpa feirmeoirí déiríochta. Tá sé mar aidhm cabhrú le feirmeoirí cinneadh eolasach a dhéanamh maidir le cé acu an rogha é tiontú go dtí an fheirmeoireacht déiríochta orgánach. Bunaíodh cuntas Twitter Teagasc Organics in 2021.



Siúlóid Feirme Déiríochta Orgánaí Teagasc ar Fheirm Mhuintir Whitty ag Baile Uí Dhonnagáin, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman. Sa phictiúr tá muintir Whitty, Joe & Alicia Whitty lena n-íon Eimear agus a ngaríníon Clodagh in éineacht leis an Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia, agus Mara, an Seanadóir Pippa Hackett. Sa phictiúr freisin tá Elaine Leavy agus Mary Ryan ó Teagasc.

Fuinneamh

Tá comhairleoirí Teagasc ag fáil níos mó ceisteanna faoin éifeachtúlacht fuinnimh ar an bhfeirm agus faoin bhfuinneamh in-athnuaite. D'fhorbair Clár Forbartha Geilleagair Tuaithe Teagasc i gcomhar le tionscadal IT Shligigh agus Interreg Europe AgroRES treoir-oiliúint dhá lá do chomhairleoirí le linn 2021. Bhí an oiliúint ar siúl i gcoláistí talmhaíochta Teagasc Bhéal Átha hÉis agus an Ghoirtín.

Cúrsa dar teideal 'Making Cents with Energy on the Farm' é a chuireann an cúrsa ar chumas do chomhairleoirí tosú ag tacú le feirmeoirí a bhfuil ceisteanna i ndáil leis an bhfuinneamh. Áirítear leis seo feabhas a chur ar thíosacht acmhainní agus éifeachtúlacht fuinnimh; teicneolaíochtaí nuálacha nó cleachtais agus próisis inbhuanaithe nua a ghlacadh; agus deiseanna margaidh a shainaithint.

AgroFossilFree (AFF)

Tá Teagasc ina chomhpháirtí sa tionscadal idirnáisiúnta AFF agus tá ceardlanna eagraithe ar líne aige le linn 2021 le páirtithe leasmhara timpeall na roghanna nó na straitéisí chun breoslaí iontaise laistigh den talmhaíocht a bhaint nó a laghdú.

Eachaí

Lean an tsraith seimineár gréasáin mhíosúil 'Let's Talk Equine', tar éis tús a chur leis in 2020, le deich seimineár gréasáin eile a chlúdaíonn réimse leathan ábhar. I measc na saincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu bhí saothraíocht/sláinte agus bainistíocht atáirgthe, athruithe rialála a chuir an Breatimeacht i bhfeidhm ar ghluaiseacht capall idir Éire agus an RA, agallaimh le póraitheoirí agus táirgeoirí an-éirimiúla ag plé a stoc agus a gcinnteoireacht féin.

Tháinig an Nuachtlitir Eachaí ar ais mar ríomh-Nuachtlitir lena hábhar inrochtana ar shuíomh gréasáin Teagasc freisin. Cruthaíodh rannóga nua chun aghaidh a thabhairt ar Inbhuanaitheacht, Sláinte/Saothraíocht, agus an Breatimeacht (gluaiseachtaí eachaí).

An Fhoghlaim Chumaisc

62 rannpháirtí a bhí i mbun oiliúna cumaisc gearrchúrsa trí Zoom, Moodle agus duine le duine ar an bhfeirm ar ábhar an Phóraithe Eachaí (Capall Spóirt).



Printíseachtaí

Moltar sa bheartas náisiúnta printíseachtaí nua a chruthú agus in 2021 chuir Teagasc chun cinn forbairt cúig chlár printíseachta talamhbhunaithe i gcomhar le Grúpaí Cuibhreannais. Is ionadaithe iad Grúpaí Cuibhreannais ar lucht tionscail, ar chomhlachtaí páirtithe leasmhara, ar fhoireann Teagasc agus ar chéimithe ó Chúrsaí Teagasc. Is iad seo a leanas na cláir atá á bhforbairt agus a bheidh le tosú i rith 2022 agus 2023:

- Teicneoir Tailte Spóirt (Ardleibhéal 6) – dhá bhliain
- Gairneoir (Ardleibhéal 6) – dhá bhliain
- Bainisteoir Cúnta Graí (Leibhéal Gnáthchéime 7) – trí bliana
- Teicneoir Feirme (Ardleibhéal 6) – dhá bhliain
- Bainisteoir Feirme (Leibhéal Gnáthchéime 7) – dhá bhliain

Déanfaidh Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) na printíseachtaí go léir a bhailíochtú le maoiniú ón Údarás um Ardoideachas. Nuair a bheidh an clár críochnaithe go rathúil, aithneoidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gach printíseacht as rochtain ar scéimeanna, seirbhísí agus deontais arna gcur ar fáil ag an rialtas.

Clár na bPóraitheoirí Óga

Tá sé mar aidhm ag an gclár oiliúna do phóraitheoirí óga cur le scileanna agus eolas na ndaoine idir 15-25 bhliain d'aois, agus is comhthionscnamh é le hEachspóirt Éireann ón mbliain 2005 i leith. D'fhill an clár ar imeachtaí ar an bhfeirm i míonna Dheireadh Fómhair agus na Samhna agus bhí tinreamh an-mhaith orthu sin.

Straitéis ghnó feirme

Cúrsa Straitéise Gnó

Cuireann Teagasc an cúrsa creidiúnaithe leibhéal 8 COBÁC seo ar fáil i gcomhar le Scoil Ghnó Michael Smurfit COBÁC. Thosaigh an 8ú cohórt (reáchtáiltear an cúrsa gach bliain) de 14 mhac léinn is feirmeoir (sa phictiúr ar chlé) modúl a haon i mí na Samhna 2021.


Chomh maith leis an oideachas feidhmiúcháin arna sholáthar den chuid is mó ag Scoil Ghnó Smurfit, faigheann rannpháirtithe tacaíocht ó mheantóirí Teagasc. Tháinig rannpháirtithe is feirmeoirí in 2021 ó Chorcaigh, Tiobraid Árann, Laois, an Iarmhí, Luimneach agus Port Láirge. Rinneadh gach réamhchúram COVID-19 a bhí molta le linn sholáthar comhlonnaithe an chúrsa.

Tacú le Caidreamh Talmhaíochta Idirnáisiúnta agus leis an bhForbairt

Le linn 2021 bhí Teagasc páirteach i gceannas ar thrí thionscadal forbartha i dtrí thír éagsúla in Oirthear na hAfraice. Is tionscadail ilghníomhaithe iad gach tionscadal agus tá siad dírithe go príomha ar thacú leis na hinstiúidí atá ag obair ar an gcóras táirgthe déiríochta bunaithe ar fhoráiste agus ar an slabhra luacha laistigh de gach tír. In ainneoin thionchar Covid 19, rinneadh dul chun cinn suntasach ar thionscadail na Céinia agus na hEiritré a dhírigh ar mheascán de ghníomhaíocht allamuigh agus fothú acmhainneachta do na hinstiúidí áitiúla. Cuireadh tús le tionscadal na Tansáine le cuairt ó Éirinn i mí na Samhna 2021. Tá tuilleadh sonraí faoi gach tionscadal agus liosta iomlán de chomhpháirtithe tionscadail ar fáil ag www.teagasc.ie.

Tá tuilleadh sonraí faoi gach tionscadal agus liosta iomlán de chomhpháirtithe tionscadail ar fáil ag www.teagasc.ie.

Tionscadail Déiríochta – Oirthear na hAfraice



Fonótaí:

Tá an Tansáin thart ar 13 oiread níos mó ná Éire le daonra measta 60m duine agus tréad eallaigh measta de 25m inti.

Tá an Chéinia thart ar 8 n-oiread níos mó ná Éire le daonra measta 50m duine agus tréad eallaigh measta 20m inti.

Tá an Eiritré 70% níos mó ná Éire le daonra measta 6m duine agus tréad eallaigh measta 2m inti.

An Aetóip – Deiseanna eacnamaíocha na bhfeirmeoirí a fheabhsú

Tá Teagasc páirteach faoi láthair i dtionscadal forbartha eacnamaíochta i réigiún Tigray na hAetóipe, i gcomhar le Cúnamh Éireann agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Tá Teagasc ag tacú le dhá PhD, ceann acu ina scrúdú socheacnamaíoch ar an slabhra bia áitiúil, féachaint leis an gcaoi a bhféadfaí breisluach i dtáirgeadh bia a mhéadú chun leibhéil ioncain na dteaghlach tuaithe a threisiú. Is éard atá i gceist leis an dara PhD ná samhail gheilleagrach ar leibhéal feirme a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí táirgeadh talmhaíochta áitiúil a bharrfheabhsú, arís agus é mar chuspóir ioncam teaghlach a fheabhsú.

Tá na tionscadail ag dul ar aghaidh, cé go bhfuil bac curtha ar dhul chun cinn mar gheall ar bhriseadh amach an chogaidh i Réigiún Tigray.

Tionscadail Prátaí: An Chéinia agus an Eiritré

Bhí baint ag Teagasc le trí Thionscadal Prátaí ar leithligh sa Chéinia agus san Eiritré in 2021

Is tionscadal é an tionscadal CRRISP (*Climate Resilient and Responsible Innovations in Potato (Nuálaíochtaí Prátaí Athléimneacha agus Freagrúla ó thaobh Aeráide de)*) atá maoinithe ag FOSC ERA Net idir cúig thír chomhpháirtíochta. Tá Teagasc dírithe go príomha ar phórú nuálach prátaí le comhpháirtithe na Céinia KALRO. Tá Scoláire Walsh, atá maoinithe ag Teagasc, ag cur leis an tionscadal seo trí scrúdú a dhéanamh ar na tréithe fiseolaíochta a chuireann le hoiriúnú cineálacha Prátaí ag agra-éiceaeolaíochtaí éagsúla sa Chéinia.


Tá scoláire Walsh, atá maoinithe ag Teagasc, ag déanamh anailíse freisin ar an gcóras prátaí síl atá ag teacht chun cinn san Eiritré. Rinne an tionscadal moltaí maidir le conas is féidir córas síolta inbhuanaithe feidhmiúil a chur i bhfeidhm le fócas sonrach ar rochtain ar chineálacha inbhuanaithe agus táirgeadh síl ar ardchaighdeán.



Foireann Maoirseachta ag plé trialacha oiriúnaithe in Lelan in Iarthar na Céinia.



Prátaí Electra ag fás in Maekel na hEiritré.



Prátaí Electra á mbaint san Eiritré.

Tionscadal Ithreacha agus Leasacháin: An Aetóip

Le linn 2021 rinne an triúr Scoláirí Teagasc Walsh taighde i gcomhar le GIZ (Gníomhaireacht Cúnaimh na Gearmáine) agus Ollscoil Wageningen chun bonn a chur faoi fhorbairt Uirlis Tacaíochta Cinntí Leasacháin fréamhshamhlach mar chuid de thionscadal AFER+. Beidh an uirlis seo dírithe ar fheirmeoirí ar ghabháiltais bheaga chun comhairle faoi bharr agus faoi chothaithigh atá sonrach don ithir a fháil, bunaithe ar shonraí ar féidir teacht go héasca orthu (e.g. ó thaobh amhairc de) i lár an ghoirt. (Tabhair do d'aire: Tá tionchar mór ag cúrsaí i réigiún Tigray i dtuaisceart na hAetóipe ar na tionscadail).

Cruinniú Mullaigh Bia 2021

Chuir Teagasc leis na comhráite náisiúnta a reáchtáil RTBM i rith mhí na Bealtaine 2021 agus d'éascaigh sé dhá idirphlé neamhspleách dar teideal "Exploring the role of livestock in developing a sustainable Food System (Ról an bheostoic a thaiscéaladh chun Córas Bia inbhuanaithe a fhorbairt)" agus "The evolving role of an effective AKIS within a sustainable food system (Ról athraitheach d'AKIS éifeachtach laistigh de chóras bia inbhuanaithe)".



Comhoibrithe

Lean Teagasc lena rannpháirtíocht ghníomhach i bhFóram Forbartha Idirnáisiúnta na hÉireann (IFIAD) i rith 2021, agus d'oibrigh sé go dlúth freisin mar chomhpháirtí i gCórais Bhia Inbhuanaithe Éireann (SFSI) i bpleanáil agus i soláthar roinnt príomhthionscadal i rith na bliana. Choinníomar orainn freisin ag obair go dlúth leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha / Cúnamh Éireann faoinár Meabhrán Tuisceana agus rinneamar idirchaidreamh le roinnt ambasáidí éagsúla atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath chomh maith le roinnt ambasáidí Éireannacha ar fud an domhain.

Cuireadh roinnt tograí tionscadail chun cinn in Uganda, Vítneam agus sa Cholóim. D'óstáil Teagasc roinnt cuairteanna fíorúla freisin lena n-áirítear toscaireacht ón tSile i gcomhpháirtíocht le SFSI.



Próifílí Foirne



Brendan Garry, Oifigeach Oideachais, Maigh Eo

Is Oifigeach Oideachais i réigiún comhairleach Mhaigh Eo é Brendan Garry, is é an príomhról atá aige ná soláthar agus comhordú na gclár oideachais aosach d'fheirmeoirí óga sa réigiún.

"Ceann de na gnéithe is sásúla a bhaineann le bheith ag obair in Teagasc is ea an éagsúlacht deiseanna a thagann chun cinn," arsa Breandán. "Bhí mo chéad cheapachán in 2005 mar Chomhairleoir Dea-Chleachtais Feirmeoireachta in oifig chomhairleach Bhéal an Átha, áit ar chuir mé tacaíocht chomhshaoil ar fáil d'fheirmeoirí."

In 2012 deir Breandán gur tháinig deis chun cinn mar chomhairleoir déiríochta. "Chuir mé comhairle theicniúil agus tacaíocht ar fáil do phléghrúpaí déiríochta, reachtáil mé siúlóidí feirme agus imeachtaí poiblí agus cabhair á tabhairt d'fheirmeoirí lena bpleananna um leathnú feirme."

"Bhí sé d'uaillmhian agam i gcónaí oiliúint agus treoir a thabhairt do na feirmeoirí amach anseo agus mar sin nuair a fógraíodh folúntas d'Oifigeach Oideachais in oifig Bhaile an Róba in 2017, thapaigh mé an deis." Chuir sé lena scileanna teagaisc ó shin tríd an Dioplóma Gairmiúil sa Bhreiseoideachas a chríochnú trí OÉ Gaillimh.

I Maigh Eo, moltar do gach ball foirme oideachais nó comhairleach páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sna meáin.

"Le 11 bhliain anuas, tá mé mar chuid d'fhoireann comhairleoirí a léiríonn clár raidió laethúla don stáisiún raidió Mid-West Radio mar chuid de chomhoibriú seanbhunaithe idir Teagasc Mhaigh Eo agus Mid-West Radio."


"Ó 2018 i leith tá ról an Chomhordaitheora Dhigitigh Réigiúnaigh mar chúram agam i Maigh Eo agus bainistim an léiriú fise mar aon lenár gcainéil meán sóisialta a chothabháil, rud a cruthaíodh mar ghné rithabhachtach d'aistriú eolais leanúnach le linn phaindéim COVID-19 anseo sa réigiún. Mar a dúirt mé cheana, tá go leor deiseanna ann."



Sprioc Straitéiseach 2

Táirgeadh agus próiseáil
bianna atá sábháilte,
cothaitheach agus blasta
a fheabhsú i gcomhréir le
prionsabail chiorclacha
an bhitheagair
inbhuanaithe.

- Bianna Sábháilte, Cothaitheacha agus Blasta a Phróiseáil
- Ceannaireacht Eolaíochta a Sholáthar i bhForbairt Bhitheagair Ciorclach Inbhuanaithe (SCB) an Agraibhia



Bianna Sábháilte, Cothaitheacha agus Blasta a Phróiseáil

An tIonad Náisiúnta um Bia Ullmhaithe do Thomhaltóirí

In 2021, tugadh chun críche síneadh suntasach leis an Ionad Náisiúnta um Bia Ullmhaithe do Thomhaltóirí ag Teagasc, arna mhaoiniú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM). Mhéadaigh an síneadh seo na háiseanna atá ar fáil don earnáil faoi dhó, rud a ligeann do líon méadaithe cuideachtaí táirgí nua a fhorbairt, táirgí atá ann cheana a athfhoirmlíú agus raon dúshlán atá bunaithe san eolaíocht a fhuascailt.

Tá aonad pacáistithe tiomnaithe agus seomra próiseála teirmeach sa síneadh ina bhfuil an trealamh úrscothach. Chuir Declan Troy, Stiúrthóir Cúnta Taighde Teagasc fáilte roimh an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar, T.D. ar chuairt chuig Ionad Taighde Teagasc Bhaile an Ásaigh, i mBaile Átha Cliath. Bhí Airí Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Seanadóir Pippa Hackett agus Martin Heydon, T.D. in éineacht leis an Tánaiste.

Tá príomhfhócas an chláir Taighde Bia ag Teagasc Bhaile an Ásaigh ar nuálaíocht bia a spreagadh i bhfeoil agus i dtáirgí feola, i mbianna ullmhaithe do thomhaltóirí, i mbianna mara agus i dtáirgí gairmeoireachta agus ag an am céanna cáilíocht, sábháilteacht agus cothú a chothabháil.

Léiríodh sa chuairt an síneadh nua leis an Ionad Náisiúnta um Bia Ullmhaithe do Thomhaltóirí agus na háiseanna agus an trealamh úrscothach atá lonnaithe ann, atá maoinithe ag infheistíocht €10 milliún ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Is acmhainn rithábachtach í don earnáil ilchinealach um bianna ullmhaithe do thomhaltóirí, rud a éascaíonn taighde faoi stiúir an tionscail, agus a ligeann do chuideachtaí deiseanna nua a phiolótú agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar nós na ndúshlán ón mBreatimeacht.

Tá Ionad Teicneolaíochta Feola na hÉireann ina óstach freisin ag Teagasc Bhaile an Ásaigh agus tá sé maoinithe ar luach €8.2 milliún ag Fiontraíocht Éireann agus cuideachtaí próiseála mairteola agus caoireola na hÉireann le cúig bliana anuas.



Chuir Declan Troy, Stiúrthóir Cúnta Taighde Teagasc fáilte roimh an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar, T.D., ar chuairt chuig Ionad Taighde Teagasc Bhaile an Ásaigh, i mBaile Átha Cliath. Bhí Airí Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Seanadóir Pippa Hackett agus Martin Heydon, T.D., in éineacht leis an Tánaiste.

Campas Nuálaithe BIA

Is tionscadal mórathraithe é Campas Nuálaithe BIA, a fhaigheann tacaíocht ó Teagasc agus atá bunaithe ar Champas Uí Mhaoilíosa i mBaile Átha an Rí, a athróidh tírdhreach na fiontraíochta bia in Iarthar na hÉireann. Is spás comhoibrithe é an mol nuálaíochta bia seo do tháirgeoirí bia comhdhéanta d'aonaid táirgthe neamhspleacha, áiseanna táirgthe comhroinnte, cistíneacha oiliúna cócaireachta, halla éisteachta, ionad tacaíochta gnó agus spás sealaíochta deisce.

Fís don Bhia 2030

Fuair an fhís “Fís don Bhia 2030” straitéis mhór cheannródaíoch nua dheich mbliana d’earnáil bia agus dí na hÉireann faomhadh ón Rialtas i mí Lúnasa 2021. Is é an aidhm go mbeidh Éire ina ceannródaí domhanda i gcórais bhia inbhuanaithe thar na deich mbliana atá romhainn ag tabhairt tairbhí don earnáil, do shochaí na hÉireann agus don chomhshaol.

Is coiste trasearnálach de pháirtithe leasmhara agraibhia a d’fhorbair Fís don Bhia 2030, agus beartaíonn sé bealach chuig ceannaireacht dhomhanda bunaithe ar thrí cholún na hinbhuanaitheachta a bhrú ar aghaidh: colúin eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta. Leagtar amach ann ceithre mhisean ardleibhéil chun an uailmhian seo a chomhlíonadh:

1. Táirgeoirí Tosaigh Inmharthana agus Acmhainneacha le Folláine Feabhsaithe
2. Bia atá sábháilte, cothaitheach agus tarraingteach: a bhfuil muinín agus meas air sa bhaile agus thar lear
3. Earnáil Cliste ó thaobh na hAeráide, Inbhuanaithe ó thaobh an Chomhshaoil
4. Earnáil Nuálaíoch, Iomaíoch agus Acmhainneach, arna spreagadh ag Teicneolaíocht agus Tallann.

Chuir Teagasc ionchur suntasach ar fáil do Choiste Fhís don Bhia 2030 a d’fhorbair an straitéis 10 mbliana a thagann in ionad Food Wise 2025. Tá béim láidir ar an inbhuanaitheacht inti, agus thacaigh eacnamaithe Teagasc le RTBM chun na himpleachtaí don earnáil agraibhia a mheasúnú. Chomhordaigh Jane Kavanagh ionchur Teagasc agus d’fhreastail sí ar chruinnithe an Choiste mar bhreathnóir.

Tá sé mar aidhm ag an treocharlár uailmhianach agus nuálaíoch don earnáil agraibhia onnmhairí agraibhia a fhás ó €14bn go €21bn faoi 2030 – ag cur tuilleadh feabhais ar sheasamh na hÉireann mar cheannaire domhanda in onnmhairí agraibhia sábháilte, inbhuanaithe.

Buaicphointí an taighde

Teicneolaíochtaí triomaithe núíosacha

Is féidir le teicneolaíochtaí triomaithe núíosacha costais arda fuinnimh a laghdú, ligean d’ábhair theas-íogaire a chur leis agus feabhas a chur ar airíonna ath-hiodráitithe táirgí ardleibhéil. Mar chuid de Phlean Forbartha Ardán Triomúcháin Teagasc, tá taighde ar siúl ar an triomú micreathoinn folúschuidithe le Enwave, agus turbai-thriomú saor ó thúr le VOMM. Triomú Nuálaíoch – Teicneolaíochtaí agus Anailísíocht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe Ardchaighdeán” a bhí mar ábhar ag imeacht Thairseacha Nuálaíochta Bia 2021.

Cothú agus dea-bholadh an bhainne amh

Tá sé léirithe ag Teagasc in éineacht le taighde ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, go mbíonn tionchar ag comhdhúile so-ghalaithe go díreach ó aiste bia an ainmhi ar bhraistint bolaidh an bhainne amh, ach freisin go hindíreach ó ghalacháin a chruthaítear le linn díleá cogansaí.

Cé gur chomhchosúil é an cineál comhdhúl so-ghalaithe atá i láthair i mbainne ó bha amuigh ar fhéarach seagalaí ilbhiantúla (GRS) agus ó bha faoi dhíon ar chandam iomlán measctha (sadhlas féir, sadhlas arbhair Indiaigh agus dlúthbhianna) (TMR), bhí flúirse go leor acu go suntasach difriúil a raibh tionchar acu ar bhraistint bholaithe na mbainní. Ba mhilse é dea-bholadh an bhainne GRS amh le blasanna níos mó ar nós caramail agus taifí, agus bhí blasanna níos ainmhiúla, ar nós chlós feirme, agus níos mó toite ag bainne TMR amh.



David Mannion ag baint úsáide as Boltanaimhéadracht Crómatagraíochta Gáis (GC-O) ag Áis na Ceimice Blasta in Teagasc na Cloiche Léithe.

Faireachán ar mhiocróib

Rinne taighdeoirí ó Theagasc na Cloiche Léithe agus ó Ionad Taighde SFI APC Microbiome Ireland imscrúdú ar úsáid seicheamhóirí DNA boise le haghaidh ghnáthfhairéachán miocróbach i gcórais táirgthe bia. Mar mhalairt ar mhodhanna saothráin traidisiúnta daora, is féidir le seicheamhú DNA anailís thapa a dhéanamh ar DNA baictéarach agus na speicis i sampla a shainaithint.

Bhí an fheiste boise a tástáladh sa staidéar seo cosúil le córais dhaora sheicheamhaithe shaotharlann-bhunaithe i dtéarmaí

líon na speiceas baictéarach a d'fhéadfadh sé a aithint sna samplaí, cé go raibh íosmhéid DNA de dhíth le go n-oibreodh sé i gceart. Tugann an staidéar le fios go bhfuil an poitéinseal ag feisti den sórt sin le haghaidh ghnáthfhaireachán miocróbach i dtáirgeadh bia.

Laghdaítear an méadú meáchain leis an meadhg

Tá sé léirithe ag taighdeoirí ag Teagasc gur laghdáíodh meáchan a fháil trí phróitéiní meidhg a bhaineann le buaibh a chur le cothú ar mhórán saille. Léiríodh é seo i samhlacha múirídeacha (lucha), nuair a laghdaigh tomhaltas méideanna arda próitéiní meidhg cumas na saille cothaithe chun meáchan a mhéadú thart ar 20 go 40%, agus ag an am céanna leibhéil ghlúcóis fola agus athlasta a laghdú.

Léirigh seicheamhú DNA den mhicribhithóm boilg múirídeach gur chuir ionghabháil meidhg in éineacht leis an tsail chothaithe fás na mbaictéar tairbheach chun cinn, agus ba í an tsail chothaithe gan mheadhg ba chúis le fás miocrób a bhaineann go hiondúil le méadú meáchain iomarcach.

Terroir

Tá fianaise dhochloíte curtha ar fáil ag staidéar acadúil nua ar thionchar terroir ar uisce beatha, agus socraíodh díospóireacht a bhí ina cnámh spairne sa tionscal. Glacadh le fada leis an gcoincheap terroir – prionsabal na Fraince gur féidir le fachtóirí mar ithir, micrea-aeráid agus topagrafaíocht le chéile tionchar a fheidhmiú ar shaintréithe blais – i gcatagóirí deochanna eile ar nós fíona agus coinnic, ach tá saineolaithe fuisce scoilte aige le blianta fada.

Dúirt an tOllamh Kieran Kilcawley, Príomhoifigeach Taighde ag Teagasc: “D’úsáideamar boltanaimhéadracht crómatagrafoíochta gáis a chuir ar ár gcumas na comhdhúile dea-bholaidh so-ghalaithe is tábhachtaí a raibh tionchar acu ar bhraistint chéadfach an bhiotáille nua a aithint. Ní hamháin go n-aibhsíonn an taighde seo an tábhacht a bhaineann le terroir, ach cuireann sé lenár n-eolas ar phríomh-chomhdhúile dea-bholaidh san uisce beatha freisin.”

Ceannaireacht Eolaíochta a chur ar fáil i bhForbairt Bhithgheilleagar Ciorclach Inbhuanaithe (SCB) an Agraibhia

Sraith Nuálaíochta Bithphróiseas

Is saoráid den scoth í an tSraith Nuálaíochta Bithphróiseas atá á forbairt ag Teagasc na Cloiche Léithe a chuirfidh le cumais taighde Teagasc i réimse na teicneolaíochta coipthe agus an bith-chlaohlaithe.

Is próiseas é bithphróiseáil a úsáideann orgánaigh bheo chun táirge breisluacha inmhiannaithe a tháirgeadh. Tá an cumas ag na próisis seo táirgí ar luach íseal (lena n-áirítear sruthanna dramhaíola) a athrú go táirgí ar luach níos airde a bhfuil airíonna feidhmiúla feabhsaithe acu.

Is éard a bheidh sa tSraith Nuálaíochta Bithphróiseas ná saotharlann nua ina mbeidh bailiúchán de bith-imoibreoirí le haghaidh scagadh miocróbach agus méadú ar scála, arna maoiniú ag Clár Bonneagair Taighde SFI agus Teagasc.

Duais SFI um Nuálaí sa Todhchaí – Leaf No Waste

In 2021 bronnadh maoiniú tosaigh ar Teagasc, in éineacht le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (TUD), trí chlár Dhuais Nuálaí na Todhchaí SFI a dhírigh ar réitigh shuaiteacha a fhorbairt lena dtugtar aghaidh ar chaillteanas bia agus cur amú bia ar fud an tslabhra soláthair bia. D'éirigh le foireann an tionscadail, arna stiúradh ag TUD, agus ina raibh comhoibriú láidir trasna na Rannóg Forbartha Tionscal Gairneoireachta agus Bia laistigh de Teagasc, sna próisis iomaíocha Coincheapa agus Ciste Síla aron in 2021. Díreann an tionscadal ar mheasúnú a dhéanamh ar cháilíocht agus seilfré na nduilleog sailéid saibhirthe úra le réitigh phacáistíochta malartacha.

Déiríocht Dhigiteach

Féadfaidh glacadh agus suiteáil teicneolaíochtaí anailíseacha próisis i bhfoirm braiteoirí agus ionstraimí i bpróiseas déiríochta, tairbhí inláimhsithe a thairiscint maidir le héifeachtacht próiseas agus coigilteas fuinnimh. Ceadaíonn tomhais inlíne fíor-ama d'fhairéachán agus rialú ar amhábhair, airíonna próiseas agus cáilíocht táirgí deiridh a chinntiú chomh maith leis an tomhaltas fuinnimh a úsáidtear le linn táirgthe.

Tá Teagasc ag tús cadhnaíochta maidir le braiteoirí meara núíosacha a shainaithint (Neas-bhraiteoirí Infridhearga Boise Idirlíon na nEarraí (IoT)) agus ardáin um fháil sonraí todhchaíochta (Idirlíon na nEarraí Tionscail- IoT) le haghaidh anailíse agus amhairc ar gach próiseas is gá do phróiseálaithe déiríochta le cinntí eolasacha a dhéanamh.

Thug an tOllamh Maeve Henchion cur i láthair ar tugadh cuireadh dó d'éisteacht Choiste Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe Pharlaimint na hEorpa ar 'Peirspictíochtaí ar tháirgeadh ainmhithe san Aontas Eorpach i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais, ón bhFeirm go dtí an Forc agus na Straitéisí Bithéagsúlachta' an 21 Meitheamh 2021.

I measc na láithreoirí eile ag an imeacht seo bhí Jean-Luis Peyraud ó INRAE, Mirjam Lechner, Agra-Chlár EIP agus Sean Finan, Leas-Uachtarán Chomhairle Eorpach na bhFeirmeoirí Óga. Ba é an teideal a bhí ar chur i láthair Maeve "What does a cow do? ("Céard a dhéanann bó? And why, and to whom, is this important? (Agus cén fáth, agus cé dó, a bhfuil sé seo tábhachtach?)

Baineadh úsáid as "Bó" mar ionadaí le haghaidh táirgeadh beostoic leis an teideal deartha chun daoine a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar an iliomad "táirgí" de tháirgeadh beostoic agus na héilimh iomaíocha agus chontrártha ar chórais den sórt sin.

I measc na bpríomhtheachtaireachtaí bhí:

- (1) go bhfuil dearchtaí difriúla ag páirtithe leasmhara difriúla ar an méid a dhéanann bó, idir thuismitheoirí ag féachaint ar bha mar fhoinsé chothaithe ardchaighdeáin do leanaí atá ag fás, agus fheirmeoirí ag féachaint ar bha mar fhoinsé ioncaim, agus chomhshaolaithe ba mar astaitheoirí méideanna suntasacha na ngás ceaptha teasa;
- (2) go ndéanann bó i bhfad níos mó ná bia a tháirgeadh;
- (3) nach mór íoc as "táirgí" ó bhó a d'fhéadfaí a éileamh ón margadh nó ón tsochaí nó go bhfuil "sainordú neamh-mhaoinithe" ag feirmeoirí;
- (4) tá gá lefeasacht agus tuiscint níos fearr ar na rólí éagsúla sin thar chohórt leathan páirtithe leasmhara le go mbeidh beostoc mar chuid de chóras bia inbhuanaithe.

Buaicphointí an taighde

Bithphlaistigh

Is comhtháirge feola í an fhuil a ghintear i méideanna móra agus is féidir le cumas ard truailléain a bheith aici. Go ginearálta déantar í a chlaohlú go min fola agus úsáidtear í mar leasachán agus mar bheatha, agus i roinnt cásanna aimsítear margaí ardluacha le haghaidh próitéiní plasma ardfeidhmeacha.

Mar sin féin, tá feidhm theoranta ag codán fuilchille deirge na fola agus tá gá le réitigh mhalartacha nuálacha. I dtionscadal HaemPack Teagasc, tá modh nua forbartha ag taighdeoirí chun bithphlaisteach in-bhithmhille nuálaíoch a chruthú, a ghintear ón gcodán fuilchille deirge.

Trí bhithin próisis paitinne ar feitheamh, tá siad in ann ábhar atá bunaithe ar haemaglóibín atá thar a bheith intuaslagtha, a bhfuil drochairíonna meicniúla agus bacainne aige, a chlaohlú ina bithphlaisteach neamh-intuaslagtha ag a bhfuil airíonna feabhsaithe a d'fhéadfadh a bheith tairbhíoch do bhia agus d'fheidhmeanna pacáistíochta neamhbhia. Tá taighdeoirí Teagasc ag obair ar uas-scálú an phróisis atá dírithe ar fheidhmeanna tionsclaíocha.

U-Phróitéin

Tá sé mar sprioc ag U-Phróitéin foinsí nua próitéine a dhíghlasáil ó bharra, fhéarthalamh agus acmhainní muiirí **Deiseanna Díghlasála Acmhainne Próitéiní Le Cothú na hÉireann a Fheabhsú**, ar tionscadal €3 mhilliún é arna mhaoiniú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus arna stiúradh ag Teagasc.

Is í an phróitéin an príomhspreagthóir do shláinte, fás agus forbairt an duine. Cuimsíonn taighde ar U-Próitéin an próiseas táirgthe iomlán, ó shainaithint, fás agus tréithní próitéiní ó bharra agus ón muir, próiseáil na bpróitéiní sin, staidéir chliniciúla agus ar deireadh ionchorprú isteach i dtáirge tomhaltóra.

Chun tacú leis an mbithgheilleagar ciorclach, déanfar an bhithmhais iarmharach ó na foinsí próitéine seo a mheasúnú le haghaidh comhpháirteanna bithghníomhacha nó luacháil go táirgí núíosacha nó in-athnuaite trí bhithchlaohlú miocróbach.

Ros lachan

Tá taighdeoirí TEAGASC ag féachaint ar conas is féidir fuíolluisce ó phróiseáil déiríochta a úsáid chun ros lachan a shaothrú, planda a bhfuil acmhainneacht mhór aige mar fhoinsé bhia. Tá sraith teicneolaíochta á forbairt le taighde ag Teagasc chun comhábhair ar mhórán próitéine a phróiseáil agus a fhorbairt ó ros lachan trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí úrscothacha um briseadh cille lena n-áirítear triomú, próiseáil ardbhrú, eastóscadh cuidithe le micreathonn agus ultrafhuaim. Ceadóidh teicneolaíochtaí eastósctha núíosacha chun slabhra luacha nua a fhorbairt le haghaidh saothrú tráchtála.



Tá Satakshie Sharma ag fiosrú foinsí nua próitéine mar na tiúbair Oca seo atá dúchasach do na hAindéis i Meiriceá Theas.

An Mol Náisiúnta Nuálaíochta Bia

D'oscail an Taoiseach Micheál Martin an Mol Náisiúnta Nuálaíochta Bia ag Teagasc na Cloiche Léithe go hoifigiúil an 17 Meán Fómhair 2021. Agus é mar infheistíocht €8.8 milliún ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, cuireann an Mol Bia spás oifige agus saotharlainne atá slán agus rúnda ar fáil do chuideachtaí bia chun a bhfoirne taighde agus forbartha a lonnú ann.



Sa phictiúr ag seoladh an Mhol Náisiúnta Nuálaíochta Bia in Teagasc na Cloiche Léithe, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí tá An Taoiseach Micheál Martin, T.D., le Liam Herlihy ar chlé, Cathaoirleach Teagasc agus an tOllamh Gerry Boyle ar dheis, iar-Stiúrthóir Teagasc.

Trína mbunáit taighde a bhunú ag an Mol Náisiúnta Nuálaíochta Bia, bíonn an deis ag cuideachtaí bia comhoibriú le Clár Taighde Bia Teagasc agus rochtain a fháil ar na saoráidí gléasra píolótach den scoth ag Moorepark Technology Ltd (MTL). Is féidir le cliant ag an Mol Bia leas a bhaint as áiseanna anailiseacha fairsinge agus saineolas teicniúil

eolaithe bia Teagasc, chomh maith le Clár Taighde agus Nuálaíochta Ainmhithe agus Féaraigh Teagasc, atá lonnaithe ar champas na Cloiche Léithe freisin.

Tar éis dó a bheith críochnaithe i mí an Mheithimh 2021, tá an Mol Bia faoi lánáitíocht. Oibríonn cliantchuideachtaí i réimsí táirgí déiríochta agus táirgí cothaitheacha eile, dathanna nádúrtha bia agus sláinte na putóige, agus déanann na cliant ionadaíocht ar mheascán de chuideachtaí nuathionscanta, cuideachtaí ilnáisiúnta, Comharchumainn Déiríochta Éireannacha agus infheistíocht dhíreach eachtrach.

Ar cheann de na chéad chuideachtaí bia a bhog isteach sa Mhol Bia bhí Cybercolors Ltd., cuideachta um chomhábhair bhia nádúrtha. Déanann Cybercolors sainfheidhmiú ar fhoinsí, taighde, forbairt, monarú, cur chun cinn agus díol dathanna nádúrtha bia don tionscal bia agus dí domhanda.

Míníonn an Stiúrthóir Bainistíochta Noel Sexton an tairbhe a bhaineann leis an Mol Bia do Cybercolors: “D’oibríomar le Moorepark Technology Ltd le fiche bliain anuas agus mar sin bhí lánchiall lenár gceanncheathrú a aistriú go dtí an Mol Náisiúnta Nuálaíochta Bia i Meitheamh 2021.



Stiúrthóir Bainistíochta Cybercolours, Noel Sexton; in éineacht le Liam Herlihy, Cathaoirleach Teagasc; An Taoiseach Micheál Martin, T.D.; an tOllamh Gerry Boyle, Iar-Stiúrthóir Teagasc; Mark Fenelon, Ceannaire Chlár Bia Teagasc; an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McCauley, T.D.

“Tá an tsineirgiúocht a bhaineann le bheith ar an láthair lenár bhfoireann léiriúcháin ag MTL tar éis ár ngno a shruthlíniú cheana féin maidir le deiseanna do chustaiméirí. Táimid i mbun plé freisin le Teagasc ar thionscadail chomhoibrithe taighde ilbhliantúla.”

Le críochnú an Mhol Náisiúnta Nuálaíochta Bia, táthar tar éis campas na Cloiche Léithe a fhorbairt mar thimpeallacht uathúil taighde in Éirinn, ag cur na daoine, an saineolas agus an bonneagar ar fáil do chuideachtaí bia chun cur lena n-acmhainneacht taighde agus forbartha.

Sprioc Straitéiseach 3

Fianaise agus teicneolaíochtaí atá bunaithe ar eolaíocht a sholáthar chun cur ar chumas d'Éirinn gealltanais a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí gásacha, cáilíocht uisce agus bithéagsúlacht.

- Astaíochtaí Gásacha a Mhaolú
- Taighde ar na bacáin
- Clár Feirmeacha Comharthaíochta
- Oiriúnú don Athrú Aeráide
- Cáilíocht an Uisce a Fheabhsú
- Talmhaíocht níos bithéagsúla



Astaíochtaí Gásacha a Mhaolú

Lárionad Taighde agus Nuálaíochta

Tá Lárionad Náisiúnta Taighde agus Nuálaíochta Inbhuanaithe Talmhaíochta (NASRIC) nua le bunú ag Teagasc Chaisleán Bhaile Sheáin. D'fhógair an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D., i mí na Samhna 2021 go gcuirfidh RTBM an maoiniú riachtanach (€9m) ar fáil do Teagasc chun tús a chur leis an tógáil láithreach.

Clár na nDobharcheantar Talmhaíochta (ACP)

In 2021 mhéadaigh Teagasc Clár na nDobharcheantar Talmhaíochta (ACP) trí fhaireachán ar gháis cheaptha teasa agus amóinia a bhunú agus trí chaillteanas cothaitheach ó fheirmeacha maolaithe agus neamh-mhaolaithe a chainníochtú agus a shamhaltú. Tá tús curtha le faireachán amóinia. Gineadh sonraí ó dhá staidéar caorach. Tá tús curtha le staidéar mairteola amháin agus tá cuma mhaith ar na torthaí tosaigh. Táthar le tosú ar staidéir eallaigh mhairteola agus dhéiríochta eile in 2022.

Buaicphointí an taighde

Laghdaíonn breiseáin bheatha astaíochtaí

Tá taighdeoirí Teagasc ag obair le OÉ Gaillimh, Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha; Ollscoil na Ríona, Béal Feirste, agus raon comhpháirtithe tionscail, ar an tionscadal arna mhaoiniú ag RTBM, 'METH-ABATE'. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal teicneolaíochtaí atá réidh don fheirm a fhorbairt chun astaíochtaí meatáin ó choipeadh athchogantach agus aoileach stóráilte/sciodar a laghdú.

Is é an cuspóir breiseáin bheatha frith-mheatánógineacha a fhorbairt agus a bhailíochtú do chórais atá bunaithe ar fhéarach. Déanfaidh an taighde faireachán ar tháirgiúlacht, déanfar measúnú ar shábháilteacht bia agus airíonna céadfacha feola agus táirgí bainne ó ainmhithe a bhfuil na breiseáin bheatha frith-mheatánógineacha acu.

Rinneadh measúnú ar olaí breiseán scagtha, eastóscáin phlandaí, feamainn, eastóscáin feamainne agus hailídí le haghaidh a n-acmhainneachta laghdaithe meatáin sa tsaotharlann, ag baint úsáid as córas ionsamhlúcháin cogansaí (RUSITEC). Breathnaíodh laghdúithe meatáin de dhá thrían (67%) nuair a cuimsíodh an fheamainn thrópaiceach, *Asparagopsis taxiformis*, ag 1% den ábhar tirim a bheathaítear.



Mac léinn PhD ag Teagasc na Gráinsí, Emily Roskam, le sampla de dhlúthbhia cothaitheach ina bhfuil *Asparagopsis taxiformis*, rud a léirigh gur laghdaíodh go suntasach astaíochtaí meatáin in eallach leis.

Carbón á adhlacadh

Ag cur leis an infheistíocht a rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le déanaí chun an Fhaireachlann Náisiúnta Carbóin don Ithir Talmhaíochta (NASCO) a bhunú, sheol Ionad Taighde SFI VistaMilk tionscadal taighde nua agus comhoibríoch ar cheapadh carbóin dar luach €1.4 milliún le Dairy Research Ireland, an grúpa a leithdháileann maoiniú ón tobhach déiríochta a bhailítear ó fheirmeoirí déiríochta na hÉireann.

Rinneadh imscrúdú le déanaí ar éifeacht treafa dhomhain féaraigh ar cheapadh carbóin ithreach a mhéadú i dtionscadal idirnáisiúnta thar láithreáin iolracha in Éirinn, sa Ghearmáin agus sa Nua-Shéalainn.

Dúirt Dominika Krol, Taighdeoir de chuid Teagasc atá lonnaithe i gCaisleán Bhaile Sheáin, 'gurb é an treabhadh domhain go dtí thart ar 40cm, a inbhéartaíonn ithir féaraigh chun barrithir atá ar mhórán carbóin a shil-leagan chuig sraitheanna níos ísle, rud a adhlacann agus a chosnaíonn an stoc carbóin seo go héifeachtach faoin gcrios ina bhfuil an bhitheolaíocht ithreach is gníomhaí.

Tugtar an ithir ó na sraitheanna níos ísle chun bairr ar bhonn comhuaineach. Is gnách go mbíonn cion carbóin níos ísle mar thréith ag an ithir seo, agus mar sin tá cumas níos mó aici carbón nua a ionsú a bhaintear den atmaisféar le linn fótaisintéise ag báinseach an fhéaraigh, rud a thógann stoc carbóin



Ag seoladh an tionscadail ceaptha carbóin nua bhí Bridget Lynch Teagasc; an tOllamh Frank O'Mara, Stiúrthóir Teagasc; Liam Herlihy, cathaoirleach Teagasc; Karl Richards, ceannasaí Teagasc ar Chaisleán Bhaile Sheáin; an tAire Talmhaíochta Charlie McConalogue, T.D.; agus Dominika Krol, Teagasc.

orgánach na hithreach agus a fheabhsaíonn an ceapadh.'

Lorg carbóin

In 2021 sheol Teagasc agus an Bord Bia feachtas tríd an gClár Comharthaíochta chun feachtas a chruthú i measc feirmeoirí faoin lorg carbóin dá bhfeirmeacha. Iarrfar ar fheirmeoirí astaíochtaí carbóin a laghdú go suntasach sna blianta beaga amach romhainn, ach chun é seo a dhéanamh ní mór dóibh a n-astaíochtaí bonnlíne a fháil amach.

Astaíochtaí eallaigh mairteola

Léiríonn an chéad tréithriú mórscála ar astaíochtaí meatáin in eallach mairteola na hÉireann go cinntitheach gur féidir le roinnt eallaigh mairteola suas le 30% níos lú astaíochtaí meatáin a tháirgeadh, ar an meán, don leibhéal céanna táirgiúlachta.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag taighde núíosach atá á stiúradh ag Teagasc, i gcomhar le comhghleacaithe i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) agus Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF), i dtreo phórú eallaigh mairteola a astaíonn leibhéil ísle meatáin a shainathint, agus ar deireadh thiar, mar iarracht feabhas a chur ar inbhuanaitheacht chomhshaoil an tréada eallaigh mairteola náisiúnta in Éirinn.

Astaíochtaí déiríochta

Scrúdaigh comhthaighde TEAGASC, OÉ Gaillimh agus Ollscoil California díothú na gcúotai bainne, leathnú déiríochta agus astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Léirítear sna torthaí ón staidéar seo gur féidir tuilleadh lagduithe ar dhéine astaíochta GCT a

bhaint amach trí tháirgiúlacht feirme a mhéadú. Mar sin féin, má leathnaíonn feirmeacha déiríochta an t-aschur trí leas níos mó a bhaint as leasachán ceimiceach nó as beathaí ceannaithe allmhairithe, d'fhéadfadh gnóthachain táirgiúlachta a bheith mar thoradh air sin, ach déine astaíochta mhéadaithe freisin ag an am céanna, agus astaíochtaí iomlána GCT níos airde dá bharr.

Leathadh Sciodair Astaíochtaí Ísle

Beidh líon mór feirmeoirí ag baint úsáid as trealamh Leata Sciodair Astaíochtaí Ísle (LESS) cosúil le barra silte, nó crú sraoilleach, den chéad uair an séasúr seo in ionad an steallphláta



thraidisiúnta. Agus tú ag aistriú chuig modh nua crutha tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil tú ag cur an sciadair go cothrom agus ag an ráta ceart agus ar ndóigh ag an am ceart.

Chun cúram an chalabrucháin a dhéanamh níos éasca, tá áireamhán calabrucháin ar líne cruthaithe ag Teagasc. Tá an t-áireamhán so-úsáidte agus oibreoidh sé ar fhón póca.

Uirlis charbóin foraoise

Sheol an tAire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le freagracht as foraoiseacht, an Seanadóir Pippa Hackett, Uirlis Charbóin Foraoise nua Teagasc. Bealach so-úsáidte is ea an uirlis ar líne seo d'úinéirí foraoisí atá ann cheana agus d'úinéirí ionchasacha foraoise chun an méid carbóin is féidir a bhaint as coillearnacha a ríomh, agus leagann sé béim ar an ról tábhachtach a bhíonn ag táirgí adhmaid bainte.

Comhairle Chomhairleach um an Athrú Aeráide

Is comhlacht comhairleach neamhspleách í an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide a bhfuil sé de chúram uirthi measúnú a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir le conas is féidir le hÉirinn an t-aistriú go geilleagar ísealcharbóin, acmhainneach ó thaobh aeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhaint amach. Mar Stiúrthóir Teagasc tá an tOllamh Frank O'Mara ina chomhalta ex-officio den chomhairle agus ina chomhalta de choistí Buiséid Carbóin agus Oiriúnaithe CCAC. In 2021 tugadh cuireadh do Kevin Hanrahan agus Trevor Donnellan ó Teagasc a bheith ar an gCoiste um Buiséid Carbóin.

Mar chuid dá cuid oibre, mhol an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide trí bhuiséad carbóin chúig bliana uilegheilleagair, lena gcumhdaítear na tréimhsí 2021-2025, 2026-2030 agus 2031-2035, chun cuidiú leis an Stát a chuspóirí náisiúnta aeráide agus a spriocanna gáis cheaptha teasa arna gcomhaontú ag an Aontas Eorpach a bhaint amach.

- 2021-2025: 295 Mt choibhéis CO₂, meán -4.8% don chéad tréimhse bhuiséid.
- 2026-2030: 200 Mt choibhéis CO₂, meán -8.3% don dara tréimhse bhuiséid.
- 2031-2035: 151 Mt choibhéis CO₂, meán -3.5% don tríú tréimhse bhuiséid.

Ba é an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a chuir clár an bhuiséid carbóin faoi bhráid an Oireachtais. Ach a mbeidh sé glactha ag an Oireachtas, úsáidfí an tAire gach buiséad carbóin chun uasteorainneacha earnálacha d'astaíochtaí a ullmhú le haghaidh na n-earnálacha ábhartha den gheilleagar.

Gach bliain, déanann an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta i gcomparáid leis na buiséid carbóin seo. Déantar measúnú san athbhreithniú ar laghdúithe a baineadh amach in astuithe GCT, comhlíonadh an bhuiséid carbóin, agus gach uasteorainn astaíochtaí earnála don tréimhse sin.

Soláthraíonn Plean Gníomhaíochta Aeráide 2021 Rialtas na hÉireann plean mionsonraithe chun gníomh cinniúnach a ghlacadh chun laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí foriomlána gáis cheaptha teasa faoi 2030 agus chun sinn a chur ar an mbealach chun glan-astaíochtaí nialais a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, mar atá geallta sa Chlár don Rialtas agus atá leagtha amach san Acht Aeráide 2021.

Liostaítear sa Phlean na gníomhartha is gá chun spriocanna aeráide a bhaint amach agus leagann sé síos raonta tascacha um laghdúithe astuithe do gach earnáil den gheilleagar. Déanfar é a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil chun ailíniú a áirithiú le buiséid carbóin uilegheilleagair agus uasteorainneacha earnála atá ceangailteach ó thaobh dlí.

Tacaíonn clár thaighde agus chomhairleacha Teagasc le feirmeoirí na spriocanna laghdaithe maidir le hastuithe gáis cheaptha teasa a leagadh síos i bPlean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais a bhaint amach. Tá go leor feirmeoirí ag laghdú astaíochtaí óna gcuid gníomhaíochtaí feirmeoireachta cheana féin, trí na teicneolaíochtaí cruthaithe atá leagtha amach i gCuar Costas Laghdúithe Imeacha (MACC) Teagasc a chur i bhfeidhm, atá formhuinithe sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide. (Féach freisin Clár Eolais Teagasc).



Clár Feirmeacha Comharthaíochta


Tionscnamh ilghníomhaithe comhoibríoch nua, faoi stiúir Teagasc, é an Clár Comharthaíochta, ina mbíonn feirmeoirí, eagraíochtaí agraibhia agus gníomhaireachtaí Stáit ag obair le chéile le haghaidh gníomhú ar son na haeráide. Ag cur leis an rath a bhí ar go leor comhoibrithe tionscail thar beagnach 30 bliain, agus aitheantas á thabhairt don ghá atá le cur chuige comhoibríoch chun freagairt do mhórdhúshlán an athraithe aeráide, sheol Teagasc an Clár Comharthaíochta i mí na Bealtaine 2021. Áirítear leis go leor de na gnéithe ó chomhoibrithe tionscail rathúla roimhe seo:

- Cur chuige ilghníomhaí lena mbaineann feirmeoirí, comhairleoirí, taighdeoirí, gníomhaireachtaí Rialtais agus Stáit, eagraíochtaí tionscail agraibhia (lena n-áirítear gach próiseálaí bainne agus mairteola) agus na meáin;
- Fócas ar fhoghlaim ó fheirmeoir go feirmeoir trí fheirmeacha taispeána (tá thart ar 120 feirmeoir taispeána ag glacadh páirte sa chlár, thar gach fiontar – déiríocht, mairteoil, caoirigh, curaíocht, muca, éanlaith chlóis, foraoiseacht, agus cúigear feirmeoirí orgánacha san áireamh);
- Tacaíonn a gcomhairleoir áitiúil Teagasc, comhairleoir cláir tiomnaithe, le gach feirm taispeána, agus in go leor cásanna is comhairleoir a oibríonn le ceann de na heagraíochtaí comhpháirtíochta Comharthaíochta atá ann (mar thoradh ar chur chuige ilghníomhaithe ar leibhéal na feirme);
- Feachtas comhairleach leathan – lena n-áirítear deiseanna d'fhoghlaim feirmeoir le feirmeoir a éascú trí imeachtaí taispeána agus pléghrúpaí, agus imeachtaí sonracha oiliúna d'fheirmeoirí;
- Cuspóirí soiléire arna gcomhaontú ag na comhpháirtithe go léir ag an tús (sa chás seo, chun astaíochtaí GCT talmhaíochta a laghdú, i gcomhréir le cuspóirí beartais náisiúnta agus ceanglais an mhargaidh/tomhaltóra).

Cuireadh roinnt gnéithe nua leis, lena n-áirítear:

- Gné shuntasach taighde ag díriú ar charbón ithreach. Tá sé mar aidhm ag tionscadal na Faireachlainne Náisiúnta Carbóin don Ithir Talmhaíochta (NASCO), faoi stiúir taighdeoir Teagasc, Gary Lanigan, an méid carbóin atá stóraithe inár n-ithreacha a chainníochtú, ag baint úsáid as sonraí a ghintear ó anailís ithreach agus túir flosca carbóin araon, agus na Feirmeacha Comharthaíochta ag gníomhú mar shuíomhanna le haghaidh tomhas;
- Taifeadadh sonraí mionsonraithe ag Aonad Suirbhé Feirme Náisiúnta Teagasc, as a dtiocfaidh giniúint raon méadrachta inbhuanaitheachta (lena n-áirítear táscairí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta) le haghaidh gach feirm rannpháirteach - cuirfidh sé seo ar chumas dúinn faireachán agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn an chlár ar na Feirmeacha Comharthaíochta.

Tionscnamh uathúil é seo atá á stiúradh ag Teagasc; an chéad uair a tugadh na comhpháirtithe go léir le chéile laistigh d'aon chlár amháin. Creideann Teagasc gur tionscnamh uathúil ar fud na hEorpa é an tionscnamh ilghníomhaí seo, le gníomhú ag feirmeoirí ar son na haeráide.



Sa phictiúr ag seoladh Chlár Comharthaíochta Teagasc tá an tOllamh Frank O'Mara; Deirdre Ryan, Stiúrthóir na gClár Origin Green agus Dearbhaithe Cáilíochta le Bord Bia; agus Liam Herlihy, Cathaoirleach Teagasc.

Oiriúnú don Athrú Aeráide

Díleá Anaeróbach

Reachtáil foireann ildisciplíneach ag Teagasc an chéad chruinniú ar líne den mheitheal theicniúil do thionscadal nua um Dhíleá Anaeróbach (DA) ar a dtugtar FLEET. Sainithneoidh sé na himpleachtaí eacnamaíocha agus comhshaoil ar scála feirme, leibhéal tírdhreacha agus leibhéal náisiúnta a bhaineann le bunábhar malartach a sholáthraítear ón bhfeirm le haghaidh Díleá Anaeróbach (DA) ar leibhéal réigiúnach. Is í eacnamaí Teagasc Fiona Thorne an príomh-imscrúdaitheoir ar thionscadal FLEET a fhaigheann tacaíocht ó chiste Taighde agus Forbartha SEAL.

Beidh an taighde seo ar an gcéad taighde dá shórt in Éirinn chun measúnú a dhéanamh ar an bpoitéinseal atá ann don Díleá Anaeróbach (DA) chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí eacnamaíocha agus comhshaoil ar leibhéal feirme aonair ag baint úsáid as sonraí de chuid Teagasc, an Suirbhé Náisiúnta Feirme. Soláthrófar léargais bheartais úsáideacha leis an toilteanas chun úsáid talún a ghlacadh, agus beidh sé ar thús cadhnaíochta maidir le giniúint eolais a bhaineann leis an earnáil fuinnimh.

Faireachán a dhéanamh ar thaise na hithreach

Tá maoiniú curtha ar fáil ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) faoin gCiste Cánach Carbóin náisiúnta gréasán de 10 suíomh a bhunú ina bhfuil teicneolaíocht úrscothach chun faireachán a dhéanamh ar dhálaí taise na hithreach i bhfíor-am agus thar an bhfadtearma. Clúdóidh na suíomhanna seo na cineálacha móra ithreach, úsáidí talún agus córais aeráide in Éirinn. Tá an tionscadal seo faoi stiúir Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Met Éireann agus Teagasc.

Podchraoladh comhshaoil

Seoladh podchraoladh comhshaoil nua Teagasc in 2021, agus cuireann sé leis an tsraith podchraoltaí fiontair agus taighde atá ann cheana féin. Díreoidh 'Environment Edge' ar dhúshláin agus deiseanna sa talmhaíocht. Á chur i láthair ag Cathal Somers agus Deirdre Glynn ó Teagasc, tabharfaidh an podchraoladh seo an t-eolas, an eolaíocht agus an tuairimíocht is déanaí ar inbhuanaitheacht feirme.

VistaMilk

I mí Dheireadh Fómhair d'óstaigh Ionad Taighde SFI VistaMilk an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConologue T.D., in éineacht le roinnt comhaltai sinsearach dá Roinn agus Siobhan Roche ón gcomhpháirtí comhaoinithe de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) ag Teagasc na Cloiche Léithe.

Is éard atá in VistaMilk lárionad ceannródaíoch domhanda de chuid SFI um tháirgeadh agus próiseáil déiríochta bunaithe ar bheachtas atá mar chomhoibriú uathúil idir institiúidí taighde um agraibhia agus um theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) agus cuideachtaí bia agus TFC ceannródaíocha Éireannacha agus ilnáisiúnta.

Chuir foireann VistaMilk sraith cur i láthair le chéile inar cuireadh i dtábhacht an raon ábhalmhór taighde atá ar siúl ar fud a líonra fhairsing.

Chuir an tOllamh Karl Richards, imscrúdaitheoir maoinithe ag VistaMilk agus Ceann na Roinne Comhshaoil, Ithreacha agus Úsáide Talún ag Teagasc tús leis an taispeántas le forbhreathnú ar shaothar a fhoirme maidir le hacmhainneacht gabhála carbóin d'ithreacha na hÉireann.

D'infheistigh VistaMilk le déanaí in dhá thúr Comhathraithe Guairneáin chun cur leis an líonra Faireachlann Carbóin Náisiúnta ar Ithir Talmhaíochta chomh maith leis na hacmhainní daonna chun an líonra a oibriú agus na sonraí a thagann as a mhianadóireacht.

Léirigh taighdeoirí VistaMilk, Katie Starsmore agus Ben Lahart, a dtaighde úrnua ar thomhas an mheatáin i mba déiríochta i mbun innilte ag baint úsáid as teicneolaíocht GreenFeed. Cuireann an taighde spreagúil sin le himscrúduithe VistaMilk chun astaíochtaí meatáin a laghdú sna córais féaraigh.

Chuir Deirdre Hennessy, imscrúdaitheoir maoinithe VistaMilk agus oifigeach taighde sinsearach féaraigh ag Teagasc staidéir a foirne ar anailís gabhála íomhá ar bháinseacha ilspeiceas i láthair. Cuirfidh an teicneolaíocht seo ar chumas d'fheirmeoirí, le himeacht ama, éagsúlacht speiceas báinsí a rangú go héasca trí leas a bhaint as feidhmchlár fóin chliste; tá an taighde á leathnú anois chun cainníocht agus cáilíocht an fhéaraigh a mheas, rud atá ríthábhachtach i mbainistíocht laethúil na feirme ar gach ainmhí féaraigh ar fud an domhain.

Labhair comhghleacaithe VistaMilk Katie Sugrue (Teagasc) agus Alan O'Riordan (Institiúid Náisiúnta Tyndall) faoina gcomhoibriú maidir le teicneolaíocht braiteoirí den chéad ghlúin eile a sheachadadh chun torthaí sláinte agus leasa ainmhithe a fheabhsú ar leibhéal na feirme.



Sa phictiúr ag taispeántas VistaMilk ag Teagasc na Cloiche Léithe. (Ó chlé go deas) An tOllamh Gerry Boyle, iar-Stiúrthóir Teagasc; an tOllamh Frank O'Mara, Stiúrthóir Teagasc; Charlie McConologue T.D., Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara; an tOllamh Laurence Shalloo, Leas-Stiúrthóir VistaMilk; Liam Herlihy, Cathaoirleach Údarás Teagasc; Brendan Gleeson, Ard-Rúnaí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara; agus Siobhan Roche, Stiúrthóir Eolaíochta don Gheilleagar ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

Cáilíocht an Uisce a Fheabhsú

Tuarascáil eatramhach an Chláir Chomhairligh (ASSAP)

Foilsíodh an dara Clár Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht na Talmhaíochta (ASSAP) i mí Dheireadh Fómhair 2021. Is príomhchuid é an clár ASSAP d'iarracht níos leithne an Rialtais agus an phobail feabhas a chur ar cháilíocht an uisce thar 190 réimse tosaíochta roghnaithe le haghaidh gnímh (PAAnna) ar fud na tíre trí bhrúnna talmhaíochta agus neamhthalmhaíochta a laghdú.

Dírítear sa tuarascáil, ó Teagasc agus Dairy Sustainability Ireland, ar sholáthar leanúnach na seirbhíse comhairlí ASSAP agus idirghníomhú le feirmeoirí anuas go dtí an 31 Nollaig 2020.

Rinneadh dul chun cinn maidir le fadhbanna a aithint sna PAAnna agus cur i bhfeidhm gníomhartha ar fheirmeacha ina ndearnadh measúnú ar 1,810 feirm san iomlán agus rinneadh 391 chuairt leantacha feirme. Tharla sé sin in ainneoin an tionchair a bhí ag paidéim COVID-19 ar chur i bhfeidhm an chláir in 2020 mar gheall ar shrianta ar chuaipteanna feirme.

Tá caillteanais idirleata fosfair (P), dríodair agus nítrigine (N) le huiscí fós chun tosaigh mar bhrú ar cháilíocht an uisce. Aithníodh caillteanas P trí shreabhadh thar thalamh, bainistíocht cothaitheach, maoláin agus rochtain beostoic ar shruthchúrsaí mar phríomhfhadhbanna a chuireann leis an mbrú ar uiscí.

An Clár Gníomhaíochta um Níotráití

Rinne Teagasc aighneacht mar fhreagra don phróiseas comhairliúcháin a bhí á reáchtáil i gcomhpháirt ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RTPPRÁ) agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) chun tuairimí agus barúlacha a lorg. Ba í Meitheal Cáilíochta Uisce Teagasc a d'ullmhaigh í i gcomhairle leis an Meitheal um Astuithe Gásacha. Tá comhaltaí ó na Stiúrthóireachtaí Aistrithe Eolais agus Taighde de chuid Teagasc sna meithleacha sin. Ullmhaíodh é tar éis dul i gcomhairle le comhghleacaithe ar fud Teagasc chun leas a bhaint as a gcuid eolais agus saineolais chomhchoitinn in eolaíocht agus cleachtas agra-chomhshaoil agus i gcur chun feidhme na Rialachán Dea-Chleachtais Talmhaíochta (GAP) agus um Maolú Níotráití.

Talmhaíocht níos bithéagsúla

Seachtain na bhFálta Sceach

Tuiscint níos fearr a fháil ar fhálta ba théama le Seachtain Fálta Sceach Teagasc 2021 a bhí ar siúl idir 3 – 10 Nollaig. Chuir Pippa Hackett, an tAire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, i dtábhacht líonra fálta sceach na hÉireann ag seoladh chlár spreagúil imeachtaí ar líne. Dúirt an tAire Hackett; *“Tá lúcháir orm seachtain fálta sceach a sheoladh, seachtain lán d’eolas luachmhar, ina gcuirtear luach na bhfálta sceach agus na seirbhísí éiceachórais a chuireann siad ar fáil chun cinn.”*

D’fháiltigh Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Frank O’Mara roimh rannpháirtíocht raon leathan eagraíochtaí agus páirtithe leasmhara a raibh an-áthas orthu a bheith páirteach chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar tábhachtach seo, rud a d’eascair ábhar spéise do go leor. Soláthraíonn fálta sceach nasc inlámhsithe idir baile agus tír, rud a spreagann mórtas áite, a thugann carachtar d’fheirmeacha, bailte fearainn, paróistí agus contaetha, agus rud a fhágann go bhfuil siad difriúil ó cheantair eile.

An Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuáil

Bronnadh €118,720 ar Phléghrúpa Caorach Cnoic Shléibhte an Chomaraigh Teagasc le haghaidh tionscadail aon bhliana. Tá an grúpa comhdhéanta de 14 ball feirmeora a bhfuil a gcuid caorach ag innilt thar 4,000 heicteár de shléibhte an Chomaraigh thar sé choimíneacht agus ceithre fheirm ardtalún. Ba í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí a rinne an dámhachtain i mí an Mheithimh ag baint úsáid as samhail na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil.

Bhí fócas na dámhachtana ar bithéagsúlacht a chur chun cinn trí chomhoibriú i measc grúpaí feirmeoireachta, pobail agus grúpaí gníomhaíochta áitiúla a phléann leis an daonra níos leithne. Dúirt Catherine Keena, Speisialtóir Bainistíochta Tuaithe de chuid Teagasc, atá ina ball d’fhoireann an tionscadail; *“Tá buntáistí iomadúla ag baint le nuálaíocht shóisialta nádúrtha agus chultúrtha atá treoraithe leis an oidhreacht. Áirítear orthu sin féiniúlacht a neartú, rannpháirtíocht a chothú, folláine a fheabhsú, poist a chruthú agus luachanna tírdhreacha a chothabháil.”* Soláthróidh an straitéis treochlár ar conas is féidir cuid de na tairbhí seo a bhaint amach ar na Comaraigh.

Taighdeoir sa bithéagsúlacht

Chuir Teagasc roinnt tionscnamh ar aghaidh a bhí dírithe ar an mbithéagsúlacht. Ceapadh Stephanie Maher mar thaighdeoir bithéagsúlachta buan nua bunaithe in Ionad Taighde Comhshaoil Teagasc,



Caisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman. Tá tús curtha le tionscadal chun bearta bithéagsúlachta a chomhtháthú i Suirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc (NFS). Forbraíodh táscaire fréamhshamhla, agus tá plé ar a leasú fós ar siúl.

Comórtas Grianghrafadóireachta Bithéagsúlachta

Is í Roseann O'Neill as Neidín, Co. Chiarraí an buaiteoir iomlán. Mar a mhíníonn Roseann, glacann an íomhá bhuaiteach dá 'Láir Chapaillín Portaigh Chiarraí d'Aicme a haon a glacadh trí fhuinneog seanbhóithigh.' Roghnaíodh íomhá bhuaiteach Roseann as níos mó ná 150 íomhá ilghnéitheach inar léiríodh samplaí de bhithéagsúlacht ar aon dul le feirmeacha eachaí ar fud na tíre a cuireadh isteach le déanaí don chomórtas grianghrafadóireachta san Fheirmeoireacht Eachaí agus Bithéagsúlacht.



Próifílí Foirne



Deirdre C. Doyle, Teicneolaí, Teagasc, Páirc na Darach

Teicneolaí í Deirdre Doyle atá lonnaithe ag Teagasc, Páirc na Darach agus í ag obair laistigh den Chlár um Chomhshaol Barr agus Úsáid Talún. “Is ionann an chuid is mó de mo phost agus bainistiú a dhéanamh ar thrialacha conraithe ar bharr do chuideachtaí móra idirnáisiúnta. Bíonn go leor obair allamuigh i gceist leis seo i gcomhar le foireann comhghleacaithe lena n-áirítear foireann feirme agus teicneoirí.”

“Thosaigh mé mo ghairmréim le Teagasc thiar in 2013 ag obair mar theicneoir ar bharr bithfhuinnimh. Ina dhiaidh sin d'oibrigh mé ar thionscadal chun treoirleabhair mhionsonraithe a fhorbairt do shaothróirí cruithneachta geimhridh agus eorna earraigh. Bhog mé go dtí mo phost reatha, lonnaithe i bPáirc na Darach freisin, in 2018.”


Is as Guaire i gcontae Loch Garman do Dheirdre mar a bhfuil a muintir ina bhfeirmeoirí mairteola agus curaíochta. Is bean capall dhíograiseach í agus caitheann sí go leor dá cuid ama shaoir ag léim capall, suas le leibhéal Grand Prix. “Is póraitheoir capall ar scála beag mé freisin,” a deir Deirdre. “Bím ag pórú roinnt capall gach bliain agus sa tsúil go dtaispeánfaidh siad gealladh mar chapall eachléime.”

Is ball de Chumann Curaíochta agus Úsáide Talún na hÉireann í le tamall fada, agus tá Deirdre ina huachtarán tofa agus beidh sí ar an gcéad bhean i seilbh an phoist mór le rá in 2023.

Sprioc Straitéiseach 4

A áirithiú, trí mheán na nuálaíochta bunaithe ar an eolaíocht, go mbeidh lthreacha, ainmhithe agus daoine níos sláintiúla ann.

- Ainmhithe sláintiúla dá dtugtar aire mhaith
- lthreacha Sláintiúla
- Sláinte agus Cothú Daoine



Ainmhithe sláintiúla dá dtugtar aire mhaith

Leas laonna diúil

Braitheann marthanas agus feidhmíocht an lao diúil ar fhorbairt naisc láidir idir an bhó agus an lao. Beirtear laonna le córas imdhíonachta neamhfhorbartha agus braitheann siad ar antasubstaintí agus ar chomhpháirteanna eile i maothail (an grúth tuis) le haghaidh cosanta ó ghalair, chomh maith le cothú.

Ós rud é go dtosaíonn an cumas antasubstaintí maothaile a ionsú ag laghdú tar éis breithe, tá iompar diúil laonna nuabheirthe an-tábhachtach dá sláinte agus dá leas.



Príomhfachtóir riosca inaitheanta a bhaineann le teip na himdhíonachta éighníomhaí i laonna is ea moill le tomhailt na maothaile. Ag Teagasc na Gráinsí, tá taighdeoirí ag déanamh staidéir ar fhorbairt an naisc idir an bhó agus an lao agus ar an iompraíocht diúil iarbheirthe i ngéinitíopaí bó éagsúla, mar bhealach chun straitéisí bainistíochta a fheabhsú chun imdhíonacht éighníomhach laonna a fheabhsú. Tá Noleen Brereton agus a comhghleacaithe ag obair faoi láthair ar bheathú maothaile cúnta i gcoinne beathú maothaile neamhchuidithe, agus faireachán á dhéanamh ar an bhfrithluail diúil le haghaidh gach lao ag 10 nóiméad iarbheirthe agus laonna a shainaithint a bhfuil idirghabháil de dhíth orthu.

Comhdháil Idirnáisiúnta Eolaíochta um Leas Ainmhithe

Ag deireadh mhí Lúnasa d'óstáil Teagasc agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC) an 8ú Comhdháil Idirnáisiúnta maidir leis an Measúnú ar Leas Ainmhithe ar Leibhéal Feirme agus Grúpa (WAFL), arb í an chéad chomhdháil idirnáisiúnta um leas ainmhithe a reáchtáladh in Éirinn. Keelin O'Driscoll, Amy Quinn, agus Laura Boyle ó PDD Teagasc a bhí ar an gcoiste eagraithe, chomh maith le Fidelma Butler ó COC. Bhí an chomhdháil le bheith ar siúl in COC i mí Lúnasa 2020, ach mar gheall ar shrianta COVID, cuireadh siar go dtí i mbliana í, agus ritheadh ar ardán fíorúil í. Mar sin féin, ba í an chomhdháil WAFL ba mhó go dtí seo í, agus bhí os cionn 360 toscaire ó 32 tír i láthair.

Sláinte Muc

Agus coinne le rialachán AE um thréidliacht (cur chun feidhme i mí Eanáir 2022) agus an cosc ar ocsaíd since (ZnO) ag dáileoga teiripeacha (Meitheamh 2022) d'infheistigh Rannóg Forbartha Muc Teagasc, acmhainní móra chun réitigh a aimsiú nuair nach mbeidh antaibheathaigh choisctheacha agus ZnO ar fáil a thuilleadh. Tá sé thionscadal leanúnach (Tionscadail PigNutriStrat, MonoGutHelath, Proswine, Milkobiome, BM-Farm, AMU-Farm) ag iarraidh réitigh bhainistíochta a fháil do tháirgeoirí muc.

Frithmhiocróbaigh

Cuireadh tús le tionscadal chun idirghabhálacha nua athraithe iompraíochta a fhorbairt agus a thriail chun tacú le húsáid stuama frithmhiocróbach agus frith-heilmintigh ar fheirmeacha i mí Dheireadh Fómhair 2021, le mac léinn PhD ag tosú le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste. Tá oiliúint tréidliachta agus chomhairleach agus dearadh píolótach ar siúl i gcomhar le QUB agus AHI.

Cuairt VIP ar Theagasc na Gráinsí

Chuaigh Ambasadóir na Breataine chun na hÉireann, Paul Johnston in éineacht le hUachtarán IFA Tím Cullinan chun cuairt a thabhairt ar Ionad Ainmhithe agus Féaraigh, Taighde agus Nuálaíochta Teagasc, an Ghráinseach, Contae na Mí an 10 Lúnasa. Taispeánadh córais táirgthe eallaigh inbhuanaithe.



Ambasadóir na Breataine chun na hÉireann, Paul Johnston, in éineacht ar thaobh a láimhe clé le Paul Crosson agus an tOllamh Gerry Boyle, iar-Stiúrthóir Teagasc.

Ithreacha Sláintiúla

Clár na nIthreacha Troma

Bunaíodh Clár Ithreacha Troma Teagasc thiar in 2011 chun líonra feirmeacha déiríochta a fhorbairt ar ithreacha a bhfuil drochdhraenáil orthu chun feidhmiú mar bhinse tástála le haghaidh straitéisí agus cleachtais bhainistíochta a d'fhéadfaí a chur chun feidhme chun éifeachtúlacht agus feidhmíocht feirmeacha a bhfuil na hithreacha sin in uachtar iontu a fheabhsú, arb ionann iad agus 30% d'fhéarthailte ar bhonn náisiúnta.

Is foilseachán ó 2021 é 'Lessons learned - key findings of the Teagasc Heavy Soils programme' (Ceachtanna foghlamtha – príomhthorthaí chlár Ithreach Troma Teagasc) ina dtugtar cuntas ar fhorbairt na bhfeirmeacha rannpháirteacha le deich mbliana anuas.

Is iad príomhréimsí fócais an chlár go nuige seo é dearadh draenála talún, saintréithriú ithreach & bainistíocht talún, torthúlacht ithreach & éifeachtúlacht úsáide cothaitheach, bainistíocht féaraigh agus bonneagar feirme. Tá sé rithábhachtach na gnéithe seo a bharrfheabhsú chun inbhuanaitheacht na bhfeirmeacha sin a fheabhsú.

Ó thús an chlár, tá méadú thart ar 32% tagtha ar mhéid an tréada ar na feirmeacha rannpháirteacha ó leibhéal 2011, le méadú comhfheagrach ar ráta stócala an limistéir bhleáin ó 2.12 go 2.82 bó in aghaidh an heicteáir. Tá méadú tagtha ar EBI tréada ó €84 in 2011 go dtí €139 in 2020.

Mhéadaigh an meán-aschur i dtéarmaí solaid bhainne in aghaidh an heicteáir ó 850 kg in aghaidh an heicteáir in 2011 go 1,405 kg/Ha in 2020, ar méadú 65% é. Bhí meán-aschur comhlán i dtéarmaí luacha idir €2,935/Ha in 2016, nuair a bhí praghas bainne ar an bpraghas is ísle go dtí €4,530/Ha in 2018.

Le hathbhreithniú leanúnach ar bhanraigh dhrochfheidhmíochta, is féidir infheistíocht a phleanáil maidir le hoibreacha draenála talún, feabhsuithe torthúlachta ithreach, bonneagar athshíolta agus innilte.

SOILGUARD


I mí an Mheithimh 2021, réachtáil tionscadal Fhís 2020, SOILGUARD, le cúig chomhpháirtí tionscadail thrasdisciplíneacha is fiche ó sheacht dtír déag, a chéad chruinniú ar líne.

Is iad Teagasc an comhpháirtí Éireannach in SOILGUARD. Dúirt Fiona Brennan, oifigeach taighde Teagasc, Caisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman; "Ní féidir áibhéil a dhéanamh faoi thábhacht an tsaoil laistigh dár n-ithreacha maidir le hinbhuanaitheacht, acmhainneacht agus feidhmiú ár gcóras feirmeoireachta. Beidh tuiscint agus leas a bhaint as an mbitheolaíocht sin rithábhachtach d'fhorbairt na gcóras talmhaíochta atá neodrach ó thaobh carbóin de agus atá seasmhach ó thaobh na haeráide de amach anseo".

Lámhleabhar ithreacha

Cuireadh an dara heagrán lánleasaithe de **LÁMHLEABHAR TEAGASC AR DHRAENÁIL - agus Bainistíocht Ithreach** i gcrích in 2021. Is "Lámhleabhar Dea-Chleachtais d'Fheirmeoirí na hÉireann" é an lámhleabhar seo a bhfuil cineál an-amhairc leis, agus tugtar breac-chuntas ann ar an gcaoi a mbeidh ról ag táirgiúlacht talún a fheabhsú, trí dhraenáil stuama agus íogair ó thaobh an chomhshaoil de sa táirgeadh bia.

Níl draenáil na n-ithreacha ina bhfuil cion ard orgánach cliste ó thaobh na haeráide de a thuilleadh agus díronn an lámhleabhar ar ithreacha mianraí dá bhrí sin. Tionscadal suntasach foirne a bhí sa lámhleabhar, faoi stiúir Pat Tuohy, ina dtugtar le chéile saineolas na gcomhairleoirí, oideachasóirí, eacnamaithe agus eolaithe taighde tosaigh ar fud Teagasc. Cuireann ranníocaíochtaí ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tuilleadh leis an bhfoilseachán.



Sláinte agus Cothú Daoine

Bithghníomhaigh

I staidéir bhia agus chothaithe, tagraíonn an téarma "bithghníomhach" do chomhdhúile i mbia nach cothaitheigh riachtanacha iad ach a bhféadfadh buntáistí sláinte eile, ar leithligh a bheith acu. Déanann grúpa André Brodkorb in Teagasc na Cloiche Léithe staidéar ar dhíleá bia agus ar an ngaol idir struchtúr bia agus a fheidhm sa chorp.

Mar bhall den líonra domhanda INFOGEST, bhí André ina cheannaire i bhforbairt samhlaigh caighdeánaithe in vitro den chóras díleá. Deir André: *"Cabhraíonn samhlaigh díleá bunaithe ar shaotharlann linn tuiscint iomlán a fháil ar a bhfuil ag tarlú nuair a ithimid agus a dhíleáimid bia. Ligeann sé dúinn bithghníomhaigh a scaoiltear ó bhia le linn díleá a shainaithint, agus ligeann na modhanna caighdeánaithe ar nós INFOGEST dúinn torthaí a chur i gcomparáid agus a chomhroinnt le grúpaí taighde eile ar fud an domhain."*

Léirigh André an múnla saotharlainne seo don láithreoir Aoibhinn Ní Shúilleabháin do chlár teilifíse de chuid RTÉ, ag míniú conas a ligeann sé d'eolaithe bia staidéar a dhéanamh ar dhíleá cineálacha éagsúla bia agus anailís a dhéanamh ar tháirgí deiridh ar nós aimíonaigéad, aigéid shailleacha agus siúcraí, chomh maith le micreachothaitheigh thábhachtacha ar nós vitimíní agus mianraí.



André Brodkorb in éineacht le hAoibhinn Ní Shúilleabháin.

Miocrorgánaigh phataigineacha dhaonna

Foilsíodh tuarascáil nua ar Dhea-Chleachtas chun Miocrorgánaigh Phataigineacha Dhaonna a Rialú i gCórais Táirgthe Plandaí i mí na Nollag le gníomh HUPLANTcontrol COST; Rialú ar Mhiocrorgánaigh Phataigineacha Dhaonna i gCórais Táirgthe Plandaí, le foilseachán na tuarascála arna chomhordú ag Teagasc.

Eascaíonn an tuarascáil as ceardlann a d'eagraigh HUPLANTcontrol agus inar tugadh le chéile taighdeoirí idirnáisiúnta, rialtóirí, saothróirí agus páirtithe leasmhara eile chun díriú ar scrúdú a

dhéanamh ar dhea-chleachtas chun miocrorgánaigh phataigineacha dhaonna a rialú i gcórais táirgthe plandaí.

Ba é Teagasc a reáchtáil an cheardlann ag Ionad Taighde Bia Teagasc i mBaile Átha Cliath. Ba é aidhm na ceardlainne páirtithe leasmhara ábhartha a thabhairt le chéile chun scrúdú a dhéanamh ar ghuaiseacha bith-eolaíoch agus straitéisí rialaithe i gcórais táirgthe plandaí d'fhonn sábháilteacht mhicribhitheolaíoch na dtáirgí gairneoireachta a áirithiú. Ghlac grúpa ildisciplíneach de shaineolaithe eolaíochta idirnáisiúnta, lena n-áirítear taighdeoirí i micribhitheolaíocht bhia, micribhitheolaíocht plandaí, micribhitheolaíocht ithreach, éiceolaíocht mhiocróbach, táirgeadh talmhaíochta, gairneoireacht, pataigineacht agus nimhneacht mhiocróbach, measúnú riosca agus bainistíocht sábháilteachta bia páirt sa cheardlann.

Aosú folláin

Cuireann an staidéar Teagasc seo eolas tábhachtach ar fáil do chomhlachtaí bia atá ag forbairt bianna feidhmiúla atá dírithe ar aosú folláin. Ba iad na bianna feidhmiúla ba tharraingtí na cinn úd a forbraíodh chun sláinte chnámh agus chroí a fheabhsú, rud a thugann le tuiscint go bhféadfaidís seo a bheith ina spriocanna maithe maidir le nuálaíocht i mbia feidhmiúil.

Ní raibh difríocht idir glacadh le bianna feidhmiúla agus tréithe sochdhéimeagrafacha, ach ba na dearthaí sláinte a chonacthas í. Cuireann sé sin i dtábhacht na tréithe sláinte a chur chun cinn nuair a dhéantar margaíocht ar tháirgí nua feidhmiúla bia do thomhaltóirí.

Léirítear sa staidéar go gcuireann tomhaltóirí atá ag dul in aois go leor muiníne san fhaisnéis chothaithe a sholáthraíonn na ndochtúirí, a gcairde agus a dteaghlach. Dá bhrí sin, ba cheart na buntáistí a bhaineann le bianna feidhmiúla atá deartha le haghaidh aosú folláin a chur in iúl dírithe ar na grúpaí iontaofa sin, chomh maith leis na tomhaltóirí aosta iad féin.

Próifílí Foirne

Elizabeth Fennelly, Riarthóir Campais, Teagasc, Campas na Cloiche Léithe

Is í Liz Fennelly Riarthóir an Champais do Champas na Cloiche Léithe, agus í ag díriú go príomha ar dhea-chleachtas a threorú i ngach gné riaracháin agus airgeadais den bhainistíocht ar Champas na Cloiche Léithe.

Tá Liz ina cónaí ar theorainn Thiobraid Árann/Chill Chainnigh agus is ó chúla feirmeoireachta an-láidir í. Nuair a chríochnaigh sí a hardteistiméireacht, d'fhreastail Liz ar Choláiste Talmhaíochta an Ghoirtín agus ina dhiaidh sin ghlac sí ról an tsamplóra ithreach do réigiún Thiobraid Árann ag obair le Teagasc Chluain Meala.

In 2003 chuaigh Liz isteach sa Rannóg TFC i gCeannoifig Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach, áit ar oibrigh sí mar Riarthóir TFC ar feadh sé bliana. Tugadh ardú céime do Liz ina dhiaidh sin chuig Ceannasaí Foirne Cuntais Iníoctha sa Rannóg Airgeadais, an Phríomhoifig, i bPáirc na Darach, Ceatharlach. Le linn na tréimhse sin thug Liz faoi BA cheithre bliana sa Chuntasaíocht (Onóracha) agus bhain sí céim amach in 2018. In 2017 bhog Liz go Campas na Cloiche Léithe mar Oifigeach Tacaíochta Riaracháin agus ceithre bliana ina dhiaidh sin tugadh ardú céime do Liz chuig Oifigeach Riaracháin an Champais sa Chloch Liath.

"Taitníonn sé go mór liom a bheith ag obair le Teagasc, eagraíocht a chuireann réimse éagsúil deiseanna ar fáil dá fostaithe ó thaobh conair ghairme agus sásamh fostaíochta de. Is eagraíocht muid d'fhoireann thar a bheith cumasach agus díograiseach, agus gach paisean agus dúthracht ag gach duine dá ról."





Is é Peter Doyle buaiteoir Bhonn Óir Scoláire Walsh Teagasc don bhliain 2021. Bhronn an tOllamh Frank O'Mara, Stiúrthóir Taighde (ag an am) ag Teagasc, an bonn ar Peter ag searmanas speisialta ar líne. Bhuaigh Peter an gradam foriomlán tar éis dó catagóir an Chláir Taighde agus Nuálaíochta Ainmhithe agus Féaraigh Teagasc a bhuachan.

Sprioc Straitéiseach 5

Feabhas agus éifeachtúlacht eagraíochtúil a fheabhsú i gcónaí maidir le soláthar ár seirbhísí.

- Acmhainní a chur ar fáil agus Bainistiú Caiteachas Reatha
- 'Teagasc le Chéile': Eagraíocht Níos Sofhreagrúla a Thógáil
- Éagsúlacht agus Cuimsiú
- Cosaint Sonraí
- Comhoibriú
- Infheistíocht Bhonneagair
- Teicneolaíocht nua don fhoireann a threisiú
- Digitiúchán agus Acmhainní TFC
- Cumarsáid agus Rannpháirteachas

Acmhainní a chur ar fáil agus Bainistiú Caiteachas Reatha

In 2021 chuir Teagasc tuilleadh caighdeánaithe agus uathoibrithe chun feidhme sna próisis soláthar le híoc. Tugadh roinnt r-Fhoirmeacha isteach agus cuireadh tús le tógáil modúl r-Fhoghlama d'fhoréilitheoirí. Fostaíodh sainchomhairleoir seachtrach chun athbhreithniú próisis gnó a dhéanamh ar an bpróiseas cuntais iníoctha agus cuirfear na moltaí chun feidhme.

Rath ó thaobh maoinithe

Fuair Teagasc €26 mhilliún de mhaoiniú seachtrach taighde in 2021, méadú ón iomlán de €18 milliún in 2020. Ba mhórfhoinse maoinithe í RTBM arís i mbliana agus fuair Teagasc €7.6 milliún ó ghlao iomaíoch RTBM in 2021.

Mar chuid den ghlaio seo, beidh Teagasc i gceannas ar thionscadal €2.2 milliún ar straitéisí chun acmhainneacht a mhéadú i bhforaoisí na hÉireann chun aghaidh a thabhairt ar thionchair an athraithe aeráide agus ar thionscadal dar luach €1.5 milliún chun anailís chuar costais laghdaithe imeallaigh (MACC) nua a ghiniúint.

Fuair Teagasc €2.8 milliún freisin ó SFI le haghaidh dhá mhórphíosa bonneagair, saoráid tástála GCT ithreach agus ardtrealamh le haghaidh sheicheamhú DNA. Ba í 2021 an bhliain dheireanach de mhaoiniú faoi Fhís 2020, clár taighde agus nuálaíochta an Aontais Eorpaigh. San iomlán, ghnóthaigh Teagasc €28.7 milliún thar shaolré Fhís 2020 agus bhí sé sa 6ú háit i measc na n-eagraíochtaí iarrthacha go léir ó gach tír i dtéarmaí líon na dtionscadal a bronnadh sa sruth agraibhia (Dúshlán Sochaíoch a dó).


In 2021, fuarthas níos mó ná €1 milliún do thionscadal Fhís 2020 a dhéanann staidéar ar mhicribhithóim an athchogantaigh, agus fuarthas beagnach €900,000 do thionscadal ar fheirmeacha atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

External Research Funding



Technology Transfer Office Support

Fostering collaborations with industry



18% of Teagasc research income was generated from collaborative research with industry

Nurturing early stage ideas




During 2021, the Teagasc Technology transfer team worked with researchers to compile 26 invention disclosures and file 6 new patent applications

Accessing world leading specialist facilities



The combined income from Food Programme technical services and MTL services rose by 12% from €4.4m in 2020 to €5.0m in 2021.

Delivering impacts



5 new products and/or service launched in 2021 a direct result of licensing of technologies from Teagasc

Research Funding



Value of contracts signed for external research funding increased from €18m in 2020 to €26m in 2021



DAFM and EI account for 2/3 of external research funding in 2021



€28.7m funding secured from Horizon 2020 over the lifetime of the programme.



Teagasc ranked 6th of all organisations from all countries for number of projects funded by the agri-food stream of Horizon 2020.

Stiúrthóir Nua Teagasc

Chuir an tOllamh Frank O'Mara tús lena ról nua mar Stiúrthóir Teagasc Dé hAoine, 1 Deireadh Fómhair, 2021. Rinne Údarás Teagasc an ceapachán i mí Iúil le toiliú an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D. Is eolaí talmhaíochta agus saineolaí i gcórais beostoic inbhuanaithe é an tOllamh O'Mara, le breis agus 30 bliain de thaithí i gcáileanna teicniúla agus bainistíochta sinsearach in institiúidí taighde, oideachais agus forbartha Agraibhia.

Ó 2009 i leith, tá an tOllamh O'Mara ina Stiúrthóir Taighde in Teagasc. Faoina cheannaireacht, mhéadaigh líon na bhfoilseachán piarmheasúnaithe ó 258 in 2008 go 726 in 2020. Chinntigh sé sin go raibh tionchar mór ag Taighde Teagasc ar an earnáil agraibhia agus ar bheartas an rialtais le deich mbliana anuas le tacaíocht ó mhaoiniú náisiúnta agus AE, agus d'éascaigh sé don fhás ar chlár Scoláireachtaí Walsh.

Cháiligh sé le céad onóracha in B.Agr.Sc ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath thiar in 1987, bhuaigh sé bonn McGuckian, agus Duais Hussey don eacnamaíocht talmhaíochta ina bhliain dheireanach. Fuair sé PhD ó COBÁC in 1993, ag críochnú a thaighde dochtúireachta ag Teagasc na Cloiche Léithe. Go luath ina ghairmréimsean, bhí sé ina léachtóir sinsearach, ina Ollamh Comhlach agus ina thaighdeoir in COBÁC ar feadh dheich mbliana, le speisialtóireacht aige i gcothú ainmhithe agus i dtáirgeadh ainmhithe.



Ag comhghairdeas leis an Ollamh O'Mara ar a cheapachán, dúirt Cathaoirleach Teagasc, Liam Herlihy; "Táim ag tnúth le bheith ag obair le Frank mar Stiúrthóir Teagasc. Tá suim ar leith aige i dtalmhaíocht inbhuanaithe agus i gcórais bhia agus táim muiníneach go n-éireoidh leis Teagasc a threorú trí na hathruithe a theastaíonn chun cabhrú le feirmeoirí na hÉireann agus leis an earnáil agraibhia aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta atá os a comhair. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Gerry Boyle as a cheannaireacht ar an eagraíocht mar Stiúrthóir, le 14 bliana anuas." Ina chónaí anois i gcontae Cheatharlach, is as Lios Ruanach i gContae Thiobraid Árann ó dhúchas é an tOllamh O'Mara.

'Teagasc le Chéile': Eagraíocht Níos Sofhreagrúla a Thógáil

Sheolamar an Ráiteas Straitéise nua dar teideal 'Teagasc le Chéile – ag baint leasa as cumhacht taighde, chomhairleach agus oideachais chun córas bia inbhuanaithe a chruthú' a bhfuil sé mar aidhm aige éiteas agus modh oibre láidir Teagasc le Chéile a spreagadh agus a chothú. Faoi urraíocht ag Stiúrthóir nua Teagasc, tá roinnt tionscnamh nua beartaithe chun a chinntiú go mbíonn foireann Teagasc ag obair i gcomhar ar fud aonad/ionad agus stiúrthóireachtaí a mhéid is féidir chun an tseirbhís is fearr a sholáthar dár gcliaint agus dár bpáirtithe leasmhara.

Cumasaíodh an feachtas seo i dtreo chomhoibriú níos mó fós idir an fhoireann ar fud na heagraíochta trí mhodh oibre níos sofhreagrúla. Trí úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí comhoibríocha digiteacha agus níos mó solúbthachta maidir leis an áit óna n-oibríonn an fhoireann, bíonn sé níos éasca anois do bhaill foirne a bhí teoranta d'oifig comhoibriú agus idirghníomhaíochtaí fíorúla a réachtáil le comhghleacaithe nár oibrigh siad leo roimhe seo.

Thug Teagasc clár oibre sofhreagrúil nua isteach roimh an bpaindéim dhomhanda. Leanfaidh an clár oibre sofhreagrúil ag éabhlóidiú chun a chinntiú gur féidir le Teagasc an fhoireann is fearr a mhealladh agus a choinneáil, agus chun a chinntiú go bhfuil an fhoireann fostaithe agus go n-éascaítear dóibh cothromaíocht mhaith oibre agus saoil a bhainistiú.

Teagasc staff Full Time Equivalents, Jan 1, 2021

	Research	
	Research HQ	26.6
	Animal & Grassland	221.83
	Crops, Environment & Land Use	183.13
	Food	162.29
	Rural Economics & Development	60.70
	Total Research	654.55
	Knowledge Transfer	
	Knowledge Transfer (KT) HQ	15.54
	KT Advisory Regions*	392.16
	KT Education	136.73
	Total KT	544.43
	Operations	
	Operations	86.06
	Director's Office	12.70
	Total Operations	98.76
Overall Total		1,297.74

*There were 268.55 FTE front line advisors at the start of January.

Éagsúlacht agus Cuimsiú

Sheol Teagasc a straitéis Éagsúlachta agus Cuimsithe i mí Iúil 2020 agus le linn 2021 d'oibrigh sé ar roinnt tionscnamh D&I a chur chun feidhme. Go déanach in 2021 chuaigh Teagasc i gcomhpháirtíocht le inclusio chun ardán idirghníomhach measúnaithe agus oiliúna D&I a chur i bhfeidhm. D'fhothann an dul chun cinn atá déanta a chur chun cinn agus ár n-iarrachtaí a dhíriú ar aghaidh a thabhairt ar chuid de na heasnamh D&I atá ag Teagasc, fógraíodh 2022 mar 'Bliain na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe' de chuid Teagasc. Cuirfear oiliúint D&I ar bhaill foirne in 2022 agus freastalóidh bainisteoirí ar mháistir-ranganna ar conas sábháilteacht shíceolaíoch a thógáil.



Tá dul chun cinn maith déanta ag Teagasc maidir lena Phlean um Chomhionannas Inscne a chur chun feidhme. I measc bhuaicphointí 2021 bhí dul chun cinn a rinneadh le clár meantóireachta Teagasc, na ciorcail um thapú deiseanna don fhoireann bhaineann agus an méadú ar líon na mball foirne ban a bhfuil poist shinsearach acu ó 12% in 2018 go 22% in 2021.

Comhionannas agus Cearta an Duine


Cuireann An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, dualgas dearfach ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí féachaint don ghá le hidirdhealú a dhíothú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint, ina gcuid oibre laethúla.

Tugtar "Dualgas na hEarnála Poiblí" air sin. Leagtar amach in Alt 42 den Acht trí chéim lárnacha, mar a leanas, atá le déanamh ag comhlachtaí poiblí:

- I. Agus pleananna straitéiseacha á n-ullmhú acu, ní mór do chomhlachtaí na hearnála poiblí na saincheisteanna um chearta daonna agus um chomhionannas a bhaineann lena bhfeidhmeanna a mheasúnú agus a shainaithint – caithfidh baint a bheith ag na saincheisteanna seo lena fheidhmeanna ar fad mar fhostóir, lucht ceaptha beartais agus soláthraí seirbhíse;
- II. Ní mór do chomhlachtaí poiblí ansin na beartais agus na cleachtais atá i bhfeidhm acu nó a bheartaíonn siad a chur i bhfeidhm a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin; agus,
- III. Ina dtuarascálacha bliantúla, nó i ndoiciméid choibhéiseacha, ní mór do chomhlachtaí poiblí tuairisciú ar bhealach inrochtana don phobal, faoina bhforbairt agus gnóthachtálacha ina leith sin.

Bhunaigh Teagasc meitheal oibre in 2020 chun: athbhreithniú a dhéanamh ar Dhualgas na hEarnála Poiblí; measúnú a dhéanamh ar aon fhadhbanna agus easnaimh agus plean gníomhaíochta a fhorbairt. Leagtar amach sa tuarascáil seo an comhthéacs reachtach, beartais agus próisis Teagasc atá ann cheana chun tacú leis an Dualgas, agus plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna féideartha agus a ailíniú le prionsabail agus brí an Achta um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Women in senior management positions in Teagasc



Cosaint Sonraí

Rinne Teagasc athbhreithniú ar Chosaint Sonraí san eagraíocht le linn 2021 chun a chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht RGCS ar bhonn leanúnach. Críochnaíodh Fógraí Príobháideachta Sonraí Fostaithe agus scaipeadh ar fud na heagraíochta iad. Rinneadh measúnú ar an oiliúint reatha um Chosaint Sonraí in 2021 d'fhonn oiliúint nua a chur ar fáil d'úsáideoirí uile Teagasc le críochnú in 2022.

Iarradh ar Aonaid Ghnó in Teagasc athbhreithniú a dhéanamh ar an Sceideal um Choinneáil Sonraí dá réimsí i gcomhar leis an Lá Idirnáisiúnta um Chosaint Sonraí i mí Eanáir 2021.

Chuir an tOifigeach Cosanta Sonraí cumarsáid ar fáil ar ardáin éagsúla lena n-áirítear cur i láthair don líonra Cosantóirí Sonraí in Teagasc, d'Aonaid Ghnó agus ag cruinnithe ar leibhéal na Stiúrthóireachta i rith na bliana. Cuireadh teachtaireachtaí comhsheasmhacha ar fáil freisin d'úsáideoirí uile Teagasc maidir le hoibleagáidí maidir le tuairisciú ar Shárú Sonraí agus cianobair. Pléadh le hiarratais Ábhar Sonraí de réir bheartas Teagasc agus de réir RGCS.

Tagann Teagasc faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 agus pléadh le gach iarratas a cuireadh faoi bhráid Teagasc mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht.

Tuarascáil Fuinnimh

Feidhmíonn Teagasc as 55 ionad phríomha ar fud na tíre de scálaí éagsúla idir mhéid Campais agus oifigí comhairleacha beaga áitiúla, agus miondealaítear na láithreacha mar seo a leanas:

- 10 gCampas Mhóra ar an meán ag díreach faoi bhun 6,000m² d'achar urláir cóireáilte/oiriúnaithe
- 45 Oifig Chomhairleach ar an meán ag díreach faoi bhun 340m² d'achar urláir cóireáilte/oiriúnaithe

D'ídigh Teagasc 27,859,458 kWh d'fhuinneamh in 2021, ar laghdú beagnach 12.8% é ar a ídiú in 2020. Is féidir miondealú a dhéanamh air sin mar seo a leanas:

- 9,926,249 kWh leictreachais (35.6% den fhuinneamh iomlán);
- 12,647,913 kWh de bhreosla teirmeach chun spásanna a théamh (45.4% den fhuinneamh iomlán);
- 5,285,296 kWh de bhreosla feithicle, lena gcuimsítear talmhaíocht, iompar tráchtála agus flít carranna (19% den fhuinneamh iomlán);
- 1,093,661 kWh de bhreoslaí in-athnuaite (3.9% den fhuinneamh iomlán - ní thugtar san áireamh leis an bhfigiúr sin cion an leictreachais cheannaithe a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite nó cuid an bhreosla in-athnuaite de bhreoslaí iompair ceannaithe).

Cuireadh Dréacht-Straitéis Dícharbóinithe i láthair na foirne go léir Dé Máirt 12 Aibreán 2022: Leagtar amach sa doiciméad seo cosán soiléir a threoróidh an eagraíocht i dtreo spriocanna 2030 a bhaint amach. Is éard atá i gceist leo sin ná feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach, rátáil BER B a ghnóthú do gach foirgneamh poiblí, agus sprioc nua laghdaithe astaíochtaí carbóin de 51% a bhaint amach.

Is í timpeallacht thógtha Teagasc an príomhúsáideoir acmhainní fuinnimh a fhreagraíonn do thuairim 81% den ídiú iomlán. Tá Teagasc ag déanamh suirbhéanna ar bhail na bhfoirgneamh go léir agus tá plan tionscadail 5 bliana á chur chun cinn aige chun oifigí comhairleacha a uasghrádú agus a nuachóiriú. Tá cistí á n-imfháil ó bhuiséad caipitil 2022 chun tionscadail a mhaoiniú mar rannchuidiú le laghduithe ar ídiú fuinnimh agus ar astaíochtaí carbóin gaolmhara. Seo a leanas dhá cheann de na príomhthionscadail atá á bhforbairt faoi láthair: (1) céim 1 de shoilsiú LED a chur i bhfeidhm d'Ionaid & Coláistí Taighde (2) suiteáil bhreise d'eagair fhótavoltacha ar fud láithreach in Teagasc.

Aithníodh roinnt tionscadal eile amhail: insliú agus uasghráduithe ar chreatlacha foirgneamh; uasghráduithe téimh theirmigh (lena n-áirítear teaschaidéil nó teicneolaíocht eile atá neodrach ó thaobh carbóin de i gcás inarb iomchuí); barrfheabhsú rialuithe tógála; agus suiteáil na gCóras Bainistíochta Foirgníochta (CBF).

Comhoibriú

Comhdháil Teagasc / SRUC

Bhí ról an digitiúcháin maidir le geilleagar glas tuaithe a dhaingniú mar fhócas ag comhdháil fhíorúil a reáchtáil Coláiste Tuaithe na hAlban (SRUC) agus Teagasc i mí Feabhra.

Comhoibriú déiríochta

Síníodh Meabhrán Tuisceana (MoU) an 9 Lúnasa 2021 idir Ollscoil Luimnigh agus Teagasc. Éascóidh sé sin do dhá phríomhionad taighde déiríochta – an Lárionad Teicneolaíochta um Próiseáil Déiríochta (DPTC) ag OL agus VistaMilk – chun leas a bhaint as sineirgí agus deiseanna comhoibríocha ar mhaithe leis an taighde déiríochta amach anseo.

Compháirtíocht na hinbhuanaitheachta

Beidh buntáiste iomaíoch suntasach ag earnáil bia agus feirmeoireachta na hÉireann ar an margadh domhanda trí cheann de na córais bia is inbhuanaithe ar domhan a chruthú trí chomhoibriú uathúil idir an chuideachta cothaithe ainmhithe Devenish agus Teagasc.

Cúnamh Éireann

D'aontaigh Teagasc Meabhrán Tuisceana agus clár oibre nua le Cúnamh Éireann in 2021.

Cáilíochtaí talmhaíochta páirtaimseartha

D'fhógair Coláiste Talmhaíochta Teagasc Bhéal Átha hÉis agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DkIT) seoladh sraithe clár páirtaimseartha sa talmhaíocht, ar cuireadh tús leo i Meán Fómhair 2021.

Comhaontú comhair leis an tSín

D'fhógair APC Microbiome Ireland (APC), Ionad Taighde SFI i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, Teagasc agus an Lárionad Náisiúnta Taighde Innealtóireachta do Bhia Feidhmiúil (NERCFF) in Ollscoil Jiangnan sa tSín, comhaontú comhair acadúil nua chun comhoibrithe agus malartuithe taighde níos doimhne a chothú idir an dá ionad taighde.

Infheistíocht Bhonneagair

NASRIC

Tá Lárionad Náisiúnta Taighde agus Nuálaíochta Inbhuanaithe Talmhaíochta (NASRIC) nua le bunú ag Teagasc Chaisleán Bhaile Sheáin. D'fhógair an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D., go gcuirfidh RTBM an maoiniú riachtanach (€9m) ar fáil do Teagasc chun tús a chur leis an tógáil láithreach. Leathnóidh agus feabhsóidh an Lárionad nua sin na háiseanna reatha Taighde agus Nuálaíochta de chuid Teagasc ag Ionad Taighde Comhshaoil Teagasc i gCaisleán Bhaile Sheáin, Contae Loch Garman.

Dúirt Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Frank O Mara; “Cuirfidh an Lárionad tacaíocht theicniúil ar fáil do lucht ceaptha beartais agus do na hearnálacha agraibhia agus úsáid talún níos leithne chun spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach. Beidh suas le 85 bhall foirne san Ionad, ar a mbeidh eolaithe taighde, foireann theicniúil agus tacaíochta, chun tabhairt faoin taighde atá riachtanach chun tacú le hinbhuanaitheacht na hearnála.”

Teicneolaíocht nua don fhoireann a threisiú

Ag tógáil ar ardán nua cumarsáide inmheánaí a thabhairt isteach don fhoireann in 2020, in 2021 chuir Teagasc córas bainistíochta foghlama digiteach nua i bhfeidhm agus feidhmiúlacht fheabhsaithe freisin don fhoireann agus do bhainisteoirí chun saoire agus asláithreachtaí a bhainistiú. Is féidir le baill foirne cur isteach ar shaoire anois agus féachaint ar a nduillín pá óna ngutháin chliste tríd an aip PeopleXD.

Ardán foghlama ar líne

I mí Lúnasa 2021, d'aistrigh Oideachas Teagasc a ardán foghlama ar líne, Moodle, chuig soláthraí seirbhíse nua dar teideal Enoation roimh thús na bliana acadúla 2021. Is ardán bogearraí foinse oscailte atá aitheanta go domhanda é Moodle atá deartha chun córas slán agus comhtháite a sholáthar d'oideoirí, riarthóirí agus foghlaimeoirí chun timpeallachtaí foghlama a chruthú.

Tá leaganacha de Moodle á n-úsáid ag Teagasc ó 2008 i leith chun cúrsaí Chianoideachais a sholáthar, ina soláthraítear meascán de dheiseanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe ar líne agus ar an bhfíorshaol. Mhéadaigh úsáid Teagasc as ardán Moodle go mór le linn na paindéime COVID-19, nuair a chuir sé ar chumas do mhic léinn lánaimseartha an choláiste leanúint ar aghaidh le cúrsaí a sholáthar agus le measúnú a dhéanamh ar líne.

Cuireadh tús leis an obair i mí Lúnasa 2020, nuair a tionóladh meitheal oibre chun ardán oideachais uasghrádaithe a bhreithniú. Ag deireadh an phróisis sin, bunaíodh foghrúpa forfheidhmithe chun oibriú leis an soláthraí seirbhíse nua ar an ardán nua a bhunú agus cúrsaí, baill foirne agus mic léinn a aistriú chuig an gcóras nua.

Athbhreithniú ar chlár oideachais

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Chlár Theastas Glas Pháirtaimseartha agus Chianoideachais Teagasc i mí Dheireadh Fómhair 2021. Ghlac Comhairle Acadúil Teagasc le téarmaí tagartha. Is é cuspóir an athbhreithnithe ná clár talmhaíochta pháirtaimseartha agus chianoideachais reatha Teagasc a iniúchadh, d'fhonn a soláthar a athstruchtúrú chun freastal ar riachtanais athraitheacha foghlaimeoirí.

Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin

Chuaigh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue T.D., le roinnt de shliocht iarfhoireann Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin 100 bliain ó shin le ceiliúradh a dhéanamh ar oscailt oifigiúil Eastát, Mhúsaem agus Ghairdíní Maorga Chaisleán Bhaile Sheáin i gContae Loch Garman.

Suite ar 120 acra, d'oscail an réadmhaoin stairiúil roimh an bpaindéim tar éis infheistíocht €7.5 milliún a bheith curtha i gcrích ag an Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara agus Fáilte Éireann – a ndearna úinéirí réadmhaoin Teagasc, an t-údarás um fhorbairt talmhaíochta & bia formhaoirseacht air, i gcomhpháirtíocht le hÍontaobhas Oidhreacht na hÉireann, eagraíocht neamhspleách neamhbhrabúsach.


Digitíúchán agus Acmhainní TFC

An Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

In 2021 rinneadh gach feidhmchlár de chuid Teagasc ar an ngréasán ina bhfeidhmchláir chomhlíontacha le caighdeáin nua um chosaint sonraí maidir le fianáin. Rinneadh tuilleadh infheistíochtaí i réimse na Slándála TFC. Críochnaíodh uasghrádú na nasc sonraí idir na láithreáin go léir agus tá infheistíocht bhreise á déanamh sa bhonneagar cumarsáide inmheánach agus sa bhonneagar a thacaíonn le hobair hibrídeach.

Cuireadh tús le hobair ar aip nuachta mhóibíleach Teagasc a sheolfar in 2022. Cuireadh tús le tionscadal chun tairseach fáltais a sheachadadh ar shuíomh gréasáin Teagasc chun go n-íocfaidh cliant sonraisc uirthi.

Aois agus Inscne



¹ For 2021, the General - Farm/Domestic category has been included, affecting the All staff and All staff: Non-senior totals.

Ráiteas Straitéise Teagasc 2021 – 2024

Is iad dúshláin chomhshaoil na fadhbanna is mó a bheidh roimh fheirmeoirí agus thionscal na talmhaíochta sna trí bliana amach romhainn. Léirítear i Ráiteas Straitéise Teagasc 2021 – 2024, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2021, na dúshláin sin agus leagann sé amach na gníomhartha atá beartaithe ag an eagraíocht chun cabhrú le feirmeoirí agus leis an earnáil níos leithne oiriúnú agus freagairt do na dúshláin sin.

Dúirt Cathaoirleach Teagasc Liam Herlihy; “Tá an clár comhshaoil dúshlánach maidir le laghdú agus oiriúnú d’astuithe gásacha, feabhas a chur ar cháilíocht uisce agus cur le bithéagsúlacht feirme. Mar thoradh ar ár n-eolaíocht, cruthaíodh Cuair Costas Laghdaithe Imeallacha gás ceaptha teasa agus amóinia. Tacaíonn an eolaíocht sin leis an mbeartas poiblí. Ach ní bhíonn an taighde riamh ina stad. Tá ár n-eolaithe ag féachaint freisin le teicneolaíochtaí a fhorbairt amach anseo chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na haeráide.”

Tá sé beartaithe ag Teagasc freisin Faireachlann Náisiúnta Carbóin Ithreach Talmhaíochta a bhunú, rud a chuideoidh feasta le glanastaíochtaí náisiúnta a laghdú chomh maith le bunsraitheanna eolaíochta a leagan síos don “fheirmeoireacht charbóin” ionchasach.

Seoladh an Clár Comharthaíochta – Feirmeoirí ar son Ghníomhú ar son na hAeráide, le déanaí agus beidh sé ar an bpríomhspreagadh do chur chun feidhme gníomhartha ag feirmeoirí na hÉireann chun astuithe a laghdú. Tionscnamh faoi cheannas Teagasc is ea é ina bhfuil comhpháirtíocht de bheagnach 40 cuideachta agus eagraíocht ó earnáil agraibhia na hÉireann, in éineacht le feirmeoirí Éireannacha, a tháinig le chéile le haghaidh ghníomhú ar son na haeráide.

Tá an Clár ASSAP agus an Clár Dobharcheantar Talmhaíochta seanbhunaithe cheana féin agus tá siad mar bhonn taca ag straitéis Teagasc chun aghaidh a thabhairt ar cháilíocht uisce. Ag obair i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta, leanfaidh siad seo ar aghaidh thar na chéad trí bliana eile atá romhainn.

San earnáil curaíochta, díreoidh Teagasc ar allmhairí próitéine a laghdú trí roghanna eile a fhástar in Éirinn a chur ina n-ionad agus ag baint leasa as deiseanna nideoige chun barra ardluacha a fhás. Thar thréimhse na straitéise seo tá sé beartaithe Ionad Grúdaireachta agus Driogaireachta a bhunú ag an ionad taighde barr, Páirc na Darach.

Tá sé beartaithe ag Teagasc treoirphlean brabúsach ísealdéine a léiriú don tréad diúil. Tá feirm taispeána mairteola déiríochta le bunú freisin chun mairteoil déiríochta a chur chun cinn, a bheidh mar chuid d’fheachtas comhairleach chun táirgeadh mairteola déiríochta a chur chun cinn.

Dúirt iar-Stiúrthóir Teagasc an tOllamh Gerry Boyle; “Is í uaillmhian sháraitheach na heagraíochta do na trí bliana atá romhainn ná an inbhuanaitheacht a chur chun tosaigh agus mar chroílár ár ngníomhaíochtaí go léir. Tacaímid le coincheap iomlánaíoch na hinbhuanaitheachta a chuimsíonn ceithre ghné: eacnamaíoch, sóisialta, comhshaoil agus nuálaíocht. Tá tacaíocht á tabhairt d’fheirmeoirí agus do chuideachtaí bia chun nuálaíocht a dhéanamh ag croílár na n-uaillmhianta inbhuanaitheachta atá leagtha amach in Feirm go Forc, an Clár don Rialtas agus AgClimatise.”

Aithnítear na dúshláin ar ioncam íseal agus brabúsacht atá os comhair go leor frontar feirme agus leagtar amach straitéisí chun cabhrú le táirgeoirí torthaí a fheabhsú. Scrúdófar roghanna éagsúlaithe a d’fhéadfadh a bheith oiriúnach do roinnt feirmeoirí agus tacófar leo tríd an tseirbhís chomhairleach.



Cumarsáid agus Rannpháirteachas

Seoladh Ráiteas Straitéise Teagasc 2021 - 2024 i mí an Mheithimh.

An Ghaeilge

Beartas Gaeilge: rinne Seirbhísí Corparáideacha athbhreithniú ar Scéim Ghaeilge Teagasc agus cuireadh meitheal ar bun don fhoireann le hionchur a dhéanamh ar conas is féidir an teanga a neadú agus a chur i bhfeidhm tuilleadh in Teagasc. Tá spás tiomnaithe don Ghaeilge curtha ar bun ar Workvivo le go bhféadfaidh an fhoireann smaointe agus moltaí a roinnt.

Cumarsáid le daoine ar scor

Eisíodh Teagasc Times, an Teagasc Times débhlantúil do dhaoine atá ar scor i mí an Mheithimh 2021. Is é seo an tríú heagrán den fhoilseachán agus ghlac daoine atá imithe ar scor go han-mhaith leis. Iarrann Oifig na bPinsean ar chomhghleacaithe spreagadh a thabhairt do dhaoine atá ar scor chun leanúint ar aghaidh le hailt a chur ar aghaidh.

Leabhar staire


Seoladh *Developing Rural Ireland – A History of the Irish Agricultural Advisory Services* (Forbairt na Tuaithe in Éirinn – Stair Sheirbhísí Comhairleacha Talmhaíochta na hÉireann) ar stair sheirbhísí comhairleacha talmhaíochta na hÉireann agus a ról i bhforbairt na tuaithe in Éirinn, ag ócáid fhíorúil ag Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach, i Meán Fómhair 2021.

Straitéis dhigiteach

Fostaíodh sainchomhairleoirí seachtracha chun cabhrú le Straitéis um Chlaochlú Digiteach a fhorbairt agus soláthróidh siad tuarascáil i R1, 2022.

Seachtain na hEolaíochta 2021

Chun Seachtain na hEolaíochta 2021 a cheiliúradh (7 go 14 Samhain), reáchtáil Teagasc 'Féile na Feirmeoireachta agus an Bhia', inar óstáladh breis agus 20,000 duine ag imeachtaí pearsanta agus ar líne. I measc na n-imeachtaí pearsanta bhí siúlóidí dúlra inar cuireadh i dtábhacht an fhoraoiseacht, agus cuairt ó scoil áitiúil Choláiste an Chláirín go Teagasc i mBaile Átha an Rí. Thug taighdeoirí Teagasc cuairt freisin ar Scoil an Teaghlaigh Naofa do na Bodhair sa Chabhrach, Baile Átha Cliath. Ar líne, chuir an craoltóir Jonathan McCrea sraith imeachtaí beo ar bun, inar pléadh gach rud idir thorthaí agus glasraí agus an inbhuanaitheacht, agus eolaíocht na déiríochta. Bhí an fhéile urraithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann.



Todhchaí Inbhuanaithe – dámhachtain Teagasc ag BTYSTE 2021 fógartha

Tá Cian Walsh, mac léinn idirbhliana i gColáiste Naomh Brógán, Cill Brógáin, Droichead na Bandan, Co. Chorcaí, fógartha mar bhuaiteoir ghradam Teagasc ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2021 (BTYSTE). Breathnaíodh i dtionscadal Chian ar na buntáistí agus na míbhuntáistí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a bhaineann le cnáib a fhás agus féachaint an féidir leis feirmeoireacht inbhuanaithe a chur chun cinn in Éirinn. Is í Iníon Laura O'Regan, múinteoir Chian.

Srianta COVID-19 2022

Ag tús 2021 bhí srianta fairsinge ar ghníomhaíochtaí Teagasc mar gheall ar COVID-19. De réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh d'fhill cúrsaí ar an ngnáthnós.

Forbhreathnú ar shrianta de bharr COVID-19

Ón 1 Eanáir

Oibriú ón mbaile mura bhfuil sé riachtanach freastal ar oifig, saotharlann nó feirm Teagasc.

Ón 17 Bealtaine

- Oifigí Comhairleacha oscailte trí choinne amháin
- Is féidir le cuairteoirí riachtanacha freastal ar láithreacha Teagasc le cead a fháil roimh ré ón mBainistíocht Áitiúil

Ón 2 Meitheamh

- Is féidir cruinnithe inmheánacha riachtanacha a thionól go pearsanta más gá, suas go dtí 15 dhuine ar a mhéad
- Féadfar agallaimh duine le duine a dhéanamh le haghaidh róil bhuana

Ón 7 Meitheamh

- Filleann an fhoireann taighde ar an ionad oibre nuair is gá ar chúiseanna riachtanacha cláir
- Tá Oifigí Comhairleacha oscailte do chliaint siúil isteach chun coinní comhairliúcháin a shocrú
- Ceadáítear cruinnithe lasmuigh suas le 100 duine. Teastaíonn faomhadh an Bhainisteora Réigiúnaigh/HOD le haghaidh imeachtaí a bhfuil os cionn 25 dhuine ag freastal orthu (ní mór clárú).

Ón 5 Iúil

- Ba cheart cruinnithe, pléghrúpaí laistigh, comhdhálacha, oiliúint srl. a bheith ar siúl ar líne más féidir ach is féidir iad a thionól go pearsanta más gá – braithfidh an toilleadh ar an ionad agus ar an gcumas scaradh fisiceach a dhéanamh (50 duine ar a mhéad).
- Ceadáítear cruinnithe lasmuigh suas le 200 duine. Teastaíonn faomhadh an Bhainisteora Réigiúnaigh/HOD le haghaidh imeachtaí a bhfuil os cionn 120 duine ag freastal orthu (ní mór clárú).

Ón 20 Mheán Fómhair

Filleadh ar an oifig ar bhonn céimnithe (lá amháin sa tseachtain) agus tinreamh céimnithe ó na comhghleacaithe sin a bhí ag obair ón mbaile go lánaimseartha go dtí sin.

I bhfianaise leitheadúlacht ard COVID-19, ba cheart cruinnithe a thionól ar líne más féidir, ach d'fhéadfadh cruinnithe, cláir oiliúna agus oideachais a bheith ann nuair a mheastar go bhfuil siad riachtanach.

Ón 19 Samhain

Mar gheall ar staid atá ag dul in olcas agus leitheadúlacht ard COVID-19 sa phobal, thug an Rialtas cosaint bhreise isteach. Leanann comhghleacaithe a chaithfidh freastal ar an ionad oibre chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh ag déanamh amhlaidh. Mhínigh an Rialtas “gur cheart do gach duine filleadh ar obair ón mbaile mura bhfuil sé fíor-riachtanach freastal ar an ionad oibre go pearsanta.

Ba cheart cruinnithe a thionól ar líne más féidir, ach d'fhéadfadh cruinnithe, cláir oiliúna agus oideachais a bheith ann nuair a mheastar go bhfuil siad riachtanach.

Treoirchlár um Brath Mear Antaiginí (RADT) COVID-19

Rinne Taighde Barr, Páirc na Darach, Ceatharlach an chéad Tástáil Mearbhraite Antaiginí de chuid Teagasc Déardaoine 11 Feabhra 2021. Cuireadh tús le tástáil dheonach ar fud na suíomhanna a luaite a bhí siad bailíochtaithe agus a fuarthas faomhadh ó FSS/RTBM. Ba bheart maolaithe riosca breise é sin le bearta a bhí i bhfeidhm cheana féin agus a bhí rannpháirtíocht ann ar bhonn deonach.





Tuarascáil an Údaráis agus Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Don Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2021

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

CLÁR NA nÁBHAR	Leathanach
TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	68
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS	70
RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH	76
RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM AGUS CAITEACHAS	79
RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH	80
RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE AGUS STAID AIRGEADAIS TEAGASC	81
RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ	82
RÁITEAS Ó TEAGASC AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ	83
RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID	84
NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE	85 - 113

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Teagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 de réir mar a éilítear de réir fhorálacha alt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Tá sna ráitis airgeadais

- ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas
- ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid airgeadais an ghrúpa agus Teagasc
- ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chaipiteal agus ar chúlchistí
- ráiteas ar athruithe ar chaipiteal agus ar chúlchistí Teagasc
- ráiteas comhdhlúite ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáochta.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach, cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an ghrúpa agus Teagasc amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar ioncam agus caiteachas an ghrúpa do 2021 de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Teagasc agus tá mo chuid freagrachtaí eitiúla eile comhlíonta agam ar aon dul leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim.

Tuairisciú ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile.

Sholáthair Teagasc faisnéis eile áirithe in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí as tuairisciú ar a leithéid d'fhaisnéis, agus ar ábhair eile áirithe ar a ndéanaim tuairisciú de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
24 Meitheamh 2022

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988
- chun a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach, cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn an ghnóthas leantaigh de chuntasaíocht iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhú na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh nó ná bíodh mar gheall ar chalaíocht nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm le halt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Teagasc agus chun tuairiscí orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á chur chun feidhme dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaíocht nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbraithfear míshonrú ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann le hiniúchadh arna chur chun feidhme de réir na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe teacht chun cinn mar gheall ar chalaíocht nó earráid agus meastar ábhartha iad dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus sin á dhéanamh agam:

- sainiúint agus measaim na rioscaí de mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais bíodh mar gheall ar chalaíocht nó earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil i leith na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá an riosca gan míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaíocht a bhrath níos airde ná míshonrú ábhartha mar thoradh ar earráid a bhrath, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh intinníúla, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh seo d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá iomchuí sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim conclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an

ghnóthas leantaigh de chuntasaíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta arna fáil, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chur i gcumas Teagasc leanúint mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim conclúid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochtuithe imleor, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta arna fáil suas le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí sa todhchaí, áfach, a bheith ina gcóis le Teagasc a scor de leanúint mar ghnóthas leantach.

- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair chothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar thasc acu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc ábhair eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta imleor le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart, gan bhac, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaítear le mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léiríonn aon fhoirm de chonclúid maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca leis m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a léamh atá curtha i láthair agus, trí sin a dhéanamh, breithniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhchomhsheasmhach ar bhonn ábhartha leis na ráitis airgeadais nó le mo chuid eolais arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá cumair air ar shlí eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má dhéanaim conclúid, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile míshonraithe go hábhartha, éilítear orm an fhírion a thuairisciú.

Tuairiscí ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmíthe de. Tuairiscím má aithním gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Rialachas

Bunaíodh Údarás Teagasc faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Leagtar feidhmeanna an Údaráis amach sa Chéad Sceideal den Acht sin. Tá an tÚdarás cuntasach don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le saincheisteanna príomhghnó uile. Tá an Stiúrthóir agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta laethúil Teagasc. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann an treo ginearálta straitéiseach a leanúint a leagann an tÚdarás amach agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuisceint shoiléir ag comhaltaí uile an Údaráis ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fheadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an tÚdarás agus lucht bainistíochta Teagasc.

Is carthanacht chláráithe é Teagasc i bPoblacht na hÉireann (uimhir charthanachta CHY 9086), ar bronnadh stádas carthanúil air faoi Alt 207 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 agus ag a bhfuil Údarás Rialála Carthanas Uimhir 20022754.

Freagrachtaí an Údaráis

Tá obair agus freagrachtaí an Údaráis leagtha amach san Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, ina bhfuil cúrsaí freisin atá forchoimeáda a sainiúil le haghaidh chinneadh an Údaráis. I measc na mbuanmhíreanna a bhreithníonn an tÚdarás tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha na gcoistí,
- tuarascálacha airgeadais/ cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus
- ábhair fhorchoimeáda.

Éilítear le hAlt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle) 1988, i gcomhar le I.R. Uimh. 418 ó 2011, ar Údarás Teagasc gach gnáthchuntas cuí a choinneáil ar airgead a fhaigheann nó a chaitheann sé, i gcibé foirm a ordóidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Údarás Teagasc:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura meastar iomchuí é talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- a shonrú cé acu ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a bhí nochta agus atá mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar, le cruinneas réasúnta, staid an Údaráis ó thaobh airgeadais de ag aon am, agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Tá an tÚdarás freagrach as cothabháil agus macántacht an eolais chorparáidigh agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin Teagasc.

Ó mhí an Mhárta 2020, tá nua-thréithchineál coróinvíris (Covid-19), agus na bearta a ghlac an Rialtas chun a thionchar a mhaolú, ag dul i bhfeidhm ar ghníomhaíocht Teagasc. Tá an tÚdarás ag coinneáil súil ghéar ar thionchar na paindéime ar na buiséid, na sreafaí airgid agus na rioscaí gaolmhara don bhliain 2022. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag Teagasc d'fhonn a chinntiú go mbíonn oibríochtaí ag teacht le treoirlínte reatha na n-údarás sláinte, ar gá iad chun sláinte na foirne, na mac léinn agus na gcliant a chosaint, agus leanúnachas gnó a chinntiú.

Rinneadh na rioscaí a bhaineann le Covid-19 a mheas agus a dhoiciméadú ar chlár riosca, atá á athbhreithniú ag an Lucht Ardbhainistíochta ar bhonn leanúnach.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean gnó agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Teagasc trí thagairt don phlean gnó agus buiséad bliantúil an 05 Eanáir 2022.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach agus cóir le ráitis airgeadais Teagasc ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Teagasc amhail an 31 Nollaig 2021.

Athbhreithniú ar fheidhmíocht an údaráis

Rinneadh measúnú feidhmíochta seachtrach in 2020 ar an gcaoi ina bhfeidhmíonn Bord Teagasc.

Struchtúr an Údaráis

Tá an tÚdarás comhdhéanta de Chathaoirleach agus deich ngnáthchomhalta, agus ceapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara gach duine acu. Is iondúil go gceaptar comhaltaí chun an Údarás go ceann tréimhse cúig bliana (agus féadtar iad a athcheapadh uair amháin) agus go dtagann siad le chéile uair sa mhí, seachas mí Lúnasa. Sa tábla thíos sonraítear an tréimhse cheapacháin do chomhaltaí an Údaráis a bhí in oifig le linn 2021:

Comhalta den Údarás	Ról	Tréimhse an cheapacháin
Herlihy, An tUas. Liam	Cathaoirleach	An 17 Meán Fómhair 2018 – An 16 Meán Fómhair 2023
Buckley, An tUas. John	Gnáth-Chomhalta	An 28 Meán Fómhair 2018 – An 27 Meán Fómhair 2023
Cooke, An tUas. Tommy	Gnáth-Chomhalta	An 5 Deireadh Fómhair 2011 – An 4 Deireadh Fómhair 2021
Donnelly, Martina, Uas.	Gnáth-Chomhalta	An 10 Deireadh Fómhair 2019 – An 9 Deireadh Fómhair 2024
Duffy, An tUas. Patrick	Gnáth-Chomhalta	An 28 Meán Fómhair 2018 – An 27 Meán Fómhair 2023
Fitzgerald, an tOll. Gerald	Gnáth-Chomhalta	An 15 Meán Fómhair 2013 – An 14 Meán Fómhair 2023
Hennessy, An tOll. Thia	Gnáth-Chomhalta	An 23 Bealtaine 2018 – An 22 Bealtaine 2023
O'Connell, Eilís, Uas.	Gnáth-Chomhalta	An 30 Deireadh Fómhair 2018 – An 21 Eanáir 2023
Reynolds, Elizabeth Uasal	Gnáth-Chomhalta	7 Iúil 2020 – 6 Iúil 2025
Rushe, An tUas. Brian	Gnáth-Chomhalta	An 27 Eanáir 2020 – An 26 Eanáir 2025
Woulfe, An tUas. Liam	Gnáth-Chomhalta	29 Aibreán 2015 - 28 Aibreán 2020 agus 03 Iúil 2020 - 02 Iúil 2025

Tá cúig choiste curtha ar bun ag an Údarás, eadhon:

1. An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC): triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta seachtrach amháin. Is é ról an ARC tacú leis an Údarás maidir lena chuid freagrachtaí i dtaca le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhairthe ghaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tuairiscíonn an ARC don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus ar bhonn foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Seo a leanas comhaltaí Údaráis an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2021: An tUas. Liam Woulfe, Cathaoirleach, An tOll. Thia Hennessy, Eilís O'Connell, Uas. agus Elizabeth Reynolds, Uas. Ba é an tUas. Noel O'Connell an comhalta seachtrach. Ghlac an tOllamh Thia Hennessy le post mar chathaoirleach an choiste nuair a scoireadh ceapachán an Uas. Woulfe an 02 Meitheamh 2021. Bhí ceithre chruinniú den ARC in 2021.

2. An Coiste Oibríochtaí (OC): comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Údarás. Is é ról an OC tacú leis an Údarás athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar ábhair a bhaineann leis an gClár Oibríochtaí in Teagasc agus chun tuairiscí agus moltaí a dhéanamh don Údarás, chomh maith le glacadh le dea-chleachtas. Seo a leanas comhaltaí Údaráis an Choiste seo in 2021: An tUas. Tommy Cooke, Cathaoirleach, an tUas. Liam Herlihy, Elizabeth Reynolds, Uas., Martina Donnelly, Uas. agus an tUas. Patrick Duffy. Ghlac an tUas. Patrick Duffy le post mar chathaoirleach an choiste nuair a chuaigh oifig an Uas. Cooke in éag an 04 Deireadh Fómhair 2021. Bhí ceithre chruinniú den OC in 2021.

3. An Coiste Comhairleach agus Oideachais (AEC): Cúigear comhaltaí den Údarás. Is é ról an AEC tacú leis an Údarás athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le Clár Chomhairleacha agus Oideachais in Teagasc agus chun tuairiscí agus moltaí a dhéanamh don Údarás, chomh maith le glacadh le dea-chleachtas. Seo a leanas comhaltaí Údaráis an Choiste seo in 2021: An tUas. Richard Kennedy, Cathaoirleach, an tUas. Brian Rushe, an tUas. Patrick Duffy, Martina Donnelly, Uas., an tUas. Tommy Cooke. Bhí trí chruinniú den AEC in 2021.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

4. An Coiste Taighde (RC): comhdhéanta de chúigear comhaltaí den Údarás. Is é ról an RC tacú leis an Údarás athbheithniú agus machnamh a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le Clár Taighde in Teagasc agus chun tuairisciú agus moltaí a dhéanamh don Údarás, chomh maith le glacadh le dea-chleachtas. Seo a leanas comhaltaí an Choiste seo le linn 2021: An tOll. Gerald Fitzgerald, Cathaoirleach, Martina Donnelly, Uas., an tUas. John Buckley, an tOll. Thia Hennessy agus an tUas. Brian Rushe. Bhí dhá chruinniú den RC in 2021.

5. An Coiste Ainnmiúchán (NC): seisear comhaltaí den Údarás. Is é ról an NC folúntais a bhreithniú ar Údarás Teagasc agus moltaí a dhéanamh maidir le conas na folúntais a líonadh ar an mbealach is fearr. Seo a leanas comhaltaí an Choiste seo le linn 2021: An tUas. Liam Herlihy, Cathaoirleach, an tOll. Gerald Fitzgerald, an tUas. Tommy Cooke, Elizabeth Reynolds, Uas., an tOll. Thia Hennessy agus an tUas. Patrick Duffy. Bhí trí chruinniú ag an NC in 2021.

Sceideal tinrimh, táillí agus costas

Tá sceideal tinrimh chruinnithe an Údaráis agus na gCoistí in 2021 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta:

Cruinnithe an Údaráis, 2021	06 Ean	03 Fea	An 3 Márta	07 Aib	05 Bea	02 Mei	07 Iúí	01 MFó	06 DFó	03 Sam	01 Nol	Táillí 2021 €	Costais 2021 €
Herlihy, An tUas. Liam	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	20,520	8,774
Buckley, An tUas. John	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	✓	✓	✓	11,970	2,205
Cooke, An tUas. Tommy	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓				8,978	181
Donnelly, Martina, Uas.	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	2,844
Duffy, An tUas. Patrick	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	11,970	538
Fitzgerald, an tOll. Gerald	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	11,970	581
Hennessy, An tOll. Thia	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	529
O'Connell, Eilís, Uas.	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	199
Reynolds, Elizabeth Uasal	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	11,970	145
Rushe, An tUas. Brian	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	11,970	64
Woulfe, An tUas. Liam	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	11,970	360
												101,318	16,275

Thabhaigh Teagasc costais fáilteachais agus chóiríochta dar luach € 7,704 thar ceann comhaltaí an Údaráis in 2021. Bhí ceathrar comhaltaí den Údarás ann nach bhfuair táille faoin bprionsabal Aon Duine, Aon Tuarastal (OPOS). Fuair an tUas. Noel O'Connell, comhalta seachtrach den ARC, táillí dar luach €5,200 in 2021.

Cothromaíocht Inscne i mballraíocht an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2021, ba mhná iad 4 (36%) agus b'fhir iad 6 (64%) de chomhaltaí an Údaráis, agus bhí post amháin folamh. Mar sin ní chomhlíonann an tÚdarás sprioc an Rialtais i dtaobh ionadaíocht ar a laghad 40% a bheith ag fir agus mná araon mar chomhaltaí de Bhoird Stáit mar atá leagtha amach san larscríbhinn a ghabhann leis an gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit a eisíodh i mí Mheán Fómhair 2020. Rachaidh roinnt de chomhaltaí an Údaráis ar scor de réir uainíochta in 2023 agus cuireadh comhairle ar an Údarás breithniú a dhéanamh ar an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ar chothromaíocht inscne agus riachtanais éagsúlachta agus comhaltaí ionaid á n-ainmniú don Údarás.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc

Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	19 Fea	29 Iúil	06 DFó	01 Nol
Woulfe, An tUas. Liam	√			
Hennessy, An tOll. Thia	√	√	√	√
O'Connell, Eilís, Uas.	√	√	√	√
O'Connell, an tUasal Noel	√	√	√	√
Reynolds, Elizabeth Uasal		√	√	√

An Coiste Oibríochtaí	22 Fea	10 Bea	26 Lún	17 Nol
Cooke, An tUas. Tommy	√	√	√	
Herlihy, An tUas. Liam	√	√	√	√
Donnelly, Martina, Uas.	√	√	√	√
Duffy, An tUas. Patrick				√
Reynolds, Elizabeth Uasal	√	√	√	√

An Coiste Taighde	02 Mei	17 Nol
Fitzgerald, an tOll. Gerald	√	√
Buckley, An tUas. John	√	√
Donnelly, Martina, Uas.	√	√
Hennessy, An tOll. Thia	√	√
Rushe, An tUas. Brian	√	√

An Coiste Comhairleach & Oideachais	29 Aib	05 Bea	03 Sam
Buckley, An tUas. John	√	√	√
Cooke, An tUas. Tommy	√	√	
Donnelly, Martina, Uas.	√	√	√
Duffy, An tUas. Patrick	√	√	√
Rushe, An tUas. Brian	√	√	√

An Coiste Ainmniúchán	01 Már	02 Mei	24 MFó
Herlihy, An tUas. Liam	√	√	√
Cooke, An tUas. Tommy	√	√	√
Duffy, An tUas. Patrick	√	√	√
Fitzgerald, an tOll. Gerald	√	√	√
Hennessy, An tOll. Thia	√	√	-
Reynolds, Elizabeth Uasal	√	√	√

Na príomhathruithe pearsanra

Chuaigh comhalta amháin ar scor ón Údarás le linn 2021.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Nochtuithe a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Teagasc riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear go ndéanfaí na nochtuithe seo a leanas faoin gCód:

Costais chomhairleachta

Folaíonn costais chomhairleoireachta an costas i leith comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta agus ní fholaíonn feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnáthghnó'.

	2021 €'000	2020 €'000
Comhairle dhlí	250	186
Comhairle airgeadais/um chánachas	86	25
Pinsin/Acmhainní Daonna	147	87
Comhairle ailtireachta/ innealtóireachta	701	391
Comhairle taighde	260	351
Eile	309	258
Costais chomhairleachta iomlána	1,753	1,298
Costais chomhairleachta arna gcaipitliú	569	345
Costais chomhairleachta arna ngearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Cúlchistí loncaim Coinnithe	1,184	953
Iomlán	1,753	1,298

Costais dlí agus socraíochtaí

Tá miondealú sa tábla thíos de na suimeanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí eadrána agus idir-réitigh a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Níl san áireamh leis sin caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle ghinearálta dlí a fuair Teagasc atá nochta rud a nochtar sna costais Chomhairleachta thuas.

	2021 €'000	2020 €'000
Táillí dlí - imeachtaí dlíthiúla	14	12
Costais dlí chontrapháirtí	-	-
Socraíochtaí	93	139
Iomlán	107	151

Tá 16 chás san áireamh faoi shocraíochtaí sa bhliain 2021 (2020: 23).

Caiteachas taistil agus cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:

	2021 €'000	2020 €'000
Intíre		
Údarás	16	12
Fostaithe	1,975	1,895
Idirnáisiúnta		
Údarás	-	-
Fostaithe	78	106
	2,069	2,013

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais a leanas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas:

	2021	2020
	€'000	€'000
Fáilteachas don fhoireann	50	31
Fáilteachas do chliaint	64	16
Iomlán	114	47

Spreag dúnadh cheaintíní Teagasc mar thoradh ar Covid-19 laghdú costais dar luach €404k in 2021 (€383k in 2020) i gcomparáid le 2019 agus b'éigean méadú beag ar chaiteachas fáilteachais a dhéanamh.

De réir a gcomhaontuithe fostaíochta/socrúcháin tá cuid den fhoireann agus de na mic léinn i dteideal béilí i gceaintíní coláiste. In 2021 chosain sé €20,485 (2020: €18,414) chun na béilí sin a chur ar fáil.

Tá comhaontú urraíochta scothshuíochán 10 mbliana ag Teagasc le Páirc an Chrócaigh ar chostas bliantúil €4,800 chun an fhoireann a dhreasú agus siamsa a thabhairt do pháirtithe leasmhara, rud a chlúdaíonn an tréimhse ó mí Dheireadh Fómhair 2012 go dtí mí Mheán Fómhair 2022. Is é €4,800 an costas a bhí ar dhreasachtaí foirne in 2021.

Ráiteas comhlíontachta

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha ar bun aige chun comhlíontacht ina leith a chinntiú. Chomhlíon Teagasc an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2021.

Tá Teagasc ina shíniitheoir ar an gCód Rialachais Carthanais, atá á mhaoirsiú ag Rialtóir Carthanais na hÉireann. D'athbhreithnigh agus d'fhaomh an tÚdarás foirm thuarascáil bhliantúil Teagasc i mí na Samhna 2021. Is í 2021 an chéad bhliain airgeadais ar a dtabharfaidh Teagasc agus carthanais eile tuairisc fhoirmiúil ar a gcomhlíonadh leis an gCód do Rialtóir Carthanais na hÉireann.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc

Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Raon feidhme na freagrachta

Thar ceann Teagasc, admhaím freagracht an Údaráis as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Tugtar riachtanais an Cóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus Chód Rialachais na gCód Rialachais Carthanais san áireamh leis an bhfreagracht sin.

Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Deartar an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal infhulaingthe seachas chun é a dhíothú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in Teagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus suas le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas chun déileáil le riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) ag Teagasc atá comhdhéanta de thriúr atá ina gcomhaltaí den Údarás, agus duine acu mar Chathaoirleach, mar aon le comhalta seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta. Bhuaill ARC le chéile ceithre huairé le linn 2021.

Bhunaigh Teagasc feidhm iniúchta inmheánaigh freisin a soláthraítear acmhainní imleora di agus lena gcuirtear clár oibre chun feidhme arna chomhaontú leis an ARC. Faigheann an feidhmeannas tacaíocht ó ghnólachtaí seachtracha a sholáthraíonn seirbhísí iniúchta inmheánaigh.

Rinne an ARC athbhreithniú ar an mbeartas bainistíochta riosca lena leagtar amach a shásta atá Teagasc glacadh le riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann uile nach mór di oibriú laistigh de bheartais bainistíochta riosca Teagasc, chun an lucht bainistíochta a chur san airdeall maidir le rioscaí agus laigí rialaithe a thagann chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas rialaithe bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag teagasc lena ndéantar na príomhrioscaí a shainaithint agus a thuairisciú mar aon leis na bearta bainistíochta atá á nglacadh chun tabhairt fúthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí os comhair Teagasc agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an tÚdarás an clár a athbhreithniú ar bhonn míosúil agus an ARC ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as rialuithe a oibriú arna sannadh d'fhoireann shainiúil. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- trí nósanna imeachta rialaithe ar mhaoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha cinntítear rialú imleor ar fhaomhadh deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur cuireadh maoiniú deontais i bhfeidhm chun na críche atá beartaithe.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm le próisis rialaithe a mhonatóiriú agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíochtaí ceartaitheacha a fheidhmiú agus don lucht bainistíochta agus don Údarás, nuair is ábhartha, ar bhonn tráthuile. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Teagasc chun comhlíontacht rialacha agus treoirlínte soláthair a chinntiú. Ba é an caiteachas iomlán a bhain le soláthar ná €59.4m. Déanann Teagasc athbhreithniú ar stádas comhlíontachta na n-orduithe ceannaigh uile a bhfuil a luach níos mó ná €25,000. In 2021, as na 278 ordú ceannaigh a eisíodh, fuair Teagasc amach go raibh na cinn a bhain le seisear soláthróirí neamh-chomhlíontach. B'ionann luach na n-orduithe neamhchomhlíontacha agus €484,821 (2020: €166,180). D'ainneoin nach raibh na soláthairtí seo comhlíontach, tá Teagasc sásta go bhfuairamar luach ár gcuid airgid.

Réamhioc deontas

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Teagasc chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha maidir le deontais réamh-mhaoinithe. Cuireann Teagasc réamh-mhaoiniú deontais ar fáil do thrí choláiste phríobháideacha agus do roinnt ollscoileanna. Chuaigh Teagasc i dteagmháil leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun maolú a lorg ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le ceadú dó leanúint de dheontais a réamh-mhaoiniú. Fuarthas an maolú sin i leith 2021.

Tionchar PHAINDEIM COVID-19 ar an timpeallacht rialaithe

Ba le teacht phaindeim Covid-19 go luath in 2020, agus an chomhairle sláinte poiblí agus na bearta sábháilteachta dá barr, a tháinig athrú ar chleachtais oibre Teagasc. Rinne Teagasc monatóireacht ghéar ar na forbairtí, ag iarraidh na rioscaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a oibríochtaí gnó, a fhoireann agus a gheallsealbhoirí a mhaolú. I measc na mbearta rinne Teagasc bhí:

- Plean leanúnachais gnó a thionscnamh ar chumas pleananna é arna n-ullmhú ag gach aonad gnó in Teagasc.
- Údarás Teagasc a aistriú go timpeallacht chianda chun na críche cinntí gnó a dhéanamh.
- Oiriúnuithe riachtanacha a dhéanamh ar thimpeallacht oifige fhisiceach Teagasc de réir na treorach foilsithe agus measúnaithe saineolaithe.
- Measúnuithe COVID-19 don fhoireann agus do gheallsealbhoirí.
- Measúnú leanúnach ar rioscaí suntasacha a bhaineann le PHAINDEIM COVID-19 agus gastacht Teagasc chun freagairt go héifeachtach.
- A chinntiú go gclóítear le dealú láidir dualgas agus go mbíonn clúdach leordhóthanach i bhfeidhm mura mbeadh údarais cheadaithe shonracha ar fáil.
- A chinntiú go leanfaidh gach beartas agus nós imeachta maidir le cosaint sonraí agus bainistíochta taifead á gcur i bhfeidhm mar is gnách.
- Measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht laigí i rialuithe inmheánacha mar thoradh ar COVID -19 agus bearta a dhéanamh chun monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha nuair is gá.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag Teagasc chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca dá chuid. Na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Teagasc atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, cuireann a gcuid oibre bonn eolais faoin monatóireacht agus faoin athbhreithniú a dhéantar ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh in Teagasc.

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2021 an 02 Márta 2022.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh

Seachas na cinn a luadh faoi 'Soláthar', ní dhearnadh aon laigí sa rialú inmheánach a shainaithint maidir le 2021 nach foláir iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM AGUS CAITEACHAS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

	Nóta	2021 €'000	2020 €'000
Ioncam			
Deontais ón Oireachtas	4	141,398	141,350
Maoiniú ón AE	5	4,365	3,644
Ioncam trádála beostoic		4,579	3,661
Ioncam oibríochtúil	6	37,650	33,887
Brabús/ (caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní seasta	12	793	(22)
Deontais, tabhartais agus tobhaigh dheonacha		3,525	3,285
Díolachán earraí		47	84
Seirbhísí taighde agus teicneolaíochta		1,916	1,082
Ioncam Iomlán		<u>194,273</u>	<u>186,971</u>
Caiteachas	7	<u>(184,669)</u>	<u>(176,779)</u>
Barrachas oibriúcháin		9,604	10,192
Ús infhaighte		<u>1</u>	<u>2</u>
Barrachas roimh aistrithe agus cáin		9,605	10,194
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	23	<u>(7,618)</u>	<u>(7,567)</u>
Barrachas don bhliain airgeadais roimh cháin		1,987	2,627
Cánachas	11	<u>25</u>	<u>65</u>
Barrachas don bhliain airgeadais		<u>2,012</u>	<u>2,692</u>
Barrachas inchurtha i leith			
Teagasc		2,101	2,898
Leas neamh-urlámhais		<u>(89)</u>	<u>(206)</u>
		<u>2,012</u>	<u>2,692</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

	Nóta	2021 €'000	2020 €'000
Barrachas don bhliain airgeadais		2,012	2,692
Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir	10	(54,458)	(75,420)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10	54,458	75,420
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		<u>2,012</u>	<u>2,692</u>
 Teagasc		2,101	2,898
Leas neamh-urlámhais		(89)	(206)
		<u>2,012</u>	<u>2,692</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2021

		An Grúpa		Teagasc	
		2021	2020	2021	2020
	Nóta	€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní neamhreatha					
Maoín, gléasra agus trealamh	12	136,055	128,453	123,953	116,335
Infheistíochtaí	14	676	598	677	599
		136,731	129,051	124,630	116,934
Sócmhainní reatha					
Fardail	15	6,776	5,649	6,776	5,649
Infháiltais: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	17	25,873	24,624	25,297	24,194
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	18	51,162	43,342	48,611	40,442
		83,811	73,615	80,684	70,285
Suimeanna iníoctha: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin					
Suimeanna iníoctha agus fabhruithe	19	22,741	22,244	21,750	21,171
Ioncam iarchurtha	21	23,560	20,403	23,372	20,357
		46,301	42,647	45,122	41,528
Glansócmhainní reatha		37,510	30,969	35,562	28,757
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha		174,241	160,020	160,192	145,691
Soláthairtí do dhliteanais					
Cáin iarchurtha	22	37	63	-	-
Suimeanna iníoctha: méideanna atá dlite tar éis bliain amháin					
Ioncam iarchurtha	21	16,948	12,330	16,888	12,224
Suimeanna iníoctha agus fabhruithe	20	406	406	-	-
		156,850	147,220	143,304	133,467
Maoiniú sochar scoir iarchurtha	10	1,414,380	1,366,697	1,414,380	1,366,697
Oibleagáid i ndáil le sochar scoir	10	(1,414,380)	(1,366,697)	(1,414,380)	(1,366,697)
Glansócmhainní		156,850	147,220	143,304	133,467
Caipiteal agus cúlchistí					
Cuntas caipitil	23	123,953	116,335	123,953	116,335
Cúlchistí ioncaim	24	20,152	18,140	19,351	17,132
Ranníocaíocht chaipitiúil		12,745	12,745	-	-
		156,850	147,220	143,304	133,467
Cúlchistí inchurtha i leith Teagasc		150,158	140,439	143,304	133,467
Leas neamh-urlámhais		6,692	6,781	-	-
		156,850	147,220	143,304	133,467

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

An tUas. Liam Herlihy
Cathaoirleach
01 Meitheamh 2022

An tOll. Frank O'Mara
Stiúrthóir
01 Meitheamh 2022

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc

Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2021

GRÚPA

		Cuntas caipitil	Ranníocaíocht chaipitiúil	Cúlchistí ioncaim		Ranníocaíocht chaipitiúil	Iomlán
				An Grúpa	Leas neamh- urlámhais	Leas neamh- urlámhais	
	Nóta	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Amhail an 1 Eanáir 2020		108,768	6,400	14,806	642	6,345	136,961
Barrachas/ (easnamh) don bhliain		-	-	2,898	(206)	-	2,692
Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir	10	-	-	(75,420)	-	-	(75,420)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10	-	-	75,420	-	-	75,420
Ioncam cuimsitheach iomlán		-	-	2,898	(206)	-	2,692
Breisiú ar ranníocaíocht chaipitiúil		-	-	-	-	-	-
Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe	12	15,251	-	-	-	-	15,251
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	12	(30)	-	-	-	-	(30)
Lúide: amúchta i gcomhréir le dímhéas ar shócmhainní	12	(7,594)	-	-	-	-	(7,594)
Caillteanas lagaithe	12	(60)	-	-	-	-	(60)
Amhail an 31 Nollaig 2020		116,335	6,400	17,704	436	6,345	147,220
			140,439		6,781		147,220
Barrachas/ (easnamh) don bhliain		-	-	2,101	(89)	-	2,012
Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir	10	-	-	(54,458)	-	-	(54,458)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10	-	-	54,458	-	-	54,458
Ioncam cuimsitheach iomlán		-	-	2,101	(89)	-	2,012
Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe	12	16,058	-	-	-	-	16,058
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	12	(253)	-	-	-	-	(253)
Lúide: amúchta i gcomhréir le dímhéas ar shócmhainní	12	(8,187)	-	-	-	-	(8,187)
Amhail an 31 Nollaig 2021		123,953	6,400	19,805	347	6,345	156,850
			150,158		6,692		156,850

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc

Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

RÁITEAS AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2021

TEAGASC

		Cuntas caipitil	Cúlchistí ioncaim	Iomlán
	Nóta	€'000	€'000	€'000
Amhail an 1 Eanáir 2020		108,768	13,963	122,731
Barrachas don bhliain		-	3,169	3,169
Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir	10	-	(75,420)	(75,420)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10	-	75,420	75,420
Ioncam cuimsitheach iomlán		-	3,169	3,169
Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe	12	15,251	-	15,251
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	12	(30)	-	(30)
Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní	12	(7,594)	-	(7,594)
Caillteanas lagaithe	12	(60)	-	(60)
Amhail an 31 Nollaig 2020		116,335	17,132	133,467
Barrachas don bhliain		-	2,219	2,219
Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir	10	-	(54,458)	(54,458)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10	-	54,458	54,458
Ioncam cuimsitheach iomlán		-	2,219	2,219
Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe	12	16,058	-	16,058
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	12	(253)	-	(253)
Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní	12	(8,187)	-	(8,187)
Amhail an 31 Nollaig 2021		123,953	19,351	143,304

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc

Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2021

GRÚPA

		2021	2020
	Nóta	€'000	€'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	27	23,707	23,807
Ús a íocadh		(183)	(88)
Cánachas		-	8
Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		<u>23,524</u>	<u>23,727</u>
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí le sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	12	(16,771)	(15,667)
Fáltais ó dhíolacháin sócmhainní seasta inláimhsithe	12	1,067	50
Íocaíochtaí chun infheistíochtaí a fháil	14	(1)	-
Ús faighte		1	2
Glanairgead tirim arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta		<u>(15,704)</u>	<u>(15,615)</u>
Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar coibhéisí airgid thirim		7,820	8,112
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir		<u>43,342</u>	<u>35,230</u>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig		<u>51,162</u>	<u>43,342</u>
Is é atá cuimsithe le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim:			
Airgead sa bhanc agus ar láimh	18	30,728	27,842
Taiscí gearrthéarmacha	18	<u>20,434</u>	<u>15,500</u>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig		<u>51,162</u>	<u>43,342</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. Eolas ginearálta

Bunaíodh Teagasc faoin (Údarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia na hÉireann) faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Is é misean Teagasc ná tacú le nuálaíocht eolaíocht-bhunaithe san earnáil agraibhia agus leis an mbith-gheilleagar níos leithne, rud a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag brabúsacht, iomaíochas agus inbhuanaitheacht. Tá príomhoifig chláraithe Teagasc suite ag Páirc na Darach, Ceatharlach.

Tá sciar 57% i seilbh Teagasc i Moorepark Technology Limited a bhfuil mar phríomhghníomhaíocht aige seirbhísí a sholáthar do Thaighde agus d'Fhorbairt.

2. Achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasaíochta

Tá bunús na cuntasaíochta, agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha, arna nglacadh ag Teagasc leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

2.1 Ráiteas comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Teagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

2.2 Bunús an chomhtháthaithe

Chun críocha na ráiteas airgeadais seo, cuimsítear le 'Grúpa Teagasc' an máthaireintiteas Teagasc agus an fhochuideachta dá chuid Moorepark Technology Limited. Tá beartais chuntasaíochta agus tréimhse chuntasaíochta na fochuideachta i gcomhréir le cinn an Ghrúpa. Cuirtear idirbhearta idirchuideachta agus iarmhéideanna agus gnóthachain ar idirbhearta as an áireamh. Tuairiscítear ar infheistíocht san fochuideachta ar chostas lúide lagú. Tá sonraí maidir leis an bhfochuideachta i Nóta 14.

2.3 Bonn a n-ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, le haontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoi Alt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, in éineacht le I.R. Uimh. 418 de 2011. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar atá bainteach le ráitis airgeadais Teagasc.

2.4 Aithint ioncaim

Deontais ón Oireachtas

Faigheann Teagasc deontais ón rialtas maidir le taighde agus tionscadail eile (deontais ioncaim) agus deontais chaipitil chun infheistíocht chaipitiúil a mhaoiniú. Aithnítear deontais ioncaim nach bhfuil critéir feidhmíochta san áireamh leo mar ioncam ar bhonn fáiltas airgid. Cuirtear deontais lena bhforchuirtear critéir feidhmíochta shainiúla chun sochair d'ioncam iarchurtha agus déantar iad a thaifeadadh mar chreidiúnaí go dtí go gcomhlíontar na critéir feidhmíochta ábhartha agus go dtí go n-aithnítear na deontais mar ioncam. Déantar deontais chaipitil a scaoileadh go hioncam thar shaolré úsáideach ionchasach na sócmhainne ábhartha arna ceannach.

Diólachán earraí

Aithnítear ioncam ó dhíolachán earraí nuair a aistrítear na rioscaí suntasacha agus luachanna saothair úinéireacht na n-earraí chuig an gceannaitheoir, ar sheoladh na n-earraí de ghnáth, nuair is féidir méid an ioncaim a thomhas go hiontaoifa, nuair is dóchúil go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann leis an idirbhearta chuig an aonán agus nuair is féidir na costais a tabhaíodh, nó a bheidh le tabhú, maidir leis an idirbhearta a thomhas go hiontaoifa.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc

Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Táillí comhairleacha

Faigheann Teagasc ioncam le haghaidh conarthaí seirbhíse comhairlí bliantúla, conarthaí um pléghrúpaí bliantúla agus seirbhísí comhairleacha breise a chuirtear ar fáil. Aithnítear ioncam ó chonarthaí seirbhíse comhairlí bliantúla sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar an sonrasc a eisiúint. Aithnítear ioncam ó chonarthaí um pléghrúpaí bliantúla agus seirbhísí comhairleacha breise sa tréimhse chuntasaíochta ina soláthraítear an tseirbhís nuair is féidir toradh an chonartha a mheas ar bhonn iontaofa.

Ioncam fabhráithe

Aithnítear ioncam a dhéantar a thuilleamh ar earraí/seirbhísí arna soláthar, ach nach bhfuil billeáilte, de réir na dtéarmaí conarthacha mar ioncam fabhráithe ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Aithnítear ioncam a dhéantar a thuilleamh ar thionscadail taighde, ach nach bhfuil éillithe, mar ioncam fabhráithe ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais, agus rialacha aonair na gcomhlachtaí maoinithe uile á dtabhairt san áireamh.

Ioncam dleachta

Aithnítear ioncam dleachta ar bhonn fabhráithe de réir shubstaint na gcomhaontuithe ábhartha.

Táillí teagaisc

Aithnítear ioncam thar thréimhse an teagaisc.

Figiúirí comparáideacha

Rinneadh figiúirí comparáideacha a athghrúpáil agus a anailísú arís, nuair a bhí sé riachtanach, ar an mbonn céanna leis na cinn don tréimhse reatha.

2.5 Sochair fostaithe

Cuireann an Grúpa réimse sochar ar fáil d'fhostaithe, mar shampla, socruithe íoctha saoire agus pleananna pinsin le sochar sainithe.

(Sochair ghearrthéarmacha)

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, pá saoire agus sochair neamhairgeadaíochta eile dá shamhail ina measc, mar chostas sa tréimhse a bhfaightear an tseirbhís lena linn.

Pleananna pinsin le sochar sainithe

Feidhmíonn an Grúpa scéimeanna pinsin le sochar sainithe a bhíonn maoinithe go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ón airgead a bhíonn ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil, agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na mball foirne. Déantar dlíteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid. Faightear luachálacha achtúireacha gach bliain agus déantar iad a nuashonrú ar dháta gach Ráitis ar an Staid Airgeadais.

Ina theannta sin, feidhmíonn Teagasc Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair), ar scéim pinsin le sochar sainithe í do státseirbhísigh inphinsin a earcaíodh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais na sochar scoir na sochair scoir a thuill fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne, a gcoinníonn an Grúpa iad. Déantar ranníocaíochtaí maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú. Aithnítear aon suim a bhaineann le muirear na sochar scoir mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sé inghnóthaithe, agus fritháirithe in aghaidh deontas a fhaightear le linn na bliana i leith íocaíochtaí sochar scoir a íoc. Aithnítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha de dheasca athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léiríonn dlíteanais sochar scoir luach reatha na n-íocaíochtaí sochar scoir sa todhchaí a thuill baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú sochar scoir an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc

Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

2.6 Léasanna

Ag an dáta tionscanta measann Teagasc comhaontuithe lena n-aistrítear an ceart úsáide maidir le sócmhainní. Meastar cibé acu atá nó nach bhfuil sa chomhaontú léas atá bunaithe ar bhunús an tsocraithe.

Léasanna oibriúcháin

Tugtar léasanna oibriúcháin ar léasanna nach n-aistrítear na rioscaí agus na buntáistí ar fad a bhaineann le húinéireacht iontu. Gearrtar íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin ar an ráiteas ar ioncam ar bhonn na líne dírlí thar thréimhse an léasa.

2.7 Cánachas

Tá an costas cánachais don thréimhse comhdhéanta den cháin reatha agus den cháin iarchurtha a aithnítear sa thréimhse tuairiscithe. Aithnítear cáin sa ráiteas ar ioncam. Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais na cánach reatha nó iarchurtha a lascainiú.

Cáin reatha

Is éard atá i gceist le cáin reatha ná an méid cáin ioncaim atá iníoctha i leith an bhrabúis inchánach don bhliain nó do bhlianta roimhe. Ríomhtar cáin ar bhonn na rátaí cánach agus na ndlíthe atá achtaithe nó atá achtaithe go substainteach faoi dheireadh na thréimhse.

Go thréimhsiúil, déanann an lucht bainistíochta suíomhanna a mheasúnú a ghlactar i dtuairisceáin chánach maidir le cásanna ina bhfuil an rialachán cánach infheidhme faoi réir ag léirmhíniú. Bunaíonn sé forálacha, nuair is iomchuí, ar bhonn na méideanna lena bhfuiltear ag súil le bheith íoctha do na húdaráis chánach.

Cáin iarchurtha

Eascraíonn cáin iarchurtha ó dhifríochtaí uainiúcháin arb ionann iad agus difríochtaí idir brabúis inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán de réir mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí ama sin a tharlaíonn nuair a chuirtear ioncam agus costais i measúnuithe cánach san áireamh i dtréimhsí atá difriúil ó na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar gach difríocht ama ar an dáta tuairiscithe seachas i roinnt eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamh-mhaolaithe ná sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair atá gach cosúlacht ar an scéal go n-aisghabhfar iad in aghaidh aisiompú na ndlíteanas cánach iarchurtha nó brabúis inchánach amach anseo.

Ríomhtar cáin iarchurtha de réir na rátaí cánach agus na ndlíthe atá achtaithe nó atá achtaithe go substainteach faoi dheireadh na thréimhse agus a cheaptar a mbeidh feidhm acu ar aisiompú na difríochtaí ama.

2.8 Taighde agus forbairt

Aithnítear caiteachas ar thaighde mar chostas sa thréimhse ina dtabhaítear e.

2.9 Sócmhainní inláimhsithe

Maoin, gléasra agus trealamh

Tá maoin, gléasra agus trealamh luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear lena leithéid de chostais costais atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a dhéanamh oibríochtúil de réir mar a bhí beartaithe.

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Ní dhéantar sócmhainní atá á dtógáil a dhímheas. Déantar dímheas maidir le gach maoin, gléasra agus trealamh ar rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide an luach iarmharach measta, ar bhonn córasach, thar a saolré úsáideach ionchasach, mar seo a leanas:

Trealamh ríomhaireachta	3 bliana
Gléasra agus feithiclí	5 bliana
Trealamh saotharlainne agus oifige	10 bliana
Gléasra agus trealamh tionsclaíoch	10 bliana
Foirgnimh feirme	20 bliana
Foirgnimh thionsclaíocha agus dhéantúsaíochta	30 bliana
Foirgnimh eile	50 bliana

Gearrtar dímheas leathbhliana sa bhliain ina bhfaightear sócmhainní agus ina ndéantar iad a dhiúscairt.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Déantar athbhreithniú ar luachanna anonn maoine, gléasra agus trealamh maidir le lagú nuair a léirítear le himeachtaí nó athruithe ar imthosca nach mbeadh an luach anonn inghnóthaithe. Má léirítear lagú a bheith ann is amhlaidh a dhéantar an caillteanas lagaithe, nó an cealú caillteanais lagaithe, a aithint go láithreach sa Ráiteas Comhdhlúite ar loncam agus Caiteachas.

Déantar saolréanna úsáideacha ionchasacha, luachanna iarmharacha agus modhanna dímheasa a athbhreithniú agus a choigeartú ag deireadh gach bliana airgeadais.

Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas, arb ionann é agus an difríocht idir fátais na ndíolachán agus suim ghlanluacha na sócmhainne, a eascraíonn as diúscairt nó astarraingt earra maoine, gléasra nó trealamh sa Ráiteas Comhdhlúite ar loncam agus Caiteachas. Déantar aon mhéid sa chúlchiste athluachála a bhaineann leis an tsócmhainn sin a aistriú go díreach chuig tuilleamh coimeádta.

Coimeádtar gléasra agus trealamh arna ndímheas ina n-iomláine sna ráitis airgeadais go dtí nach n-úsáidtear iad a thuilleadh.

Sócmhainní le hathdhíol

Rangaítear sócmhainní inláimhsithe mar choinnithe le díol nuair atáthar ag súil go ndéanfar an luach anonn a ghnóthú go príomha trí idirbheart díolacháin agus nuair a bhíonn sé thar a bheith dóchúil do ndéanfar díolachán. Luaitear iad ar an tsuim is ísle de luach anonn nó de luach cóir lúide costas an díolacháin.

Lagú sócmhainní neamh-airgeadais

Déantar sócmhainní nach sócmhainní airgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir a mheas ar dháta deiridh gach bliana airgeadais lena fháil amach an bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil an tsócmhainn (nó aonad ginte airgid na sócmhainne) lagaithe. Más amhlaidh, cuirtear méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad ginte airgid na sócmhainne) i gcomparáid le suim tugtha anonn na sócmhainne (nó aonad ginte airgid na sócmhainne).

2.10 Sócmhainní airgeadais

Infheistíocht i bhfochuideachta

Déantar an infheistíocht san fochuideachta Moorepark Technology Limited ar chostas lúide lagú. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Comhdhlúite ar loncam agus Caiteachas don bhliain.

Infheistíochtaí eile

Déantar infheistíochtaí atá liostaithe ar stocmhalartán aitheanta a thomhas ag a luach cóir, agus taifeadtar gluaiseachtaí tríd an Ráiteas Comhdhlúite ar loncam agus Caiteachas agus tríd an Ráiteas Comhdhlúite ar loncam Cuimsitheach. Déantar sócmhainní airgeadais eile lena gcuimsítear infheistíochtaí i scaireanna neamhluaite agus infheistíochtaí airgeadais a thomhas ag a luach cóir más féidir sin a chinntiú go hiontaofa; murar féidir déantar iad a thomhas ag an luach inchurtha ina leith ag dáta a bhfála lúide lagú. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Comhdhlúite ar loncam agus Caiteachas agus sa Ráiteas Comhdhlúite ar loncam Cuimsitheach don bhliain.

2.11 Fardal

Sócmhainní bitheolaíocha

Déantar beostoc agus torthaí feirme féin a luacháil le samhail an luacha chóir. Cinntear luach cóir ar an mbonn go ndíoltar ainmhithe agus táirgí na feirme ar an margadh oscailte. Léirítear gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as na luachálacha seo ina n-iomláine in ioncam oibriúcháin.

Fardal eile

Luaitear fardal eile uile ag an tsuim is ísle de chostas agus glanluach inréadaithe.

2.12 Infháltais

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i gcoinne lagaithe. Soláthar sonrach is ea an soláthar i gcoinne lagaithe, a bhunaítear nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh Teagasc in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil maidir le laguithe sa Ráiteas Comhdhlúite ar loncam agus Caiteachas.

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

2.13 Suimeanna iníoctha

Aithnítear suimeanna iníoctha ar dtús, lena n-áirítear suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile agus ioncam iarchurtha, ar a bpraghas idirbhirt, ach amháin más rud é go bhfuil an socrú ina idirbheart maoinithe, nuair a dhéantar an ionstraim fiachais a thomhas ar luach reatha na bhfáltais amach anseo arna lascainiú ar ráta úis an mhargaidh. Cuirtear ioncam ardaighde, i gcás ina bhfuil cuid de na cistí le híoc le heagraíochtaí comhpháirtíochta, san áireamh san ioncam iarchurtha.

2.14 Soláthairtí agus bearta teagmhasachta

Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí nuair atá oibleagáid láithreach dlí nó inchiallaithe ag an nGrúpa mar thoradh ar rudaí a tharla san am atá thart, agus nuair atá gach cosúlacht ar an scéal go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil leis an oibleagáid sin a ghlanadh, agus nuair is féidir méid na hoibleagáide sin a mheas go héasca.

Déantar soláthairtí a thomhas ar luach reatha an chaiteachais lena bhfuiltear ag súil a bheith de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh agus ráta réamhchánach á úsáid lena léirítear measúnuithe an mhargaidh reatha ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sáinúil leis an oibleagáid. Aithnítear an méadú ar an soláthar mar gheall ar imeacht ama mar chostas airgeadais.

Teagmhais

Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de bharr rudaí a tharla san am atá thart, (i) nuair nach bhfuil cosúlacht ar an scéal go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó nuair nach féidir an méid a thomhas go héasca ar an dáta tuairiscithe, nó (ii) nuair a dhéanfar iad a dhearbhu nuair a tharlóidh nó nuair nach dtarlóidh rudaí áirithe amach anseo nach bhfuil faoi rialú iomlán an Ghrúpa. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin nuair is fánach an seans go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go mbeidh insreabhadh buntáistí eacnamaíocha ann.

3. Meastacháin agus breithnithe ríthábhachtacha cuntasáíochta

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna arna dtuairisciú i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amháil dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus ar na méideanna arna dtuairisciú i ndáil le hioncam agus caiteachas i rith na bliana. Mar sin féin, toisc gur meastachán atá i gceist, d'fhéadfadh na torthaí iarbhair a bheith difriúil ó na meastacháin sin.

Is iad seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar ba shuntasáí acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais:

Saolréanna eacnamaíocha úsáideacha maoinne, gléasra agus trealaimh

Déanann an Grúpa na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhímheas thar a saolréanna úsáideacha measta tar éis a luachanna iarmharacha measta a thabhairt san áireamh. Léirítear le saolré úsáideach mheasta meastachán an luchta bainistíochta ar an tréimhse ina bhfuil sé de rún ag an nGrúpa tairbhí eacnamaíocha todhcháíochta a bhaint as sócmhainní seasta inláimhsithe an Ghrúpa. Léirítear le luach iarmharach an méid measta an luchta bainistíochta a gheobhadh an Grúpa ar dhiúscairt na sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, faoi mar a bheadh an tsócmhainn den aois agus sa riocht cheana féin a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí. D'fhéadfadh athruithe ar an leibhéal úsáide lena bhfuiltear ag súil agus forbairtí teicneolaíochta dul i bhfeidhm ar eacnamaíocht, saolréanna úsáideacha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní sin agus mar thoradh air sin d'fhéadfadh tionchar a bheith ar mhuir dímheasa sa todhchaí. Féach nóta 12 le haghaidh méid anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe.

Luacháil ar infheistíochtaí

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar measúnú maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil táscairí ann go bhfuil infheistíocht Teagasc san fhochuideachta lagaithe. Nuair is gá, bíonn measúnuithe Teagasc bunaithe ar mheastachán ar luach úsáide na sócmhainní trí na sreafaí airgid sa todhchaí lena bhfuiltear ag súil a thuar do thréimhse suas le 5 bliana, agus ráta lascaine oiriúnach á úsáid chun luach reatha na sreafaí airgid sin a ríomh. Féach nóta 14 le haghaidh méid anonn na n-infheistíochtaí.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc

Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Lagú infháltas

Déanann Teagasc infháltais a mheasúnú ar bhonn leanúnach le haghaidh aon fhianaise oibiachtúil ar lagú trí fhachtóirí a bhreithniú, lena n-áirítear an próifíl aosaithe, acmhainneacht creidmheasa agus stair bailithe san am atá thart gach féichiúnaí. Dá ndéanfaí dálaí airgeadais na bhféichiúnaithe sin a mheathlú, agus lagú a n-ábaltachta chun íocaíocht a dhéanamh ina thoradh air sin, d'fhéadfadh liúntais bhreise a bheith de dhíth. Féach nóta 17 le haghaidh méid anonn na n-infháltas trádála agus infháltas eile.

Oibleagáid sochair scoir

Tá d'oibleagáid ar Teagasc sochar scoir a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear; ionchas saoil, méaduithe ar thuarastail, luacháil ar shócmhainní agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáide. Cuireann an lucht bainistíochta na fachtóirí sin san áireamh agus an oibleagáid um shochar scoir glan á cinntiú sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Léiríonn na foshuíomhanna taithí stairiúil agus treochtaí reatha. Féach Nóta 10 le haghaidh na nochtuithe a bhaineann leis an scéim sochair scoir.

Soláthairtí

Déanann an Grúpa soláthar i gcoinne oibleagáidí dlí agus oibleagáidí inchiallaithe, arb eol dó go bhfuil siad dlite ag deireadh na bliana. De ghnáth, déantar an soláthar sin ar bhonn faisnéis stairiúil nó faisnéis ábhartha eile, arna coigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is cuí. Mar sin féin, is meastacháin iad ar chostais airgeadais a ghabhann le teagmhais b'fhéidir nach dtarlódh go ceann tamall de bhlianta. Mar gheall air sin agus mar gheall ar leibhéal na neamhchinnteachta a ghabhann leis na torthaí airgeadais, is féidir go mbeadh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhir agus an meastachán ar an toradh.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

4. Deontais ón Oireachtas

		2021 €'000	2020 €'000
	Fo- cheannteideal		
Vóta 30: Deontas i gcabhair ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara do chaiteachas ginearálta	C.5	131,490	133,920
Deontas chun críocha acmhainní daonna	C.5	10,500	10,500
Taighde ar bhia agus taighde ar thalmhaíocht	C.3	2,296	1,861
Clár taighde chomhoibrithigh Stimulus	C.3	2,013	2,045
Clár na ndobharcheantar talmhaíochta	B.3	2,500	2,400
Clár aistrithe eolais	B.7	9	469
Ionad Náisiúnta na mBianna Tomhaltais	C.4	436	1,484
Faireachlann náisiúnta carbóin	C.10	1,939	29
Deontas maidir le poiblíocht na foraoiseachta agus feasacht agus oiliúint	B.10	617	670
Deontas maidir le hoideachas um fhoraoiseacht	B.10	39	12
Bearta um cháin ar charbón	B.13	28	-
Maoiniú Sochair Scoir			
Glanmaoiniú iarchurtha le haghaidh SS		(6,775)	(8,564)
ASC seolta chuig Vóta 30		(2,638)	(2,610)
SPSPS seolta chuig DPER		(1,056)	(866)
		<u>141,398</u>	<u>141,350</u>

Is faoi ioncam a aithnítear deontas nach bhfuil aon chritéir feidhmíochta ag baint leis nuair a fhaightear na fáiltais ón deontas. Aithnítear deontais ón Oireachtas a fhaightear lena bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe don todhchaí in ioncam nuair a chomhlíontar na coinníollacha sin. Taifeadtar deontais ón Oireachtas, a fhaightear roimh aithint ioncaim a chomhlíonadh, mar dhliteanais ar leith sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Ag deireadh na bliana, bhí coinníollacha neamhchomhlíonta i gceist le Teagasc atá san áireamh leis an Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar dhliteanais i dtaca leis an méid a leanas:

		2021 €'000	2020 €'000
	Nóta		
FIRM/Stimulus/Coford	21	5,413	4,224
Faireachlann náisiúnta carbóin	21	3,041	2,032
Ionad Náisiúnta na mBianna Tomhaltais	21	1,582	1,018
		<u>10,036</u>	<u>7,274</u>

5. Maoiniú ón AE

	2021 €'000	2020 €'000
Ioncam ón Suirbhé ar Fheirmeacha	156	144
INTERREG	155	322
Marie Curie	164	309
Fís 2020	3,726	2,701
Ioncam Eile ón AE	164	168
	<u>4,365</u>	<u>3,644</u>

Tá Fís 2020, ar cuireadh tús in 2015 leis, agus a lean ar aghaidh chuig deireadh 2020, ar an bpríomhuirlis airgeadais trína dtacaíonn an tAontas Eorpach le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha i mbeagnach gach disciplín eolaíochta. Cuireadh tús le Fís Eorpach in 2021 in ionad Fís 2020.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

